

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
29 Meitheamh 2013



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú “Eurodac” chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údarais forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórsála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais 1
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát 31

Praghas: EUR 4

GA

* Faoin tagairt L 180 a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) Uimh. 603/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 26 Meitheamh 2013

maidir le bunú “Eurodac” chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórsála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (athmhúnlú)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2)(e), Airteagal 87(2)(a) agus Airteagal 88(2)(a),

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Táthar chun roinnt athruithe substaintiúla a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 ón gComhairle an 11 Nollaig 2000 maidir le 'Eurodac' a bhunú chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath ⁽³⁾ a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus Rialachán (CE) Uimh. 407/2002 ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 lena leagtar síos rialacha áirithe chun Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le "Eurodac" a bhunú chun méarloirg

a chur i gcomparáid chun Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath ⁽⁴⁾ a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Ar mhaithe le soiléire, ba cheart na Rialacháin sin a athmhúnlú.

(2) Tá comhbheartas tearmainn, lena n-áirítear comhchóras Eorpach tearmainn, ina chuid de chuspóir an Aontais Eorpaigh an limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú de réir a chéile a bheadh ar oscailt dóibh siúd, nach bhfuil an dara rogha acu, a fhéachann le cosaint idirnáisiúnta a fháil san Aontas.

(3) Ghlac an Chomhairle Eorpach a tionóladh an 4 Samhain 2004 Clár na Háige inar leagadh síos na cuspóirí atá le cur chun feidhme sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais le linn na tréimhse 2005–2010. D'iarr an Comhaontú Eorpach um Inimirce agus Tearmann, a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 15–16 Deireadh Fómhair 2008, go gcuirfí bunú Comhchórais Eorpaigh Tearmainn i gcrích trí aon nós imeachta amháin a chruthú ina mbeadh rátháiochtaí comhchoiteanna agus stádas aonfhoirmeach do dhéanaithe agus do dhaoine atá i dteideal cosanta coimhdí.

(4) Chun críocha chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát ⁽⁵⁾, tá sé riachtanach céannacht a shuíomh i gcás iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus daoine a gabhadh maidir le teorainneacha seachtracha den Aontas

⁽¹⁾ IO C 92, 10.4.2010, lch. 1.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meitheamh 2013 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 20 Meitheamh 2013.

⁽³⁾ IO L 316, 15.12.2000, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 62, 5.3.2002, lch. 1.

⁽⁵⁾ Féach leathanach 31 den Iris Oifigiúil seo.

a thrasnú go neamhdhleathach. Tá sé inmhanaithe freisin, d'fhonn Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus go háirithe pointe Airteagal 18(1) (b) agus (d) de, cead a thabhairt do gach Ballstát seiceáil cibé an ndearna náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a fuarthas ag fanacht go neamhdhleathach ar a chríocha iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile nó nach ndearna.

- (5) Cuimsíonn méarloirg gné thábhachtach lena ndéantar céannacht bheacht daoine den sórt sin a shuíomh. Is gá córas a bhunú chun a gcuid sonraí méarlorg a chur i gcomparáid le chéile.
- (6) Chuige sin, ní mór córas a bhunú ar a dtabharfar 'Eurodac', ina mbeidh Lárchóras, a fheidhmeoidh bunachar sonraí lárnach ríomhairithe de shonraí méarlorg, chomh maith le bealach tarchurtha leictreonaigh idir na Ballstáit agus an Lárchóras, dá ngairtear an "Bonneagar Cumarsáide" anseo feasta.
- (7) I gClár na Háige, iarradh feabhas a chur ar an rochtain ar chórais um chomhdú sonraí san Aontas atá ann cheana. Ina theannta sin, iarradh i gClár Stóicólm go mbeadh an bailiú sonraí spriocdhírithithe go maith agus go bhforbrófaí malartú faisnéise agus a uirlisí de réir riachtanas forghníomhaithe dlí.
- (8) Tá sé fíor-riachtanach sa chomhrac i gcoinne cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile go mbeidh an fhaisnéis is iomláine agus is cothroime le dáta dá bhfuil ann ag na húdaráis forghníomhaithe dlí ionas go bhféadfaidh siad a gcúraimí a dhéanamh. Tá gá leis an bhfaisnéis atá ar fáil in Eurodac chun críocha cionta sceimhlitheoireachta amhail dá dtagraítear i gCinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le sceimhlitheoireacht a chomhrac ⁽¹⁾ nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile dá dtagraítear i gCinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit ⁽²⁾ a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Dá bhrí sin, ba cheart na sonraí atá in Eurodac a bheith ar fáil, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Rialachán seo, chun go bhféadfaidh údaráis ainmnithe na mBallstát agus an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) comparáid a dhéanamh eatarthu.
- (9) Ba cheart go mbeadh na cumhachtaí arna ndeonú d'údaráis forghníomhaithe dlí maidir le rochtain ar shonraí Eurodac gan dochar do cheart an iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta a iarratas a bheith próiseáilte in am trátha i gcomhréir leis an dlí ábhartha. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh aon obair leantach a dhéanfar ina dhiaidh sin tar éis 'amas' a fháil ar Eurodac gan dochar don cheart sin.
- (10) Ina theachtairacht chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 24 Samhain 2005 maidir le héifeachtacht fheabhsaithe, idir-inoibritheacht fheabhsaithe agus sineirgíochtaí idir bunachair sonraí

Eorpacha i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile, cuireann an Coimisiún in iúl go bhféadadh rochtain a bheith ag na húdaráis atá freagrach as slándáil inmheánach ar shonraí Eurodac i gcásanna a bheadh sainithe go maith, nuair atá amhras ann a bhfuil bunús tugtha leis go bhfuil déantóir ciona sceimhlitheoireachta nó déantóir ciona choiriúil thromchúisigh tar éis iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh. Sa Teachtaireacht sin chinn an Coimisiún, freisin, go gceanglaíonn prionsabal na coimhdeachta nach gceadófar Eurodac chun críocha den sórt sin ach amháin nuair atá leas sáraitheach maidir le slándáil phoiblí ann, eadhon, i gcás ina bhfuil an cion a rinne an coirpeach nó an sceimhlitheoir atáthar ag iarraidh a aithint chomh tromchúiseach sin go bhfuil údar maith le bunachar sonraí ina gcláraithear daoine gan taifead coiriúil a chuardach, agus chomh maith leis sin tháinig sé ar an gconclúid nach foláir an tairseach is infheidhme maidir le húdaráis um shlándáil inmheánach Eurodac a cheadú, nach foláir í a bheith i bhfad níos airde ná an tairseach is infheidhme maidir le bunachair sonraí choiriúla a cheadú.

- (11) Thairis sin, tá ról lárnach ag Europol sa chomhar idir údaráis na mBallstát i réimse an imscrúdaithe choiriúil trasteorann ó thaobh tacú le coireanna a chosc, a anailísíú agus a imscrúdú ar fud an Aontais. Dá thoradh sin, ba cheart rochtain a bheith ag Europol ar shonraí Eurodac faoi chuimsiú a chúraimí agus i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 2009/371/CGB ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) ⁽³⁾.
- (12) Níor cheart iarrataí a cheadú go ndéanfaidh Europol comparáid ar shonraí Eurodac ach i gcásanna sonracha amháin, de réir imthosca sonracha agus de réir coinníollacha diana.
- (13) Ós rud é gur bunaíodh Eurodac ar an gcéad dul síos chun cur i bhfeidhm Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a éascú, is ionann rochtain ar fhaisnéis Eurodac chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú agus athrú ar bhunchuspóir Eurodac, rud a chuireann isteach ar an gceart bunúsach maidir le saol príobháideach daoine aonair a bpróiseáiltear a sonraí pearsanta in Eurodac a urramú. Ní foláir aon chur féidir le daoine aonair a n-íompraíocht a choigeartú agus ní foláir dó daoine aonair a chosaint ar aon treallachas agus raon feidhme na lánrogha a bhronntar ar na húdaráis inniúla agus modh a fheidhmithe a léiriú ar bhealach soiléir a dhóthain. Aon chur isteach a dhéantar i sochaí dhaonlathach, ní foláir gá a bheith leis chun leas dlisteanach agus comhréireach a chosaint agus ní foláir é a bheith comhréireach leis an gcuspóir dlisteanach atáthar ag iarraidh a bhaint amach.
- (14) Cé nár ceanglaíodh le cuspóir bunúsach Eurodac go mbeadh an fhéidearthacht ann comparáidí idir sonraí agus an bunachar sonraí a iarraidh, bunaithe ar lorg neamhfhollass rud arb ionann é agus rian dachtalascópach

⁽¹⁾ IO L 164, 22.6.2002, lch. 3.

⁽²⁾ IO L 190, 18.7.2002, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 121, 15.5.2009, lch. 37.

is féidir a fháil ag láthair coire, is féidearthacht bhunriachtanach é i réimse an chomhair phóilíneachta. Maidir leis an bhféidearthacht sin lorg neamhfollas a chur i gcomparáid le sonraí méarlorg atá stóráilte in Eurodac i gcás ina mbeidh forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhféadfadh déantóir na coire nó an t-íospartach teacht faoi cheann amháin de na catagóirí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, beidh sí ina huirlis an-luachmhar ag údarais ainmnithe na mBallstát chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, mar shampla nuair nach bhfuil d'fhianaise le fáil ag an láthair coire ach loirg neamhfollasa.

- (15) Sa Rialachán seo leagtar síos freisin na coinníollacha faoinar cheart cead a thabhairt iarrataí a dhéanamh ar chomparáidí idir sonraí méarlorg agus sonraí Eurodac chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, agus leagtar síos ann freisin na cosaintí is gá lena áirithiú go gcosnófar an ceart bunúsach maidir le saol príobháideach daoine aonair a bhfuil a sonraí pearsanta próiseáilte in Eurodac a urramú. Léiríonn déine na gcoinníollacha seo go gcláraítear le bunachar sonraí Eurodac sonraí méarlorg daoine nach bhfuiltear a thiomnú ina leith go bhfuil cion sceimhlitheoireachta nó cion coiriúil tromchúiseach eile déanta acu.
- (16) D'fhonn cóir chomhionann a áirithiú dóibh siúd ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta iad agus do thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, agus d'fhonn comhsheasmhacht le acuis reatha an Aontais maidir le tearmann a áirithiú, go háirithe comhsheasmhacht le Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Nollaig 2011 maidir le caighdeán i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhéanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí agus inneachar na cosanta a thugtar⁽¹⁾ agus le Rialachán (CE) Uimh. 604/2013, is iomchuí raon feidhme an Rialachán seo a leathnú d'fhonn iarratasóirí ar chosaint choimhdeach agus daoine atá i dteideal cosanta coimhdí a chumhdach.
- (17) Is gá freisin a cheangal ar na Ballstáit go nglacfaidh siad agus go dtarchuirfidh siad go pras sonraí méarlorg gach iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta agus gach náisiúnaigh tríú tír nó duine gan stát a ghabhtar agus iad ag trasnú teorainn sheachtrach de chuid Ballstáit go mírialta, má tá siad ar a laghad 14 bliana d'aois.
- (18) Is gá rialacha beachta a leagan síos a bhaineann le tarchur sonraí méarlorg den sórt sin chuig an Lárchóras, sonraí méarlorg den sórt sin agus sonraí ábhartha eile sa Lárchóras a thaifeadh, a stóráil, an chomparáid a dhéantar idir iad agus sonraí méarlorg eile, torthaí comparáide den sórt sin a tharchur agus na sonraí taifeadta a mharcáil agus iad a scriosadh. D'fhéadfadh rialacha den sórt sin a bheith difriúil i gcás ina bhfuil

catagóirí difriúla de náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát i gceist, agus ba cheart sa chás sin iad a chur in oiriúint go sonrath dóibh.

- (19) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaí tarchur na sonraí méarlorg ar chaighdeán iomchuí chun críche comparáide tríd an gcóras aitheantais méarlorg ar an ríomhaire. Ba cheart do na húdarais uile ag a mbeidh ceart rochtana ar shonraí Eurodac infheistiú a dhéanamh in oiliúint leormhaith agus sa trealamh teicneolaíochta atá ag teastáil. Ba cheart do na húdarais ag a mbeidh ceart rochtana ar shonraí Eurodac an Ghníomhaireacht le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas mórscaála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011⁽²⁾ (an "Ghníomhaireacht") a chur ar an eolas faoi aon deacrachtaí sonracha maidir le cáilíocht sonraí sa chaoi go réiteofar na deacrachtaí sin.
- (20) Níor cheart go ndéanadh aon neamhfhéidearthacht shealadach nó bhuan sonraí méarlorg a ghlacadh agus/nó a tharchur, de bharr cúiseanna amhail cáilíocht neamhleur na sonraí chun comparáid iomchuí a dhéanamh, de bharr fadhbanna teicniúla, de bharr cúiseanna a bhaineann leis an tsláinte a chosaint nó de bharr nach bhfuil an duine is ábhar do na sonraí sláintiúil go leor nó ábalta go leor chun a mhéarlorg a bheith glactha de bharr imthosca nach bhfuil aon neart aige orthu, dochar don scrúdú a dhéantar ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh ag an duine sin ná dochar don chinneadh a nglacfar ina leith.
- (21) Ba cheart do shaineolaí méarlorg oilte na hamais a fhaightear ó Eurodac a fhíorú d'fhonn cinneadh cruinn maidir le freagracht a áirithiú faoi Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 agus sainaitheint bheacht an amhrastaigh choiriúil nó an íospartaigh choireachta a bhféadfadh a shonraí a bheith stóráilte in Eurodac a áirithiú.
- (22) D'fhéadfadh sé go mbeadh an rogha ag náisiúnaigh tríú tír nó ag daoine gan stát a d'iarr cosaint idirnáisiúnta i mBallstát amháin cosaint idirnáisiúnta a iarraidh i mBallstát eile ar feadh blianta fada ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh achar fada i gceist leis an uastréimhse inar cheart don Lárchóras sonraí méarlorg a choinneáil. Ag glacadh leis go mbeidh stádas lonnaithe nó fiú amháin saoránacht Ballstáit bainte amach ag formhór na náisiúnach tríú tír nó na ndaoine gan stát a d'fhan san Aontas ar feadh roinnt blianta i ndiaidh na tréimhse sin, ba cheart go ndéanfaí tréimhse deich mbliana a mheas mar thréimhse réasúnta chun sonraí méarlorg a stóráil.
- (23) Ba cheart an tréimhse stórála a bheith níos giorra i gcásanna speisialta áirithe i gcás nach bhfuil aon ghá sonraí méarlorg a choinneáil chomh fada sin. Ba cheart sonraí méarlorg a scriosadh chomh luath is a bhaineann náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát saoránacht Ballstáit amach.

⁽¹⁾ IO L 337, 20.12.2011, lch. 9.

⁽²⁾ IO L 286, 1.11.2011, lch. 1.

- (24) Is iomchuí na sonraí a stóráil a bhaineann leis na daoine sin ar taifeadadh a méarloirg i dtús báire in Eurodac nuair a thaisc siad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus dár deonaidh cosaint idirnáisiúnta i mBallstát, d'fhonn na sonraí sin a chur i gcomparáid leis na sonraí a thaifeadtar ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh.
- (25) Tá curtha de chúram ar an nGníomhaireacht cúraimí an Choimisiúin maidir le bainistiú oibríochtúil Eurodac i gcomhréir leis an Rialachán seo agus cúraimí áirithe a bhaineann leis an mBonneagar Cumarsáide amhail ón dáta a chuaigh an Gníomhaireacht i mbun a freagrachtaí an 1 Nollaig 2012. Ba cheart don Gníomhaireacht dul i mbun na gcúraimí a a thugtar ar iontaoibh di faoin Rialachán seo agus ba cheart forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 a leasú dá réir sin. Sa bhreis air sin, ba cheart stádas breathnóra a bheith ag Europol ag cruinnithe Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta, nuair atá ceist ar an gclár oibre i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le rochtain a bheith ar Eurodac ag údaráis ainmnithe Ballstát agus ag Europol chun na sonraí ann a cheadú chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Ba cheart go gceadófaí do Europol ionadaí a cheapadh chuig Grúpa Comhairleach Eurodac na Gníomhaireachta.
- (26) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (Rialachán Foirne Oifigigh) oifigigh agus coinníollacha fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh an (dá ngairtear le chéile na "Rialacha Foirne") a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68⁽¹⁾ ón gComhairle, maidir leis an bhfoireann uile atá ag obair sa Gníomhaireacht ar ábhair a bhaineann leis an Rialachán sin.
- (27) Is gá freagrachtaí faoi seach an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta maidir leis an Lárchóras agus leis an mBonneagar Cumarsáide, a leagan síos go soiléir chomh maith le freagrachtaí na mBallstát maidir le próiseáil sonraí, slándáil sonraí, rochtain ar shonraí taifeadta agus sonraí taifeadta a cheartú.
- (28) Is gá údaráis inniúla na mBallstát chomh maith leis an bPointe Rochtana Náisiúnta a ainmniú trína gcuirtear isteach na hiarrataí ar chomparáidí le sonraí Eurodac agus liosta a choimeád de na haonaid oibríochtúla laistigh de na húdaráis ainmnithe atá údaraithe an chomparáid sin a iarraidh chun críoch sonrach cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile.
- (29) Maidir le hiarrataí ar chomparáid le sonraí arna stóráil i Lárchóras Eurodac, ba cheart go ndéanadh na haonaid oibríochtúla laistigh de na húdaráis ainmnithe iad a chur chuig an bPointe Rochtana Náisiúnta, tríd an údarás fíoraithe agus ba cheart go mbeadh na hiarrataí sin réasúnaithe. Na haonaid oibríochtúla laistigh de na húdaráis ainmnithe atá údaraithe chun comparáidí le sonraí Eurodac a iarraidh, níor cheart go ngníomhódís mar údarás fíoraithe. Ba cheart go ngníomhódís na húdaráis fíoraithe go neamhspleách ar na húdaráis ainmnithe agus ba cheart go mbeadh siad freagrach, ar mhodh neamhspleách, as dianchomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le rochtain mar atá bunaithe sa Rialachán seo. Ansin ba cheart do na húdaráis fíoraithe an iarraidh ar chomparáid a chur ar aghaidh gan na cúiseanna atá leis a bheith ag gabháil leis, chuig Eurodac tríd an bPointe Rochtana Náisiúnta tar éis a fhíorú cé acu a comhlíonadh na coinníollacha uile maidir le rochtain nó nár comhlíonadh. I gcásanna eisceachtúla práinne inar gá rochtain luath a thabhairt chun freagairt do bhagairt shonrach iarbhír a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta nó le cionta coiriúla tromchúiseacha eile, ba cheart don údarás fíoraithe an iarraidh a phróiseáil láithreach agus gan an fíorú a dhéanamh go dtí go bhfuil sé sin déanta.
- (30) Féadfaidh an t-údarás ainmnithe agus an t-údarás fíoraithe a bheith páirteach san eagraíocht chéanna, má cheadaítear sin faoin dlí náisiúnta, ach ba cheart don údarás fíoraithe gníomhú go neamhspleách agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige faoin Rialachán seo.
- (31) Chun críocha sonraí pearsanta a chosaint, agus chun comparáidí córasacha a eisiáimh, ba cheart sonraí Eurodac a phróiseáil i gcásanna ar leith agus nuair is gá chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Cás ar leith is ea cás ina mbaineann an iarraidh ar chomparáid le cás sonrach nithiúil nó le dainséar sonrach nithiúil a bhaineann le cion sceimhlitheoireachta nó cion coiriúil tromchúiseach eile, nó le daoine sonracha a bhfuil forais thromchúiseacha ann ina leith lena chreidiúint go ndéanfaidh siad nó go ndearna siad cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile. Cás eile ar leith is ea cás ina mbaineann an iarraidh ar chomparáid le duine ar íospartach cionta sceimhlitheoireachta nó cionta choiriúil thromchúisigh eile é. Níor cheart d'údaráis ainmnithe ná do Europol comparáid le Eurodac a iarraidh ach amháin nuair atá forais réasúnacha ann lena chreidiúint go dtabharfaidh a leithéid de chomparáid faisnéis a chuideoidh leo go mór chun cion sceimhlitheoireachta nó cion coiriúil tromchúiseach eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.
- (32) Sa bhreis air sin, níor cheart rochtain a cheadú ach amháin ar choinníoll nach ndéanadh sna comparáidí le bunachair sonraí méarlorg náisiúnta agus le córais mhéarlorgaireachta uathoibríthe na mBallstát uile eile faoi Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac⁽²⁾, céannacht an duine is ábhar do na sonraí a shuíomh. Ceanglaítear ar an mBallstát a rinne an t-iarratas leis an gcoinníoll sin comparáidí a dhéanamh le córais mhéarlorgaireachta uathoibríthe na mBallstát uile eile faoi Chinneadh 2008/615/CGB, atá ar fáil go teicniúil, mura rud é gur féidir leo údar maith a thabhairt go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint nach suífí céannacht

⁽¹⁾ IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 210, 6.8.2008, lch 1.

an duine is ábhar do na sonraí mar thoradh ar an gcomparáid sin a dhéanamh. Bheadh na forais réasúnacha sin i gceist go háirithe sa chás nach ndéanfadh an cás sonrach aon nasc oibríochtúil ná imscrúdaitheach le Ballstát ar leith. Ceanglaítear leis an gcoinníoll seo go ndéanfaí Cinneadh 2008/615/CGB a chur chun feidhme go dlíthiúil agus go teicniúil i réimse na sonraí méarlorg roimh ré ag an mBallstát a rinne an t-iarratas ós rud é nár cheart go gceadófaí seiceáil Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí i gcás nach ndearnadh na bearta thuas ar dtús.

- (33) Sula ndéanfaidh siad Eurodac a chuardach, ba cheart d'údaráis ainmnithe, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha chun comparáid den sórt sin a dhéanamh, Córas Faisnéise Víosáí a cheadú i gcomhréir le Cinneadh 2008/633/CGB an 23 Meitheamh 2008 maidir le rochtain d'údaráis ainmnithe de chuid Ballstát agus Europol Córas Faisnéise Víosáí (VIS) a cheadú chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú⁽¹⁾.
- (34) Chun críche comparáid agus malartú éifeachtúil a dhéanamh ar shonraí pearsanta, ba cheart do na Ballstáit na comhaontuithe idirnáisiúnta láithreacha a chur chun feidhme go hiomlán agus a úsáid mar aon le dlí an Aontais maidir le sonraí pearsanta a mhalartú atá i bhfeidhm cheana féin, go háirithe Cinneadh 2008/615/CGB.
- (35) Ba cheart do Bhallstáit tús áite a thabhairt do leas an linbh agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. I gcás ina suíonn an Ballstát atá ag iarraidh sonraí Eurodac go mbaineann siad le mionaoiseach, ní féidir leis an mBallstát atá dá n-iarraidh na sonraí seo a úsáid ach amháin chun críocha forghníomhaithe dlí i gcomhréir le dlíthe an Stáit sin is infheidhme maidir le mionaóisigh agus i gcomhréir leis an oibleagáid tús áite a thabhairt do leas an linbh.
- (36) Cé go mbeidh dliteanas neamhchonarthach an Aontais i dtaca le feidhmiú chóras Eurodac faoi rialú ag forálacha ábhartha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), is gá rialacha sonracha a leagan síos do dhliteanas neamhchonarthach na mBallstát i dtaca le feidhmiú an chórais.
- (37) Ós rud é nach féidir cuspóir an Rialacháin seo, eadhon córas a chruthú chun comparáid a dhéanamh idir sonraí méarlorg chun cuidiú le cur chun feidhme bheartas tearmainn an Aontais, a bhaint amach go leordhóthanach ag na Ballstáit agus gur fearr dá bhrí sin is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le

prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

- (38) Maidir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le cosaint daoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht na sonraí sin⁽²⁾, tá feidhm aici maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann na Ballstáit arna déanamh chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, mura rud é gur údaráis ainmnithe nó fíoraithe na mBallstát a dhéanann an phróiseáil sin chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.
- (39) Ba cheart go mbeadh an phróiseáil a dhéanann údaráis Bhallstát ar shonraí pearsanta chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta tromchúiseacha coiriúla eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú faoi réir caighdeán cosanta sonraí i gcomhréir lena dhlí náisiúnta a chomhlíonann Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le cosaint sonraí pearsanta arna bpróiseáil faoi chuimsiú comhair póilíneachta agus comhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla⁽³⁾.
- (40) A mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil, ba cheart go soiléireofaí nó go bhforlíonfaí na prionsabail sin atá leagtha amach i dTreoir 95/46/CE maidir le cearta agus saoirse daoine aonair a chosaint, go mór mór an ceart chun príobháideachais, go háirithe i gcás earnálacha áirithe.
- (41) Ba cheart aistriú sonraí pearsanta a fuair Ballstát nó Europol de bhun an Rialacháin seo ón Lárchóraschuig aon tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta nó eintiteas príobháideach atá bunaithe san Aontas nó lasmuigh de a thoirmeasc chun an ceart chun tearmainn a áirithiú agus chun iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chosaint ar nochtadh a gcuid sonraí chuig aon tríú tír. Tugann an méid sin le fios nár cheart do Bhallstáit faisnéis a aistriú a fuarthas ón Lárchórasmaidir leis an méid seo a leanas: an Ballstát tionscnaimh/na Ballstáit tionscnaimh; áit agus an dáta don iarratas ar chosaint idirnáisiúnta; uimhir thagartha arna húsáid ag an mBallstát tionscnaimh; an dáta a tógadh na méarlorg mar aon leis an dáta a tharchuir an Ballstát/na Ballstáit na sonraí chuig Eurodac; uimhir aitheantais úsáideora an oibreora; agus aon fhaisnéis a bhaineann le haistriú an duine is ábhar do na sonraí faoi Rialachán (AE) Uimh. 604/2013. Ba cheart don toirmeasc sin bheith gan dochar do cheart na mBallstát na sonraí sin a aistriú chuig tríú tíortha a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 maidir leis, chun a áirithiú go mbeidh an fhéidearthacht ag na Ballstáit comhoibriú leis na tríú tíortha sin chun críocha an Rialacháin seo.

⁽²⁾ IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

⁽³⁾ IO L 350, 30.12.2008, lch. 60.

⁽¹⁾ IO L 218, 13.8.2008, lch. 129.

- (42) Ba cheart do na húdaráis maoirseachta náisiúnta faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht phróiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag na Ballstát, agus ba cheart don údarás maoirseachta arna bhunú ag Cinneadh Uimh. 2009/371/CGBfaireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht gníomhaíochtaí próiseála sonraí arna ndéanamh ag Europol.
- (43) Tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin⁽¹⁾ agus go háirithe Airteagal 21 agus Airteagal 22 de maidir le rúndacht agus slándáil próiseála, maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. Ba cheart pointí áirithe a shoiléiriú, áfach, maidir leis an bhfreagracht as próiseáil na sonraí agus as maoirseacht ar chosaint sonraí, á mheabhú gur fachtóir tábhachtach é cosaint sonraí i bhfeidhmiú rathúil Eurodac agus go bhfuil slándáil sonraí, ardcháilíocht theicniúil agus dlíthiúlacht ceaduithe riachtanach chun feidhmiú rianúil agus cuí Eurodac a áirithiú mar aon le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 604/2013;
- (44) Ba cheart go gcuirfí an duine is ábhar do na sonraí ar an eolas maidir leis an gcuspóir dá bpróiseálfar a shonraí laistigh de Eurodac, lena n-áirítear cur síos ar aidhmeanna Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 agus an úsáid a d'fhéadfadh údaráis forghníomhaithe dlí a bhaint as a shonraí nó a sonraí.
- (45) Is iomchuí go ndéanfaidh údaráis mhaoirseachta náisiúnta faireachán ar dhlíthiúlacht na próiseála a dhéanann na Ballstát ar shonraí pearsanta, agus ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, amhail dá dtagraítear in Airteagal 41 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001, faireachán a dhéanamh ar gníomhaíochtaí institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm.
- (46) Ba cheart do na Ballstát, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún a áirithiú go bhfuil na húdaráis maoirseachta náisiúnta agus Eorpacha in ann faireachán a dhéanamh go leordhóthanach ar úsáid agus ar rochtain ar shonraí Eurodac.
- (47) Is iomchuí faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú Eurodac go tráthrialta, lena n-áirítear maidir le cibé an ndéanadh idirdhealú go neamhdhíreach ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta de bharr rochtana forghníomhaithe dlí mar a ardaíodh i meastóireacht an Choimisiúin maidir le comhlíonadh an Rialacháin seo leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Cairt'). Ba cheart don Ghníomhaireacht tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le gníomhaíochtaí an Lárchórais.
- (48) Ba cheart go ndéanfaidh na Ballstát foráil do chóras pionós atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus a chuirfí i bhfeidhm i gcás phróiseáil na sonraí a iontráiltear sa Lárchóras ar bhealach atá i gcoinne chuspóir Eurodac.
- (49) Ní mór do na Ballstát a bheith ar an eolas faoin stádas atá ag nósanna imeachta tearmainn áirithe, d'fhonn cur i bhfeidhm ceart Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 a éascú.
- (50) Urramaítear sa Rialachán seo na cearta bunúsacha agus cloítear ann leis na prionsabail a aithnítear sa Chairt go háirithe. Féachtar sa Rialachán seo go háirithe le háirithiú go n-urramófar go hiomlán cosaint sonraí pearsanta agus an ceart chun cosaint idirnáisiúnta a iarraidh. Airteagal 8 agus Airteagal 18 den Chairt. Ba cheart an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ag na Ballstát i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.
- (51) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal le CAE agus le CFAE, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal ar an Danmhairg ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (52) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE., [tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (53) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótocal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl an Rialachán seo ina cheangal uirthi ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (54) Is iomchuí raon feidhme críochach an Rialacháin seo a theorannú ionas go luífidh sé le raon feidhme críochach Rialachán (CE) Uimh 604/2013,

⁽¹⁾ IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Cuspóir 'Eurodac'

1. Bunaítear leis seo córas ar a dtabharfar "Eurodac" a mbeidh sé mar chuspóir aige a bheith ina chúnamh nuair a chinnfear an Ballstát atá freagrach, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus, chomh maith leis sin, cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 a éascú faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo.

2. Leagtar síos freisin leis an Rialachán seo na coinníollacha faoina bhféadfaidh údaráis ainmnithe Ballstát agus an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) sonraí méarlorg a chur i gcomparáid leis na sonraí atá stóráilte sa Lárchóras a iarraidh chun críocha forfheidhmithe dlí.

3. Gan dochar do phróiseáil sonraí atá beartaithe do Eurodac ag an mBallstát tionscnaimh i mbunú bunachar sonraí faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin, ní fhéadfar sonraí méarlorg agus sonraí pearsanta eile a phróiseáil in Eurodac ach amháin chun na gcríoch atá leagtha amach sa Rialachán seo agus in Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013.

Airteagal 2

Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo:

(a) ciallaíonn 'iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta' náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(h) de Threoir 2011/95/AE agus nach bhfuil cinneadh deiridh déanta ina leith go fóill;

(b) ciallaíonn 'Ballstát tionscnaimh':

(i) maidir le duine arna chumhdach ag Airteagal 9(1), an Ballstát a tharchuireann na sonraí pearsanta chuig an Lárchóras agus a fhaigheann torthaí na comparáide;

(ii) maidir le duine arna chumhdach ag Airteagal 14(1), an Ballstát a tharchuireann na sonraí pearsanta chuig an Lárchóras;

(iii) maidir le duine arna chumhdach ag Airteagal 17(1), an Ballstát a tharchuireann na sonraí pearsanta chuig an Lárchóras agus a fhaigheann torthaí na comparáide;

(c) ciallaíonn 'tairbhí de chosaint idirnáisiúnta' náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ar deonáíodh cosaint idirnáisiúnta dó arna sainmhíniú in 'Airteagal 2(a) de Threoir 2011/95/AE;

(d) ciallaíonn 'amas' meaitseáil nó meaitseálacha a fhaigheann an Lárchóras trí chomparáid a dhéanamh idir sonraí méarlorg arna dtaifeadh sa bhunachar sonraí lárnach ríomhairithe agus iad sin arna dtarchur ag Ballstát maidir le duine, gan dochar don cheanglas go seiceálfaidh Ballstáit láithreach torthaí na comparáide de bhun Airteagal 25(4);

(e) ciallaíonn 'Pointe Rochtana Náisiúnta' an córas náisiúnta ainmnithe a dhéanann cumarsáid leis an Lárchóras;

(f) ciallaíonn 'Gníomhaireacht' an Gníomhaireacht arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011;

(g) ciallaíonn 'Europol' an Oifig Eorpach Póilíní arna bunú le Cinneadh 2009/371/CGB;

(h) ciallaíonn 'sonraí Eurodac' na sonraí méarloirg uile atá stóráilte sa Lárchóras i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 14(2);

(i) ciallaíonn 'forghníomhú dlí' cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;

(j) ciallaíonn 'cionta sceimhlitheoireachta' na cionta faoin dlí náisiúnta a chomhfhreagraíonn do na cionta dá dtagraítear in Airteagal 1 go 4 de Chinneadh Réime 2002/475/CGB nó atá comhionann leo;

(k) ciallaíonn 'cionta coiriúla tromchúiseacha' na foirmeacha coireachta a chomhfhreagraíonn do na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, nó atá comhionann leo, má tá siad inphionóis faoin dlí náisiúnta le pianbhreith coimeáda nó le hordú coinneála go ceann uastréimhse de thrí bliana ar a laghad faoin dlí náisiúnta;

(l) ciallaíonn 'sonraí méarlorg' na sonraí a bhaineann le méarloirg na méar uile nó ar a laghad le méarloirg na gcorrmhéar, agus má tá siad sin in easnamh, méarloirg mhéara eile uile an duine, nó lorg neamhfholas.

2. Beidh an chiall chéanna leis na téarmaí atá sainmhínithe in Airteagal 2 de Threoir 95/46/CE sa Rialachán seo ach amháin má dhéanann údaráis na mBallstát na sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1) den Rialachán seo.

3. Mura luaitear a mhalairt, beidh an chiall chéanna sa Rialachán seo ag na téarmaí arna sainmhíniú in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 604/2013.

4. An chiall atá leis na téarmaí atá sainmhínithe in Airteagal 2 de Threoir Réime 2008/977/CGB, beidh an chiall chéanna leo sa Rialachán seo a mhéid a dhéanann údaráis na mBallstát na sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2) den Rialachán seo.

Airteagal 3

Struchtúr an Lárchórais agus a bhunphrionsabail

1. Is éard a bheidh in Eurodac:
 - (a) bunachar sonraí méarlorg lárnach ríomhairithe ("Lárchóras") ina mbeidh
 - (i) Aonad Lárnach,
 - (ii) Plean agus Córas Leanúnachais Gnó;
 - (b) bonneagar cumarsáide idir an Lárchóras agus na Ballstáit a sholáthraíonn líonra fíorúil criptithe tiomnaithe do shonraí Eurodac ("Bonneagar Cumarsáide").
2. Beidh Pointe Rochtana Náisiúnta aonair ag gach Ballstát.
3. Déanfar sonraí ar dhaoine arna bpróiseáil ag Airteagal 9(1), ag Airteagal 14(1) agus ag Airteagal 17(1) a phróiseáil sa Lárchóras a phróiseáil thar ceann an Bhallstáit tionscnaimh faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus a scaradh trí mhodhanna teicniúla cúí.
4. Beidh feidhm leis na rialacha a rialaíonn Eurodac freisin i gcás oibríochtúlaí a dhéanann Ballstáit ó tharchur sonraí chuig an Lárchóras go dtí go mbaintear úsáid as torthaí na comparáide.
5. Déanfar an nós imeachta maidir le méarloirg a thógáil a chinneadh agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le cleachtas náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann agus i gcomhréir leis

na coimircí atá leagtha síos i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Airteagal 4

Bainistiú oibríochtúil

1. Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as bainistiú oibríochtúil Eurodac.

Is éard a bheidh i mbainistíocht oibríochtúil Eurodac na cúraimí go léir a bheidh riachtanach chun Eurodac a choinneáil ag feidhmiú 24 huairé an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n-áirítear an obair chothabhála agus na forbairtí teicniúla a bheidh riachtanach chun a áirithiú go mbeidh an córas ag feidhmiú ar leibhéal sásúil cáilíochta oibríochtúla, go háirithe maidir leis an méid ama a bheidh de dhíth chun an Lárchóras a cheadú. Forbrófar Plean Leanúnachais Gnó agus riachtanais cothabhála agus aga neamhfhónaimh gan choinne an chórais á gcur san áireamh, lena n-áirítear tionchar bhearta leanúnachais gnó ar chosaint sonraí agus ar shlándáil.

Áiritheoidh an Ghníomhaireacht, i gcomhar leis na Ballstáit, go n-úsáidfeadh le haghaidh an Lárchórais an teicneolaíocht agus na teicnící is fearr agus is sláine dá bhfuil ar fáil i gcónaí, faoi réir anailise costais agus tairbhe.

2. Beidh an Ghníomhaireacht freagrach freisin as na cúraimí seo a leanas a bhaineann leis an mBonneagar Cumarsáide:

- (a) maoirseacht;
 - (b) slándáil;
 - (c) comhordú an chaidrimh idir na Ballstáit agus an soláthraí.
3. Beidh an Coimisiún freagrach as gach cúram eile a bhaineann leis an mBonneagar Cumarsáide, cé is moite de na cúraimí dá dtagraítear i mír 2, go háirithe:

- (a) cur chun feidhme an bhuiséid;
- (b) fáil agus athnuachan;
- (c) ábhair chonartha.

4. Gan dochar d'Airteagal 17 de na Rialacháin Foirne, cuirfidh an Ghníomhaireacht rialacha iomchuí rúndachta gairmiúla nó oibleagáidí coibhéiseacha eile rúndachta i bhfeidhm maidir lena baill foirne ar fad ar gá dóibh oibriú le sonraí Eurodac. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin chomh maith tar éis do na baill foirne sin imeacht as oifig nó scor den fhostaíocht nó tar éis fhoirceannadh a gcúraimí.

Airteagal 5

Udaráis Ainmnithe Ballstát chun críocha forghníomhaithe dlí

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2), ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis atá údaraithe comparáidí le sonraí Eurodac a iarraidh de bhun an Rialacháin seo. Is iad na húdaráis ainmnithe údaráis na mBallstát atá freagrach as cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Ní áireofar ar údaráis ainmnithe gníomhaireachtaí ná aonaid atá freagrach go heisiach as faisnéis a bhaineann le slándáil náisiúnta.

2. Coimeádfaidh gach Ballstát liosta de na húdaráis ainmnithe.

3. Coimeádfaidh gach Ballstát liosta de na haonaid oibríochtúla laistigh de na húdaráis ainmnithe atá údaraithe comparáidí le sonraí Eurodac a iarraidh tríd an bPointe Rochtana Náisiúnta.

Airteagal 6

Udaráis fíoraithe Ballstát chun críocha forghníomhaithe dlí

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2), ainmneoidh gach Ballstát údarás náisiúnta aonair nó aonad den údarás sin chun gníomhú mar údarás fíoraithe aige. Is iad na húdaráis fíoraithe údaráis na mBallstát atá freagrach as cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

Féadfaidh an t-údarás ainmnithe agus an t-údarás fíoraithe a bheith páirteach san eagraíocht chéanna, má cheadaítear sin faoin dlí náisiúnta, ach gníomhóidh an t-údarás fíoraithe go neamhspleách agus a gcúraimí faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh aige. Beidh an t-údarás fíoraithe ar leithligh ó na haonaid oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 5(3) agus ní bhfaighidh siad teoracha uathu maidir le toradh an fhíoraithe.

Féadfaidh na Ballstáit níos mó ná aon údarás fíoraithe amháin a ainmniú ag brath ar a struchtúir eagraíochtúla agus riaracháin, i gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla nó dhlíthiúla.

2. Áiritheoidh an t-údarás fíoraithe go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le méarloirg a chur i gcomparáid le sonraí Eurodac a iarraidh.

Is í an fhoireann ar tugadh an chumhacht chuí di agus í sin amháin a bheidh údaraithe iarraidh a ghlacadh le haghaidh rochtana ar shonraí Eurodac i gcomhréir le hAirteagal 19.

Ní údarófar ach an t-údarás fíoraithe chun iarataí ar chomparáidí méarlorg a chur ar aghaidh chuig an bPointe Rochtana Náisiúnta.

Airteagal 7

Europol

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2), ainmneoidh Europol aonad speisialaithe, ina mbeidh oifigigh de chuid Europol ar tugadh an chumhacht chuí dóibh, chun gníomhú mar údarás fíoraithe aige, arb aonad é a gníomhóidh go neamhspleách ar an údarás ainmnithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, agus a gcúraimí faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh aige agus ní bhfaighidh sé teoracha ón údarás ainmnithe maidir le toradh an fhíoraithe. Áiritheoidh an t-aonad seo go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le méarloirg a chur i gcomparáid le sonraí Eurodac a iarraidh. Ainmneoidh Europol, i gcomhaontú le haon Bhallstát, Pointe Rochtana Náisiúnta an Bhallstáit sin a chuirfidh a iarataí ar shonraí méarlorg chuig an Lárchóras.

2. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2), ainmneoidh Europol aonad oibríochtúil atá údaraithe chun comparáidí le sonraí Eurodac a iarraidh trína Phointe Rochtana Náisiúnta. Is aonad oibríochtúil de chuid Europol a bheidh san údarás ainmnithe atá inniúil faisnéis a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil, a ainlísíú agus a aistriú chun gníomhaíocht na mBallstát a thacú agus a threisiú i gcionta sceimhlitheoireachta nó cionta tromchúiseacha a thagann faoi shainordú Europol a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

Airteagal 8

Staidreamh

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht staidreamh maidir le hobair an Lárchórais gach ráithe, ag tabhairt le fios go háirithe:

(a) líon na dtacar sonraí a tharchuirtear i dtaobh na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 9(1), in Airteagal 14(1) agus in Airteagal 17(1);

(b) líon na n-amas d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a thaisc iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile;

(c) líon na n-amas do dhaoine dá dtagraítear in Airteagal 14(1) a thaisc iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ina dhiaidh sin;

- (d) líon na n-amas do dhaoine dá dtagraítear in Airteagal 17(1) a thaisc iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile roimhe sin;
- (e) líon na sonraí méarlorg arbh éigean don Lárchóras a iarraidh níos mó ná uair amháin ó na Ballstáit tionscnaimh toisc nárbh fhéidir na sonraí méarlorg a tarchuireadh ar dtús a úsáid i gcomhair comparáide ag úsáid an chórais aitheantais méarloirg ar ríomhaire;
- (f) líon na dtacar sonraí arna marcáil, arna ndímharcáil, arna mblocáil agus arna ndíbhlocáil i gcomhréir le hAirteagal 18(1) agus (3);
- (g) líon na n-amas do dhaoine dá dtagraítear in Airteagal 18(1) a bhfuil amais taifeadta dóibh faoi phointe(b) agus faoi phointe (d) den Airteagal seo.
- (h) líon na n-iarrataí agus na n-amas dá dtagraítear in Airteagal 20(1);
- (i) líon na n-iarrataí agus na n-amas dá dtagraítear in Airteagal 21(1);

2. Ag deireadh gach bliana, bunófar sonraí staitistiúla i bhfoirm tiomsaithe de na staitisticí ráithiúla don bhliain sin, lena n-áirítear tasc ar líon na ndaoine a bhfuil amais taifeadta dóibh faoi mhír 1(b), (c) agus (d). Beidh miondealú ar shonraí gach Ballstáit sa staidreamh. Déanfar na torthaí a phoibliú.

CAIBIDIL II

IARRATASÓIRÍ AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA

Airteagal 9

Méarloirg a bhailiú, a tharchur agus a chur i gcomparáid

1. Tógfaidh gach Ballstát go pras méarloirg ó mhéara uile gach iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta atá 14 bliana d'aois ar a laghad agus tarchuirfidh sé iad a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna shainmhíniú in Airteagal 20(2) de Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 a thaisceadh, mar aon leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 11(b) go (g) den Rialachán seo, chuig an Lárchóras.

Fiú amháin mura gcomhlíontar an teorainn ama 72 uair an chloig, tá an oibleagáid fós ar na Ballstáit na méarloirg a thógáil agus a tharchur chuig an Lárchóras. I gcás ina bhfágann an bhail atá ar bharr na méar nach féidir méarloirg a thógáil ar chaighdeán atá oiriúnach chun comparáid iomchuí a dhéanamh faoi Airteagal 25, tógfaidh an Ballstát tionscnaimh méarloirg an iarratasóra arís agus cuirfear ar aghaidh arís iad a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 48 n-uaire a chloig tar éis iad a athógáil go rathúil.

2. De mhaolú ar mhír 1, mura féidir méarloirg iarratasóra a thógáil de bharr bearta a glacadh ar mhaithe le sláinte an iarratasóra nó ar mhaithe le cosaint na sláinte poiblí, tógfaidh

na Ballstáit na méarloirg sin agus cuirfidh siad ar aghaidh iad a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 48 n-uaire an chloig tar éis deireadh a bheith leis na forais sláinte sin.

I gcás fadhbanna teicniúla tromchúiseacha a bheith ann, féadfaidh na Ballstáit uasmhéid 48 n-uair an chloig a chur leis an teorainn ama 72 uair an chloig bunaidh i mír 1 chun na pleananna leanúnachais náisiúnta a chur i bhfeidhm.

3. Déanfar comparáid go huathoibríoch idir sonraí méarlorg de réir bhrí Airteagal 11(a), arna dtarchur ag aon Bhallstát, ach amháin na sonraí sin a tarchuireadh i gcomhréir le hAirteagal 10(b), agus sonraí méarlorg arna dtarchur ag Ballstáit eile agus atá stóráilte cheana féin sa Lárchóras.

4. Áiritheoidh an Lárchóras, arna iarraidh sin ag Ballstát, go gclúdódh an chomparáid dá dtagraítear i mír 3 na sonraí méarlorg a tharchuir an Ballstát sin roimhe seo, mar aon leis na sonraí ó Bhallstáit eile.

5. Tarchuirfidh an Lárchóras an t-amas nó toradh diúltach na comparáide chuig an mBallstát tionscnaimh go huathoibríoch. I gcás amas a bheith ann, tarchuirfidh sé, i gcás gach tacar sonraí a chomhfhreagraíonn don amas, na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a) go (k) d'Airteagal 11 mar aon leis an marc dá dtagraítear in Airteagal 18(1), i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 10

Faisnéis faoi stádas an duine is ábhar do na sonraí

Cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar aghaidh chuig an Lárchóras chun í a stóráil i gcomhréir le hAirteagal 12 chun críche tarchurtha faoi Airteagal 9(5):

- (a) nuair a thagann iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta nó duine eile amháil dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(d) de Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 i dtír sa Bhallstát freagrach i ndiaidh aistriú de bhun cinnidh lena nglactar le hiarraidh an duine sin é/í a thógáil ar ais, amháil dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán (CE) Uimh. 604/2013, nuashonróidh an Ballstát freagrach a thacar sonraí, arna thaifeadadh i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán seo, a bhaineann leis an duine ábhartha, trí dháta a theacht nó a teacht i dtír a chur leis an tacar;
- (b) nuair a thagann iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta i dtír sa Bhallstát freagrach i ndiaidh aistriú de bhun cinnidh á ghlacadh le hiarraidh é/í a ghabháil ar lámh i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 604/2013, seolfaidh an Ballstát freagrach, i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán seo, tacar sonraí a bhaineann leis an duine lena mbaineann agus beidh sa tacar sin dáta a theacht nó a teacht i dtír;

- (c) a luaithe is féidir leis an mBallstát tionscnaimh a shuíomh go bhfuil an duine ábhartha, ar taifeadadh a shonraí in EURODAC i gcomhréir le hAirteagal 11, imithe ó chríoch na mBallstát, nuashonróidh sé a thacar sonraí, arna thaifeadadh i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán seo, a bhaineann leis an duine ábhartha, trí dháta imeachta an duine sin ón gcríoch a chur leis an tacar, chun cur i bhfeidhm Airteagal 19(2) agus Airteagal 20(5) de Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 a éascú;
- (d) a luaithe a dhearbhaíonn an Ballstát tionscnaimh go bhfuil an duine ábhartha ar taifeadadh a shonraí in EURODAC i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán seo imithe ó chríoch na mBallstát i gcomhréir le cinneadh maidir le filladh nó ordú aistriúcháin a d'eisigh an Ballstát tionscnaimh tar éis an t-iarratas, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 a tharraingt siar nó a dhiúltú, nuashonróidh sé an tacar sonraí, arna thaifeadadh i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán seo, a bhaineann leis an duine ábhartha, trí dháta aistriúcháin an duine nó an dáta ar fhág sé nó sí an chríoch a chur leis an tacar;
- (e) nuashonróidh an Ballstát thagann chun bheith freagrach i gcomhréir le hAirteagal 17(1) de Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 an tacar sonraí, arna thaifeadadh i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán seo, a bhaineann leis an iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta, tríd an dáta ar cinneadh an t-iarratas a scrúdú a chur leis an tacar.

Airteagal 11

Sonraí a thaifeadadh

Ní dhéanfar ach na sonraí seo a leanas a thaifeadadh sa Lárchóras:

- (a) sonraí méarlorg;
- (b) an Ballstát tionscnaimh, ionad agus dáta an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta; sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 10(b), is é dáta an iarratais an dáta arna chur isteach ag an mBallstát a d'aistriú an t-iarratasóir;
- (c) inscne;
- (d) uimhir thagartha arna húsáid ag an mBallstát tionscnaimh;
- (e) an dáta ar tógadh na méarlorg;
- (f) an dáta ar tar-chuireadh na sonraí chuig an Lárchóras;
- (g) aitheantas úsáideora an oibreora.
- (h) i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 10(a) nó (b), dáta theacht i dtír an duine lena mbaineann tar éis aistriú rathúil;

- (i) i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 10(c), an dáta ar fhág an duine lena mbaineann críoch na mBallstát;
- (j) i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 10(d), an dáta ar fhág an duine lena mbaineann críoch na mBallstát nó an dáta ar aistríodh as an gcríoch é;
- (k) i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 10(e), an dáta ar cinneadh an t-iarratas a scrúdú.

Airteagal 12

Stóráil sonraí

1. Stórálfar gach tacar sonraí, amhail dá dtagraítear in Airteagal 11, sa Lárchóras go ceann deich mbliana ón dáta ar tógadh na méarlorg.

2. A luaithe is a rachaidh an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 in éag, scriosfaidh an Lárchóras na sonraí go huathoibríoch ón Lárchóras.

Airteagal 13

Luathscriosadh sonraí

1. Déanfar sonraí a bhaineann le duine a bhain saoránacht amach ó aon Bhallstát roimh dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 12(1) a scriosadh ón Lárchóras, i gcomhréir le hAirteagal 27(4), a luaithe a fhaigheann an Ballstát tionscnaimh amach go bhfuil saoránacht den sórt sin faighte ag an duine lena mbaineann.

2. cuirfidh an Lárchóras gach Ballstát tionscnaimh ar an eolas a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná tar éis 72 uair go bhfuil sonraí scríosta ag Ballstát tionscnaimh eile ar an gcúis atá sonraithe i mír 1, i ndiaidh dó toradh dearfach a fháil ar shonraí a chuardach, ar sonraí iad a tharchuir na Ballstáit tionscnaimh go léir agus a bhaineann le daoine dá dtagraítear in Airteagal 9(1) nó in Airteagal 14(1).

CAIBIDIL III

NÁISIÚNAIGH TRÍÚ TÍR NÓ DAOINE GAN STÁT A GHABHTAR MAIDIR LE TEORAINN SHEACHTRACH A THRASNÚ GO MÍRIALTA

Airteagal 14

Sonraí méarlorg a bhailiú agus a tharchur

1. Tógfaidh gach Ballstát méarlorg go pras ó mhéara uile gach náisiúnach tríú tír nó gach duine gan stát atá 14 bliana d'aois ar a laghad a ghabhann na húdaráis rialaithe inniúla maidir le trasnú mírialta a dhéanamh ar thalamh, ar muir nó san aer ar theorainn an Bhallstáit sin, ar duine é atá tagtha as tríú tír agus nár seoladh ar ais é nó atá fós i láthair go fisiciúil ar chríoch na mBallstát agus nach bhfuil faoi choimeád, faoi ghaibhniú nó faoi choinneáil le linn na tréimhse ar fad idir an t-am a ghabhtar é agus a chuirtear den chríoch é ar bhonn an chinnidh é nó í a chur ar ais.

2. Tarchuirfidh an Ballstát lena mbaineann a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis an dáta gabhála na sonraí seo a leanas chuig an Lárchóras maidir le haon náisiúnach tríú tír nó duine gan stát, amhail dá dtagraítear i mír 1, nach gcuirtear ar ais:

- (a) sonraí méarlorg;
- (b) an Ballstát tionscnaimh, ionad agus dáta na gabhála;
- (c) inscne;
- (d) uimhir thagartha arna húsáid ag an mBallstát tionscnaimh;
- (e) an dáta ar tógadh na méarloirg;
- (f) an dáta ar tarchuireadh na sonraí chuig an Lárchóras;
- (g) aitheantas úsáideora an oibreora.

3. De mhaolú ar mhír 2, maidir leis na sonraí arna sonrú i mír 2 a bhaineann le daoine a ghabhtar mar a luaitear i mír 1 agus atá fós i láthair go fisiciúil ar chríoch na mBallstát ach atá faoi choimeád, faoi ghaibhniú nó faoi choinneáil tar éis a ngabhála ar feadh tréimhse níos faide ná 72 uair an chloig, tarchuirfead iad sula scaoilfead ó choimeád, ó ghaibhniú nó ó choinneáil na daoine sin.

4. Fiú amháin mura gcomhlíontar an teorainn ama 72 uair an chloig dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, beidh an oibleagáid fós ar na Ballstáit na méarloirg a thógáil agus a tharchur chuig an Lárchóras. I gcás ina bhfágann an bhail atá ar bharr na méar nach féidir na méarloirg a thógáil ar chaighdeán atá oiriúnach chun comparáid iomchuí a dhéanamh faoi Airteagal 25, tógfaidh an Ballstát tionscnaimh méarloirg an duine sin arís mar a luaitear i mír 1 den Airteagal seo agus cuirfead ar aghaidh arís iad a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis iad a thógáil go rathúil.

5. De mhaolú ar mhír 1, mura féidir méarloirg an duine dá dtagraítear i mír 1 a thógáil de bharr bearta a glacadh ar mhaithe le sláinte an duine sin nó ar mhaithe le cosaint na sláinte poiblí, tógfaidh an Ballstát lena mbaineann na méarloirg agus cuirfidh siad méarloirg an duine sin ar aghaidh a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis deireadh a bheith curtha leis na forais sláinte sin.

I gcás fadhbanna teicniúla tromchúiseacha a bheith ann, féadfaidh na Ballstáit uasmhéid 48 n-uair an chloig a chur leis an teorainn ama 72 uair an chloig i mír 2 chun na pleannanna leanúnachais náisiúnta a chur i bhfeidhm.

Airteagal 15

Sonraí a thaifeadadh

1. Déanfar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(2) a thaifeadadh sa Lárchóras.

Gan dochar d'Airteagal 8, déanfar sonraí arna dtarchur chuig an Lárchóras de bhun Airteagal 14(2) a thaifeadadh chun críche comparáid a dhéanamh idir iad agus sonraí faoi iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta amháin agus chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2) arna dtarchur ina dhiaidh sin chuig an Lárchóras.

Ní chuirfidh an Lárchóras sonraí arna dtarchur chuige de bhun Airteagal 14(2) i gcomparáid le haon sonraí eile arna dtaifeadadh roimhe sin sa Lárchóras, ná le sonraí arna dtarchur ina dhiaidh sin chuig an Lárchóras de bhun Airteagal 14(2).

2. Maidir le sonraí iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta arna dtarchur chuig an Lárchóras ina dhiaidh sin a chur i gcomparáid leis na sonraí dá dtagraítear i mír 1, beidh feidhm ag na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 9(3) agus (5) agus in Airteagal 25(4).

Airteagal 16

Sonraí a stóráil

1. Stórálfar gach tacar sonraí a bhaineann le náisiúnach tríú tír nó duine gan stát amhail dá dtagraítear in Airteagal 14(1) sa Lárchóras ar feadh 18 mí ón dáta ar tógadh a mhéarloirg nó a méarloirg. Ar dhul in éag don tréimhse sin, scriosfaidh an Lárchóras sonraí den sórt sin go huathoibríoch.

2. Scriosfar sonraí a bhaineann le náisiúnach tríú tír nó duine gan stát amhail dá dtagraítear in Airteagal 14(1) ón Lárchóras i gcomhréir le hAirteagal 28(3) a luaithe agus a fhaigheann an Ballstát tionscnaimh eolas faoi cheann de na himthosca seo a leanas sula dtéann an tréimhse 18 mí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo in éag:

- (a) eisíodh doiciméad cónaithe don náisiúnach tríú tír nó don duine gan stát;
- (b) d'fhág an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát críoch na mBallstát;

(c) fuair an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát saoránacht aon Bhallstáit.

3. Cuirfidh an Lárchóras gach Ballstát tionscnaimh ar an eolas a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná tar éis 72 uair an chloig go bhfuil sonraí scríosta ar an gcúis atá sonraithe i mír 2(a) nó (b) den Airteagal seo, nó go bhfuil siad scríosta ag Ballstát tionscnaimh eile i ndiaidh dó amas a fháil ar shonraí a chuardach, ar sonraí iad a tharchuir na Ballstáit tionscnaimh go léir agus a bhaineann le daoine dá dtagraítear in Airteagal 14(1).

4. Cuirfidh an Lárchóras gach Ballstát tionscnaimh ar an eolas a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná tar éis 72 uair an chloig go bhfuil sonraí scríosta ag Ballstát tionscnaimh eile ar an gcúis atá sonraithe i mír 2(c) den Airteagal seo, i ndiaidh dó toradh dearfach a fháil ar shonraí a chuardach, ar sonraí iad a tharchuir na Ballstáit tionscnaimh go léir agus a bhaineann le daoine dá dtagraítear in Airteagal 9(1) nó in Airteagal 14(1).

CAIBIDIL IV

NÁISIÚNAIGH TRÍÚ TÍR NÓ DAOINE GAN STÁT A FHAIGHTEAR A BHEITH AG FANACHT GO NEAMHDHLEATHACH I mBALLSTÁT

Airteagal 17

Sonraí méarlorg a chur i gcomparáid lena chéile

1. D'fhonn a sheiceáil an ndearna náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a fuarthas a bheith ag fanacht go neamhdhleathach laistigh de chríoch Ballstáit, an ndearna sé iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile roimhe sin, féadfaidh Ballstát sonraí méarlorg a tharchur chuig an Lárchóras, ar sonraí iad a bhaineann le méarloing a d'fhéadfadh a bheith tógtha aige d'aon náisiúnach tríú tír nó duine gan stát den sórt sin atá 14 bliana d'aois ar a laghad, mar aon leis an uimhir thagartha arna húsáid ag an mBallstát sin.

Mar riail ghinearálta, bíonn forais ann le seiceáil ar thaisc an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile roimhe sin sna cásanna seo a leanas:

- (a) dhearbhaigh an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát gur thaisc sé iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ach níor thug sé le fios cén Ballstát inar thaisc sé/sí an t-iarratas;
- (b) ní iarrann an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát cosaint idirnáisiúnta ach cuireann sé i gcoinne é a sheoladh ar ais chuig a thír tionscnaimh trí éileamh a dhéanamh go mbeadh sé i gcontúirt, nó
- (c) féachann an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát seachas sin le cosc a chur ar a sheoladh ar ais trí dhiúltú comhoibriú lena chéannacht a shuíomh, go háirithe trí pháipéir chéannachta bhréagacha a thaispeáint, nó gan aon chinn a thaispeáint.

2. I gcás ina bhfuil Ballstáit páirteach sa nós imeachta dá dtagraítear i mír 1, tarchuirfidh siad chuig an Lárchóras na sonraí méarlorg a bhaineann leis na méara ar fad nó leis na corrmhéara ar a laghad, agus, má tá siad sin ar iarraidh, méarloing gach méire eile, de chuid náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát dá dtagraítear i mír 1.

3. Tarchuirfear sonraí méarlorg náisiúnaigh tríú tír nó duine gan stát amháil dá dtagraítear i mír 1 chuig an Lárchóras chun críche comparáid a dhéanamh idir iad agus sonraí méarlorg iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta arna dtarchur ag Ballstáit eile agus atá taifeadta cheana féin sa Lárchóras, agus is chun na críche sin amháin.

Ní dhéanfar sonraí méarlorg náisiúnaigh tríú tír nó duine gan stát den sórt sin a thaifeadadh sa Lárchóras, ná ní chuirfear iad i gcomparáid leis na sonraí arna dtarchur chuig an Lárchóras de bhun Airteagal 14(2).

4. A luaithe a bheidh torthaí na comparáide idir na sonraí méarlorg tarchurtha chuig an mBallstát tionscnaimh, ní dhéanfaidh an Lárchóras taifead na gcuardach a choimeád ach amháin chun críocha Airteagal 28. Seachas chun na gcríoch sin, ní fhéadfaidh Ballstáit ná an Lárchóras aon taifead eile de chuid an chuardaigh a stóráil.

5. Maidir le sonraí méarlorg arna dtarchur faoin Airteagal seo a chur i gcomparáid le sonraí méarlorg iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta arna dtarchur ag Ballstáit eile agus atá stóráilte sa Lárchóras cheana féin, beidh feidhm ag na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 9(3) agus (5) agus in Airteagal 25(4).

CAIBIDIL V

TAIRBHITHE DE CHOSAINN IDIRNÁISIÚNTA

Airteagal 18

Sonraí a mharcáil

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1), an Ballstát tionscnaimh a dheonaigh cosaint idirnáisiúnta d'iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a raibh a chuid sonraí taifeadta sa Lárchóras roimhe de bhun Airteagal 11, déanfaidh sé na sonraí ábhartha a mharcáil i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cumarsáid leictreonach leis an Lárchóras arna bhunú ag an nGníomhaireacht. Stórálfar an marc sin sa Lárchóras i gcomhréir le hAirteagal 12 chun críocha tarchurtha faoi Airteagal 9(5). Cuirfidh an Lárchóras gach Ballstát tionscnaimh ar an eolas go bhfuil sonraí marcáilte ag Ballstát tionscnaimh eile, i ndiaidh dó amas a fháil ar shonraí a tharchuir na Ballstáit tionscnaimh go léir agus a bhaineann le daoine dá dtagraítear in Airteagal 9(1) nó in Airteagal 14(1). Déanfaidh na Ballstáit tionscnaimh sin na tacaí shonraí chomhfhreagracha a mharcáil freisin.

2. Déanfar sonraí tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta atá stóráilte sa Lárchóras agus marcáilte de bhun mhír 1 den Airteagal seo a chur ar fáil le haghaidh comparáide chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2) ar feadh tréimhse trí bliana tar éis an dáta ar ar deonaíodh cosaint idirnáisiúnta don duine is ábhar do na sonraí.

I gcás amas a bheith ann, tarchuirfidh an Lárchóras na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 11(a) go (k). I gcás gach tacar sonraí a chomhfhreagraíonn don amas, ní tarchuirfidh an Lárchóras an marc dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Ar dhul in éag don tréimhse trí bliana, déanfaidh an Lárchóras go huathoibríoch sonraí den sórt sin a bhlocáil ó bheith tarchurtha i gcás iarrata ar chomparáid chun críocha forghníomhaithe dlí, agus fós go bhfágfar na sonraí atá ar fáil le haghaidh comparáide chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1) go dtí an pointe a scriosadh iad. Ní dhéanfar sonraí blocáilte a tharchur agus cuirfidh an Lárchóras toradh diúltach ar ais chun an Bhallstáit iarrthaigh i gcás amais.

3. Bainfidh an Ballstát tionscnaimh an marc nó an bhlocáil de shonraí a bhaineann le náisiúnach tríú tír nó le duine gan stát ar marcáladh nó ar blocáladh a chuid sonraí roimhe i gcomhréir le mír 1 nó le mír 2 den Airteagal seo má dhéantar a stádas a aisghairm nó má chuirtear deireadh lena stádas nó má dhiúltaítear a stádas a athnuachan faoi Airteagal 14 nó faoi Airteagal 19 de Threoir 2011/95/AE.

CAIBIDIL VI

NÓS IMEACHTA CHUN COMPARÁID A DHÉANAMH AGUS CHUN SONRAÍ A THARCHUR CHUN CRÍOCHA AN DLÍ A FHOGRHNÍOMHÚ

Airteagal 19

Nós imeachta chun sonraí méarlorg a chur i gcomparáid le sonraí EURODAC

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2), féadfaidh na húdaráis ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus in Airteagal 7(2) iarraidh leictreonach réasúnaithe amhail dá bhforáiltear in Airteagal 20(1) mar aon leis an uimhir thagartha arna húsáid acu, a chur faoi bhráid an údaráis fíoraithe chun sonraí méarlorg a tharchur chuig an bPointe Rochtana Náisiúnta chun comparáid a dhéanamh. Ar iarraidh den sórt sin a fháil, fíoróidh an t-údarás fíoraithe an bhfuil na coinníollacha ar fad chun comparáid a iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 20 nó in Airteagal 21, de réir mar is iomchuí, comhlíonta.

2. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha ar fad a bhaineann le comparáid a iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 20 nó in Airteagal 21, tarchuirfidh an t-údarás fíoraithe an iarraidh ar chomparáid chuig an bPointe Rochtana Náisiúnta, agus cuirfidh an Pointe Rochtana Náisiúnta sin í chuig an Lárchóras i gcomhréir le hAirteagal 9(3) agus (5) agus chun críche comparáide leis na sonraí a tarchuireadh chuig an Lárchóras de bhun Airteagal 9(1) agus 14(2).

3. I gcásanna eisceachtúla práinne nuair atá gá le garchontúirt a chosc a bhaineann le cion sceimhlitheoireachta nó cion tromchúiseach coiriúil eile, féadfaidh an t-údarás

fíoraithe na sonraí méarlorg a tharchur chuig an bPointe Rochtana Náisiúnta chun comparáid a dhéanamh láithreach ar iarraidh a fháil ó údarás ainmnithe agus féadfaidh sé gan ach fíorú *ex-post* a dhéanamh maidir le cé acu ar comhlíonadh na coinníollacha uile do chomparáid dá dtagraítear in Airteagal 20 nó in Airteagal 21, lena n-áirítear má bhí cás eisceachtúil éigeandála ann i ndáiríre nó nach raibh. Déanfar an fíorú *ex-post* gan moill mhíchúí i ndiaidh an iarraidh a phróiseáil.

4. I gcás ina gcinntear leis an bhfíorú *ex-post* nach raibh údar leis an rochtain ar shonraí Eurodac, déanfaidh na húdaráis go léir a cheadaigh an fhaisnéis a chuir EURODAC in iúl an fhaisnéis sin a scriosadh agus cuirfidh siad an t-údarás fíoraithe ar an eolas faoin scriosadh sin.

Airteagal 20

Coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí EURODAC ag údaráis ainmnithe

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2), féadfaidh údaráis ainmnithe iarraidh leictreonach réasúnaithe a chur isteach ar chomparáid a dhéanamh idir sonraí méarlorg agus na sonraí a stóráiltear sa Lárchóras laistigh de raon feidhme a gcumhachtaí ach amháin más rud é nach toradh a bhí ar chomparáidí leis na bunachair shonraí seo a leanas go ndearnadh céannacht an duine is ábhar do na sonraí a shuíomh:

- bunachair shonraí méarlorg náisiúnta;
- córais mhéarlorgaireachta uathoibríthe méarlorg na mBallstát uile eile faoi Chinneadh 2008/615/CGB i gcás ina bhfuil comparáidí ar fáil go teicniúil, mura bhfuil forais réasúnta chun a chreidiúint nach mbeadh mar thoradh ar an gcomparáid leis na bunachair sonraí sin go ndéanfar céannacht an duine is ábhar do na sonraí a shuíomh. Cuirfear na forais réasúnacha sin san áireamh san iarraidh leictreonach réasúnaithe ar chomparáid a dhéanamh le sonraí EURODAC a chuir an t-údarás ainmnithe chuig an údarás fíoraithe, agus
- an Córas Faisnéise Víosáil ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha le haghaidh comparáide den sórt sin a leagtar síos i gCinneadh 2008/633/DGB;

agus i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas:

- (a) tá gá leis an gcomparáid chun críocha forghníomhaithe dlí, rud a chiallaíonn go bhfuil údar sáraitheach inní maidir le slándáil phoiblí ann a dhéanann cuardach an bhunachair shonraí comhréireach;
- (b) más gá an chomparáid a dhéanamh i gcás ar leith; ní dhéanfar comparáidí córasacha; agus

(c) má tá forais réasúnta ann a cheapadh go mbeidh an chomparáid ina mórchuidiú le cosc, brath nó imscrúdú ar chion sceimhlitheoireachta nó ar chionta tromchúiseacha eile. Tá forais réasúnacha den sórt sin ann go háirithe i gcás ina bhfuil amhras bailíochtaíthe go bhfuil amhrastach, déantóir nó íospartach d'aon chion den sórt sin i gcatagóir atá clúdaithe ag an Rialachán seo.

2. Beidh iarrataí ar chomparáid a dhéanamh le sonraí Eurodac teoranta do shonraí méarlorg a cheadú.

Airteagal 21

Coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí Eurodac ag Europol

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2), féadfaidh údarás ainmnithe Europol iarraidh leictreonach réasúnaithe a thíolacadh ar chomparáid a dhéanamh idir sonraí méarlorg agus na sonraí atá stóráilte sa Lárchóras laistigh de theorainneacha shainordú Europol agus nuair is gá chun tascanna Europol a chomhall ach amháin más rud é gurb é an toradh a bhí ar chomparáidí le sonraí méarlorg atá stóráilte in aon chórais phróiseála faisnéise atá inrochtana go teicniúil agus go dleathach ag Europol nach ndearnadh céannacht an duine is ábhar do na sonraí a shuíomh agus más rud é:

(a) gur gá an chomparáid chun tacú agus treisiú le gníomhaíocht ag na Ballstáit le linn cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú a thagann faoi réim shainordú Europol, a chiallaíonn go bhfuil údar sáraitheach inní maidir le slándáil phoiblí ann a dhéanann cuardach an bhunachair sonraí comhréireach;

(b) gur gá an chomparáid a dhéanamh i gcás ar leith (i.e. ní dhéanfar comparáidí córasacha); agus

(c) go bhfuil forais réasúnta ann a cheapadh go mbeidh an chomparáid ina mórchuidiú le cosc, brath nó imscrúdú aon chionta sceimhlitheoireachta nó cionta thromchúisigh choiriúil eile. Tá forais réasúnta den sórt sin ann go háirithe i gcás ina bhfuil amhras bailíochtaíthe go dtiteann an t-amhrastach, an déantóir nó íospartach ciona sceimhlitheoireachta nó íospartach ciona choiriúil thromchúisigh eile faoi chatagóir atá clúdaithe ag an Rialachán seo.

2. Beidh iarrataí ar chomparáid a dhéanamh le sonraí Eurodac teoranta do chomparáidí a dhéanamh le sonraí méarlorg.

3. Aon phróiseáil ar fhaisnéis arna fáil ag Europol ó chomparáid a dhéanamh le sonraí Eurodac, beidh sí faoi réir údarú ón mBallstát tionscnaimh. Gheofar an t-údarú sin trí aonad náisiúnta Europol sa Bhallstát sin.

Airteagal 22

Cumarsáid idir na húdaráis ainmnithe, na húdaráis fíoraithe agus na Pointí Rochtana Náisiúnta

1. Gan dochar d'Airteagal 26, beidh gach cumarsáid idir na húdaráis ainmnithe, na húdaráis fíoraithe agus na Pointí Rochtana Náisiúnta ar mhodh slán agus déanfar iad go leictreonach.

2. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2), déanfaidh na Ballstáit méarlorg a phróiseáil go digiteach agus tarchuirfear iad san fhormáid sonraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, d'fhonn a áirithiú gur féidir an chomparáid a dhéanamh leis an gcóras aitheantais méarlorg ar ríomhaire.

CAIBIDIL VII

PRÓISEÁIL SONRAÍ, COSAINT SONRAÍ AGUS DLITEANAS

Airteagal 23

Freagracht as próiseáil sonraí

1. Beidh an Ballstát tionscnaimh freagrach as a áirithiú:

(a) go dtógtar méarlorg go dleathach;

(b) go dtarchuirfear sonraí méarlorg agus na sonraí eile dá dtagraítear in Airteagal 11, Airteagal 14(2) agus Airteagal 17(2) go dleathach chuig an Lárchóras;

(c) go mbeidh na sonraí cruinn agus cothrom le dáta nuair a tharchuirfear chuig an Lárchóras iad;

(d) gan dochar do fhreagrachtaí na Gníomhaireachta, go ndéantar sonraí sa Lárchóras a thaifeadadh, a stóráil, a cheartú agus a scriosadh go dleathach;

(e) go bpróiseálfar go dleathach torthaí na gcomparáidí idir sonraí méarlorg arna dtarchur ag an Lárchóras.

2. I gcomhréir le hAirteagal 34, áiritheoidh an Ballstát tionscnaimh go mbeidh na sonraí dá dtagraítear i mír 1 slán sula ndéantar iad a tharchur chuig an Lárchóras agus le linn a dtarchurtha, chomh maith le slándáil na sonraí a fhaigheann sé ón Lárchóras a áirithiú.

3. Beidh an Ballstát tionscnaimh freagrach as na sonraí a aithint sa deireadh de bhun Airteagal 25(4).

4. Áiritheoidh an Ghníomhaireacht go bhfeidhmítear an Lárchóras i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, go háirithe, iad seo a leanas:

- (a) glacfaidh sí bearta chun a áirithiú nach bpróiseálfaidh daoine a oibríonn leis an Lárchóras na sonraí arna dtaifeadh ann ach amháin i gcomhréir le cuspóir Eurodac mar atá leagtha síos in Airteagal 1;
- (b) glacfaidh sí na bearta is gá chun slándáil an Lárchórais a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 34;
- (c) áiritheoidh sí nach mbeidh rochtain ar an Lárchóras ach amháin ag daoine atá údaraithe oibriú leis, gan dochar d'inniúlachtaí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle mar aon leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an eolas faoi na bearta a ghlacfaidh sí de bhun na chéad fhomhíre.

Airteagal 24

Tarchur

1. Déanfar méarloirg a phróiseáil agus a tharchur go digiteach san fhormaid sonraí a fhorordaítear in Iarscríbhinn I. A mhéid agus is gá d'oibriú éifeachtúil an Lárchórais, bunóidh an Ghníomhaireacht na ceanglais theicniúla i gcomhair tharchur na formáide sonraí ó Bhallstáit chuig an Lárchóras agus vice versa. Áiritheoidh an Ghníomhaireacht go mbeidh an córas aitheantais méarloirg ar an ríomhaire in ann na sonraí méarlorg arna dtarchur ag na Ballstáit a chur i gcomparáid lena chéile.

2. Tarchuirfidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 11, in Airteagal 14(2) agus in Airteagal 17(2) go leictreonach. Déanfar taifeadh go huathoibríoch sa Lárchóras ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 11 agus in Airteagal 14(2). A mhéid is gá d'oibriú éifeachtúil an Lárchórais, bunóidh an Ghníomhaireacht na ceanglais theicniúla chun a áirithiú gur féidir sonraí a tharchur i gceart go leictreonach ó na Ballstáit go dtí an Lárchóras agus vice versa.

3. Leis an uimhir thagartha dá dtagraítear in Airteagal 11(d), in Airteagal 14(2)(d), in Airteagal 17(1) agus in Airteagal 19(1) beifear in ann sonraí a chur in iúl go soiléir do dhuine amháin faoi leith agus don Bhallstát atá ag tarchur na sonraí. Ina theannta sin, beifear in ann a aithint an mbaineann sonraí den sórt sin le duine dá dtagraítear in Airteagal 9(1), in Airteagal 14(1) nó in Airteagal 17(1).

4. Tosóidh an uimhir thagartha leis an litir nó leis na litreacha aitheantais lena n-aithnítear, i gcomhréir leis an norm dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, an Ballstát atá ag tarchur na sonraí. Déanfar catagóir an duine nó na hiarrata a shainnithint i ndiaidh na litreach nó na litreacha aitheantais. Déanann "1" tagairt do shonraí a bhaineann le daoine dá dtagraítear in Airteagal 9(1), déanann "2" tagairt do shonraí a bhaineann le daoine dá dtagraítear in Airteagal 14(1), déanann "3" tagairt do shonraí a bhaineann le daoine dá dtagraítear in Airteagal 17(1), déanann "4" tagairt d'iarrataí dá dtagraítear in Airteagal 20, déanann "5" tagairt d'iarrataí dá dtagraítear in Airteagal 21 agus déanann "9" tagairt d'iarrataí dá dtagraítear in Airteagal 29.

5. Bunóidh an Ghníomhaireacht na nósanna imeachta teicniúla is gá do Bhallstáit chun a áirithiú go bhfaighidh siad sonraí soiléire ón Lárchóras.

6. Deimhneoidh an Lárchóras go bhfuil na sonraí tarchurtha faighte aige a luaithe is féidir. Chuige sin bunóidh an Ghníomhaireacht na ceanglais theicniúla is gá chun a áirithiú go bhfaigheann Ballstáit an admháil deimhnithe má iarrtar sin.

Airteagal 25

Comparáidí a dhéanamh agus torthaí a tharchur

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh tarchur na sonraí méarlorg ar chaighdeán iomchuí chun críocha comparáide tríd an gcóras aitheantais méarloirg ar an ríomhaire. A mhéid is gá chun a áirithiú go mbaineann torthaí na comparáide a dhéanfaidh an Lárchóras leibhéal an-ard cruinnis amach, sonrúidh an Ghníomhaireacht caighdeán iomchuí do shonraí méarlorg tarchurtha. Seiceálfaidh an Lárchóras caighdeán na sonraí méarlorg a tarchuireadh, a luaithe is féidir. Mura féidir comparáid a dhéanamh idir na sonraí méarlorg ag baint úsáide as an gcóras aitheantais méarloirg ar an ríomhaire, cuirfidh an Lárchóras an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoi sin. Tarchuirfidh an Ballstát sin lena mbaineann sonraí méarlorg den chaighdeán iomchuí ansin ag baint úsáide as an uimhir thagartha chéanna a bhí ag an tacar sonraí méarlorg roimhe sin.

2. Déanfaidh an Lárchóras comparáidí san ord ina dtiocfaidh iarrataí isteach. Déileálfar le gach iarraidh laistigh de 24 uair an chloig. Féadfaidh Ballstát, ar chúiseanna a bhaineann leis an dlí náisiúnta, a éileamh go ndéanfaí comparáidí atá fíorphráinneach laistigh d'uair an chloig. I gcás nach féidir na teorannacha ama sin a urramú mar gheall ar dhálaí nach bhfuil aon smacht ag an nGhníomhaireacht orthu, próiseálfaidh an Lárchóras an iarraidh ar bhonn tosaíochta a luaithe nach bhfuil dálaí den sórt sin ann níos mó. I gcásanna den sórt sin, agus a mhéid is gá d'oibriú éifeachtúil an Lárchórais, bunóidh an Ghníomhaireacht critéir lena áirithiú go láimhseálfar iarrataí ar bhonn tosaíochta.

3. A mhéid is gá d'oibriú éifeachtúil an Lárchórais, bunóidh an Ghníomhaireacht na nósanna imeachta oibríochtúla chun na sonraí a fhaightear a phróiseáil agus chun toradh na comparáide a tharchur.

4. Seiceálfaidh saineolaí méarlorg torthaí na comparáide láithreach sa Bhallstát glactha, ar saineolaí méarlorg é de réir mar a shainmhínítear i gcomhréir lena rialacha náisiúnta agus atá oilte go sonrach sna cineálacha comparáidí méarlorg dá bhforáiltear leis an Rialachán seo. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1) den Rialachán seo, déanfaidh an Ballstát tionscnaimh an aithint dheireanach i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, de bhun Airteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013.

Scríosfar faisnéis arna fáil ón Lárchóras a bhaineann le sonraí eile a mheastar a bheith neamhiontaofa a luaithe a fhaightear amach go bhfuil na sonraí neamhiontaofa.

5. I gcás go dtugann aithint dheireanach i gcomhréir le mír 4 le fios nach bhfuil toradh na comparáide a fhaightear ón Lárchóras ag freagairt do na sonraí méarlorg a seoladh chun comparáid a dhéanamh, scríosfaidh na Ballstáit toradh na comparáide láithreach agus cuirfidh siad an méid sin in iúl chomh luath agus is féidir don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht agus tráth nach déanaí ná tar éis trí lá oibre.

Airteagal 26

Cumarsáid idir Ballstáit agus an Lárchóras

Bainfidh sonraí arna dtarchur ó na Ballstáit chuig an Lárchóras agus *vice versa* úsáid as an mBonneagar Cumarsáide. A mhéid agus is gá d'oibriú éifeachtúil an Lárchórais, bunóidh an Ghníomhaireacht na nósanna imeachta teicniúla is gá chun úsáid a bhaint as an mBonneagar Cumarsáide.

Airteagal 27

Rochtain ar shonraí arna dtaifeadadh in EURODAC, iad a cheartú nó a scríosadh

1. Beidh rochtain ag an mBallstát tionscnaimh ar shonraí a tharchuir sé agus atá taifeadta sa Lárchóras i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Ní fhéadfaidh aon Bhallstát cuardaigh a dhéanamh sna sonraí arna dtarchur ag Ballstát eile, ná ní fhéadfaidh sé sonraí den sórt sin a fháil cé is moite de sonraí a fhaightear de thoradh na comparáide dá dtagraítear in Airteagal 9(5).

2. Is ionann údarais na mBallstát a mbeidh rochtain acu, de bhun mhír 1 den Airteagal seo, ar shonraí arna dtaifeadadh sa Lárchóras agus iad sin arna n-ainmniú ag gach Ballstát chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1). Sonrófar go beacht leis an ainmniúchán sin an t-aonad a bheidh freagrach as na cúraimí a chur i gcrích a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialachán seo. Cuirfidh gach Ballstát liosta de na haonaid sin agus aon leasuithe orthu in iúl don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht gan mhoill. Foilseoidh an Ghníomhaireacht an liosta comhdhlúite in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcás ina

ndéantar leasuithe air, foilseoidh an Ghníomhaireacht liosta comhdhlúite ar líne a thabharfar cothrom le dáta uair sa bhliain.

3. Ní bheidh sé de cheart ach ag an mBallstát tionscnaimh sonraí atá tarchurtha aige chuig an Lárchóras a leasú trí na sonraí sin a cheartú nó trí ábhar breise a chur leo, ná a scríosadh, gan dochar do scríosadh arna dhéanamh de bhun Airteagal 12(2) nó Airteagal 16(1).

4. Má tá fianaise ag Ballstát nó ag an nGníomhaireacht a thugann le tuiscint go bhfuil na sonraí arna dtaifeadadh sa Lárchóras míchruinn ar bhonn fíorasach, cuirfidh sé é sin in iúl don Bhallstát tionscnaimh chomh luath agus is féidir.

Má tá fianaise ag Ballstát a thugann le tuiscint gur taifeadadh sonraí sa Lárchóras de shárú ar an Rialachán seo, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Ghníomhaireacht, don Choimisiún agus don Bhallstát tionscnaimh a luaithe is féidir. Déanfaidh an Ballstát tionscnaimh na sonraí lena mbaineann a sheiceáil agus, más gá, iad a leasú nó a scríosadh gan mhoill.

5. Ní aistreoidh an Ghníomhaireacht aon sonraí arna dtaifeadadh sa Lárchóras chuig údarais aon tríú tír. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc seo maidir le traschuir na sonraí sin chuig tríú tíortha a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 604/2013.

Airteagal 28

Taifid a choimeád

1. Coimeádfaidh an Ghníomhaireacht taifid de na hoibríochtúlaí próiseála sonraí go léir laistigh den Lárchóras. Taispeánfaidh na taifid seo cuspóir, dáta agus am na rochtana, na sonraí a tarchuireadh, na sonraí a úsáideadh i gcomhair ceistithe agus ainm an aonaid a chuireann isteach na sonraí nó a dhéanann aisghabháil ar na sonraí agus ainmneacha na ndaoine freagracha.

2. Ní fhéadfar na taifid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a úsáid ach amháin le haghaidh faireacháin chosanta sonraí ar inghlacthacht phróiseáil na sonraí agus chun slándáil sonraí a áirithiú de bhun Airteagal 34. Ní mór na taifid a chosaint trí bhearta iomchuí i gcoinne rochtana neamhúdaraithe agus scríosfar iad bliain tar éis don tréimhse stórála dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus in Airteagal 16(1) dul in éag, ach amháin má tá siad de dhíth i gcomhair nósanna imeachta faireacháin atá tosaithe cheana.

3. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1), déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun na cuspóirí a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo maidir lena chóras náisiúnta a bhaint amach. Chomh maith leis sin coimeádfaidh gach Ballstát taifid den fhoireann atá cuí-údaraithe chun sonraí a chur isteach nó a aisghabháil.

Airteagal 29

Cearta an duine is ábhar do na sonraí

1. Cuirfidh an Ballstát tionscnaimh duine atá cumhdaithe le hAirteagal 9(1), Airteagal 14(1) nó Airteagal 17(1) ar an eolas faoin méid seo thíos i scríbhinn, agus i gcás inar gá, ó bhéal, i dteanga a thuigfidh sé nó a shíltear le réasún go dtuigfidh sé:

- (a) céannacht an rialaitheora de réir bhrí Airteagal 2 (d) de Threoir 95/46/CE agus a ionadaí, más ann dó;
- (b) an cuspóir chuig a bpróiseálfar a chuid sonraí laistigh de Eurodac, lena n-áirítear cur síos ar aidhmeanna Rialachán (AE) Uimh. 604/2013, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán sin agus míniú a thabhairt i bhfoirm intuigthe, ag úsáid teanga shoiléir agus éasca, go bhféadfadh na Ballstáit agus Europol rochtain a bheith acu ar Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí;
- (c) faighteoirí na sonraí;
- (d) maidir le duine atá cumhdaithe faoi Airteagal 9(1) nó ag Airteagal 14(1), an oibleagáid a chuid méarloirg a thógáil;
- (e) go bhfuil ceart rochtana aige ar na sonraí a bhaineann leis agus go bhfuil sé de cheart aige a iarraidh go gceartófar aon sonraí míchruinne a bhaineann leis, nó go scriosfar aon sonraí a bhaineann leis a próiseáladh go neamhdhleathach, mar aon leis an gceart faisnéis a fháil faoi na nósanna imeachta chun na cearta sin a fheidhmiú lena n-áirítear sonraí teagmhála an rialaitheora agus na n-údarás maoirseachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 30(1).

2. Maidir le duine atá cumhdaithe le hAirteagal 9(1) nó le hAirteagal 14(1), soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír tráth a bhfuil méarloirg an duine sin á dtógáil.

Maidir le duine atá cumhdaithe le hAirteagal 17(1), soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír tráth nach déanaí ná an t-am a dtarchuirfead na sonraí a bhaineann leis an duine sin chuig an Lárchóras. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin i gcás ina bhfuil soláthar faisnéise den sórt sin dodhéanta nó go mbeadh iarracht dhíreireach i gceist leis.

I gcás inar mionaoiseach an duine atá cumhdaithe le hAirteagal 9(1), Airteagal 14(1), agus Airteagal 17(1), soláthroidh na Ballstáit an fhaisnéis ar bhealach a oirfidh dá aois.

3. Tarraingeofar suas bileog eolais choiteann ina mbeidh, ar a laghad, an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal seo agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(1)

de Rialachán Uimh. 604/2013 i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 44(2) de Rialachán Uimh. 604/2013. Beidh an bhileog eolais choiteann soiléir simplí, arna dréachtú i dteanga a thuigfidh an duine lena mbaineann nó i dteanga a shíltear le réasún go dtuigfidh sé.

Socrófar an bhileog eolais choiteann ar bhealach a chumasóidh do na Ballstáit í a chomhlánú le faisnéis bhreise is sonrach don Bhallstát. Áireofar san fhaisnéis is sonrach don Bhallstát, ar an gcuid is lú de, cearta an duine is ábhar do na sonraí, an fhaisnéis go bhféadfaí cabhair a fháil óna húdaráis maoirseachta náisiúnta mar aon le sonraí teagmhála an rialaitheora agus na n-údarás maoirseachta náisiúnta.

4. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1) den Rialachán seo, féadfaidh aon duine is ábhar do na sonraí, i ngach Bhallstát, i gcomhréir le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Stáit sin, na cearta dá bhforáiltear in Airteagal 12 de Threoir 95/46/CE a fheidhmiú.

Gan dochar don oibleagáid faisnéis eile a chur ar fáil i gcomhréir le Airteagal 12(a) de Threoir 95/46/CE, beidh sé de cheart ag an duine is ábhar do na sonraí go guirfí ar an eolas é faoi shonraí a bhaineann leis/léi atá taifeadta sa Lárchóras mar aon le scéala faoin mBallstát a tharchuir na sonraí sin chuig an Lárchóras. Is Ballstát amháin a fhéadfaidh rochtain den sórt sin a thabhairt ar shonraí.

5. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1), i ngach Ballstát, féadfaidh aon duine a iarraidh go gceartófaí na sonraí sin atá míchruinn ar bhonn fíorasach nó go scriosfaí aon sonraí a taifeadadh go neamhdhleathach. Déanfaidh an Ballstát a tharchuir na sonraí an ceartúchán agus an scriosadh gan mhoill iomarcach, i gcomhréir lena dhlíthe, lena rialacháin agus lena nósanna imeachta.

6. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1), má fheidhmítear na cearta ceartúcháin agus scriosta i mBallstát, cé is moite den Bhallstát sin, nó díobh sin, a tharchuir na sonraí, rachaidh údarás an Bhallstáit sin i dteagmháil le húdaráis an Bhallstáit nó na mBallstát a tharchuir na sonraí, ionas go bhféadfaidh na húdaráis sin cruinneas na sonraí agus dlíthiúlacht a dtarchurtha agus a gcuid taifeadta sa Lárchóras a sheiceáil.

7. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1), má thagann sé chun solais go bhfuil na sonraí a taifeadadh sa Lárchóras míchruinn go fíorasach nó gur taifeadadh go neamhdhleathach iad, ceartóidh nó déanfaidh an Ballstát a tharchuir na sonraí iad a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 27(3). Deimhneoidh an Ballstát sin i scríbhinn gan moill iomarcach don duine is ábhar do na sonraí go bhfuil gníomh déanta aige chun na sonraí a bhaineann leis/léi a cheartú nó a scriosadh.

8. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1), mura n-aontóidh an Ballstát a tharchuir na sonraí go bhfuil na sonraí atá taifeadta sa Lárchóras míchruinn go fíorasach nó gur taifeadadh go neamhdhleathach iad, míneoidh sé gan mhoill iomarcach i scríbhinn don duine is ábhar do na sonraí an fáth nach bhfuil sé toilteanach na sonraí a cheartú nó a scriosadh.

Cuirfidh an Ballstát sin faisnéis ar fáil don duine is ábhar do na sonraí chomh maith ag míniú na géimeanna is féidir leis a thógáil mura nglacann sé leis an míniú a chuirtear ar fáil. Áireofar leis an bhfaisnéis sin eolas maidir leis an gcaoi le caingeán a thabhairt nó, más iomchuí, an chaoi le gearán a chur faoi bhráid údaráis inniúla nó chúirteanna an Bhallstáit sin, agus aon chúnamh airgeadais nó aon chúnamh eile atá ar fáil i gcomhréir le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit sin.

9. Beidh na sonraí ar fad is gá chun an duine is ábhar do na sonraí a aithint, lena n-áirítear méarlog, le fáil in aon iarraidh faoi mhír 4 agus faoi mhír 5. Úsáidfeadh sonraí den sórt sin go heisiach chun feidhmiú na gcearta dá dtagraítear i mír 4 agus i mír 5 a cheadú agus scriosfar iad láithreach ina dhiaidh sin.

10. Comhoibreoigh údaráis inniúla na mBallstát go gníomhach chun na cearta a leagtar síos i mír 5, i mír 6 agus i mír 7 a fhorghníomhú go pras.

11. Aon uair a iarrann duine sonraí a bhaineann leis i gcomhréir le mír 4, coimeádfaidh an t-údarás inniúil taifead i bhfoirm doiciméid scríofa go ndearnadh a leithéid d'iarraidh agus an bealach ar déileáladh leis an iarratas, agus cuirfidh sé an doiciméad sin ar fáil gan mhoill do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta arna iarraidh sin dóibh.

12. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1) den Rialachán seo, i ngach Ballstát, cabhróidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta leis an duine is ábhar do na sonraí, ar bhonn a iarrata, i gcomhréir le hAirteagal 28(4) de Threoir 95/46/CE maidir lena chearta a fheidhmiú.

13. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1) den Rialachán seo, tabharfaidh údarás maoirseachta náisiúnta an Bhallstáit a tharchuir na sonraí agus údarás maoirseachta náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an duine is ábhar do na sonraí i láthair cúnaimh dó, agus, arna iarraidh sin air, cuirfidh sé comhairle air maidir leis an gceart atá aige sonraí a cheartú nó a scriosadh. Comhoibreoigh an dá údarás maoirseachta náisiúnta chuige sin. Is féidir iarrataí ar chúnamh den sórt sin a chur chuig údarás maoirseachta náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an duine is ábhar do na sonraí, agus tarchuirfidh an t-údarás sin na hiarrataí chuig údarás an Bhallstáit a tharchuir na sonraí.

14. I ngach Ballstát, beidh sé de cheart ag aon duine, i gcomhréir le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Stáit sin, caingeán a thabhairt nó, más iomchuí, gearán a chur faoi

bhráid údaráis inniúla nó chúirteanna an Stáit sin má dhiúltaítear an ceart rochtana dá bhforáiltear i mír 4 dó.

15. Beidh sé de cheart ag aon duine, i gcomhréir le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit a tharchuir na sonraí, caingeán a thabhairt nó, más iomchuí, gearán a chur faoi bhráid údaráis inniúla nó chúirteanna an Stáit sin maidir leis na sonraí a bhaineann leis atá taifeadta sa Lárchóras, d'fhonn a chuid cearta a fheidhmiú faoi mhír 3. Beidh oibleagáid na n-údarás maoirseachta náisiúnta cúnaimh a thabhairt agus, arna iarraidh sin orthu, comhairle a chur ar an duine is ábhar do na sonraí, i gcomhréir le mír 13, ar marthain ar feadh na n-imeachtaí go léir.

Airteagal 30

Maoirsiú arna dhéanamh ag an údarás maoirseachta náisiúnta

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1) den Rialachán seo, déanfaidh gach Ballstát foráil go ndéanfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta nó na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta arna n-ainmniú de bhua Airteagal 28(1) de Threoir 95/46/CE faireachán go neamhspleách, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta faoi seach, ar dhlíthiúlacht na próiseála arna déanamh, i gcomhréir leis an Rialachán seo, ag an mBallstát i gceist ar shonraí pearsanta, lena n-áirítear tarchur na sonraí sin chuig an Lárchóras.

2. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh rochtain ag a údarás maoirseachta náisiúnta ar chomhairle ó dhaoine a bhfuil dóthain eolais acu ar shonraí méarlorg.

Airteagal 31

Maoirsiú arna dhéanamh ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

1. Áiritheoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go ndéanfar na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta ar fad a bhaineann le EURODAC, go háirithe na gníomhaíochtaí a dhéanann an Ghníomhaireacht, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus leis an Rialachán seo.

2. Áiritheoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go ndéanfar iniúchóireacht ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta na Ghníomhaireachta i gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta uair gach trí bliana ar a laghad. Seolfar tuarascáil ar an iniúchóireacht sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an nGníomhaireacht agus chuig na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta. Tabharfar deis don Ghníomhaireacht barúlacha a nochtadh sula nglacfar an tuarascáil.

Airteagal 32

Comhoibriú idir na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

1. Comhoibreoigh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus iad araon ag gníomhú taobh istigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach, go gníomhach faoi chuimsiú a bhfreagrachtaí agus déanfaidh siad maoirseacht chomhordaithe Eurodac a áirithiú.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh comhlacht neamhspleách iniúcháireacht ar phróiseáil sonraí pearsanta gach bliain chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2) i gcomhréir le hAirteagal 33(2) lena n-áirítear anailís ar shampla d'iarrataí leictreonacha réasúnaithe.

Beidh an iniúcháireacht i gceangal le tuarascáil bhliantúil na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 40(7).

3. Agus iad ar aon ag feidhmiú laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach, malartóidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faisnéis ábhartha, cabhróidh siad lena chéile iniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh, scrúdóidh siad deacrachtaí maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh siad staidéar ar fhadhbanna a bhaineann le feidhmiú maoirseachta neamhspleáiche nó le feidhmiú chearta na ndaoine is ábhar do na sonraí, tarraingeoidh siad tograí comhchuíbhíthe suas i gcomhair comhréiteach ar aon fhadhbanna agus cuirfidh siad feasacht faoi chearta cosanta sonraí chun cinn, de réir mar is gá.

4. Chun na críche a leagtar síos i mír 3, tiocfaidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí le chéile faoi dhó sa bhliain, ar a laghad. Is ar chuntas an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí a bheidh costais agus reáchtáil na gcruinnithe sin. Glacfar rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú. Déanfar modhanna oibre eile a fhorbairt i gcomhpháirt a chéile, de réir mar is gá. Seolfar comhthuarascáil ar a ngníomhaíochtaí chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an nGníomhaireacht gach dhá bhliain.

Airteagal 33

Sonraí pearsanta a chosaint chun críocha forghníomhaithe dlí

1. Déanfaidh gach Ballstát foráil go mbeidh na forálacha a glacadh faoi dhlí náisiúnta lena gcuirtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB chun feidhme infheidhme freisin maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag a údarais náisiúnta chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2) den Rialachán seo

2. Is iad na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta arna n-ainmniú de bhun Chinneadh Réime 2008/977/CGB a dhéanfaidh an faireachán ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí pearsanta faoin Rialachán seo arna déanamh ag na Ballstáit na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, lena n-áirítear tarchur na sonraí sin chuig EURODAC agus uaidh sin.

3. Déanfaidh Europol sonraí pearsanta a phróiseáil de bhun an Rialacháin seo i gcomhréir le Cinneadh 2009/371/CGB agus déanfaidh maoirseoir neamhspleách seachtrach ar chosaint sonraí maoirseacht air sin. Beidh Airteagal 30, Airteagal 31 agus Airteagal 32 den Chinneadh sin infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag Europol de bhun an Rialacháin seo. Áiritheoidh an maoirseoir neamhspleách seachtrach ar chosaint sonraí nach sárófar cearta an duine aonair

4. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a gheofar ó EURODAC de bhun an Rialacháin seo chun na gcríoch a leagtar síos in

Airteagal 1(2) a phróiseáil ach amháin chun na gcríoch an cás sonrath ar iarr an Ballstát sin nó Europol na sonraí ina leith a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

5. Coinneoidh an Lárchóras, na húdaráis fhreagracha agus Europol taifead ar na cuardaigh chun go bhféadfaidh na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faireachán a dhéanamh ar an tslí a bhfuil an phróiseáil sonraí ar comhréir le rialacha um chosaint sonraí de chuid an Aontais, lena n-áirítear chun críche taifid a chothabháil chun na tuarascálacha bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 40(7) a ullmhú. Seachas i gcás na gcríoch thuasluaite, déanfar sonraí pearsanta chomh maith le taifid ar na cuardaigh, a scríosadh sna comhaid náisiúnta agus i gcomhaid Europol uile tar éis tréimhse aon mhí, ach amháin má tá na sonraí de dhíth chun críocha an imscrúdaithe choiriúil shonraigh atá ar siúl ar iarr an Ballstát sin nó Europol na sonraí ina leith.

Airteagal 34

Slándáil sonraí

1. Áiritheoidh an Ballstát tionscnaimh slándáil na sonraí sula dtarchuirfeair chuig an Lárchóras iad agus le linn a dtarchurtha.

2. Glacfaidh gach Ballstát, i ndáil leis na sonraí uile arna bpróiseáil ag a údarais ábhartha de bhun an Rialacháin seo, na bearta is gá, lena n-áirítear plean slándála, chun:

- na sonraí a chosaint go fisiciúil, lena n-áirítear trí phleananna teagmhasacha a dhéanamh le bonneagar criticiúil a chosaint;
- rochtain ar shuiteálacha náisiúnta ina gcuireann an Ballstát oibríochtaí i gcrích i gcomhréir le haidhm Eurodac a shéanadh ar dhaoine neamhúdaráithe (seiceálacha ar an mbealach isteach chuig an tsuiteáil);
- cosc a chur ar léamh, ar chóipeáil, ar mhodhnú nó ar bhaint neamhúdaráithe na meán sonraí (rialú meán sonraí);
- ionchur neamhúdaráithe sonraí agus iniúchadh, modhnú nó scríosadh neamhúdaráithe sonraí pearsanta stóráilte a chosc (rialú stórála);
- próiseáil neamhúdaráithe sonraí in Eurodac agus aon mhodhnú sonraí nó aon scríosadh sonraí arna bpróiseáil in Eurodac a chosc (rialú iontrála sonraí);
- a áirithiú nach bhfuil rochtain ag na daoine a bhfuil údarú rochtana acu ar shonraí Eurodac ach ar na sonraí a chumhdaíonn a n-údarú rochtana, trí aitheantas úsáideora aonair eisiach agus modhanna rochtana rúnda amháin (rialú rochtana ar shonraí);

- (g) a áirithiú go gcruthóidh gach údarás a bhfuil ceart rochtana ar shonraí Eurodac aige próifílí a thugann tuairisc ar fheidhmeanna agus ar fhreagrachtaí na ndaoine atá údaraithe chun na sonraí a rochtain, a iontráil, a thabhairt cothrom le dáta, a scríosadh agus a chuardach, agus go gcuirfidh na húdaráis na próifílí sin agus aon fhaisnéis ábhartha eile a éilfionn na húdaráis chun críocha maoirseachta ar fáil do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 28 de Threoir 95/46/CE agus in Airteagal 25 de Chinneadh Réime 2008/977/CGB gan mhoill arna iarraidh sin dóibh (próifílí pearsanra);
- (h) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuíomh cé na comhlachtaí ar féidir sonraí pearsanta a tharchur chucu trí threalamh cumarsáide sonraí a úsáid (rialú cumarsáide);
- (i) a áirithiú go bhféadfar a fhíorú agus a shuíomh cad iad na sonraí a próiseáladh in Eurodac, cathain a rinneadh an phróiseáil, cé a rinne í agus cén cuspóir a bhí léi (rialú taifeadta sonraí);
- (j) cosc a chur ar léamh, ar chóipeáil, ar mhodhnú nó ar scríosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta le linn tarchur sonraí pearsanta chuig Eurodac nó ó Eurodac nó le linn do mheáin sonraí a bheith á n-iompar, go háirithe trí theicnící criptithe iomchuí (rialú iompair);
- (k) faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart slándála dá dtagraítear sa mhír seo agus na bearta eagrúcháin is gá a dhéanamh maidir le faireachán inmheánach chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo (féin-iniúcháireacht) agus chun aon imeachtaí ábhartha a thagann chun cinn i gcur i bhfeidhm beart a liostaítear i bpointe (b) go pointe (j) a d'fhéadfadh teagmhas slándála a léiriú a bhrath go huathoibríoch laistigh de 24 uaire an chloig.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Ghníomhaireacht ar an eolas faoi na teagmhais slándála a bhraithfeair ar a gcórais. Cuirfidh an Ghníomhaireacht na Ballstáit, Europol agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an eolas faoi theagmhais slándála. Comhoibreoidh na Ballstáit lena mbaineann, an Ghníomhaireacht agus Europol le linn teagmhais slándála.

4. Glacfaidh an Ghníomhaireacht na bearta is gá chun na cuspóirí a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach maidir le hoibriú Eurodac, lena n-áirítear plean slándála a ghlacadh.

Airteagal 35

Toirmeasc ar aistrithe sonraí chuig tríú tíortha, chuig comhlachtaí idirnáisiúnta nó chuig páirtithe príobháideacha

1. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a gheobhadh Ballstát nó Europol ón Lárchóras de bhun an Rialacháin seo a aistriú chuig aon tríú tír, aon eagraíocht idirnáisiúnta ná aon

eintiteas príobháideach laistigh ná lasmuigh den Aontas, ná ní dhéanfar iad a chur ar fáil dóibh. Beidh feidhm ag an toirmeasc seo freisin má dhéantar na sonraí sin a phróiseáil tuilleadh ar an leibhéal náisiúnta nó idir Ballstáit de réir bhrí Airteagal 2(b) de Chinneadh 2008/977/CGB ón gComhairle.

2. Maidir le sonraí pearsanta a thionscain i mBallstát agus a mhalartaítear idir Ballstáit tar éis amas a fuarthas chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2), ní aistrefar chuig tríú tíortha iad má bhíonn riosca tromchúiseach ann go bhfulaingeoidh an duine is ábhar dó na sonraí céasadh, íde nó pionós atá mídhanna agus táireach nó aon sárú eile a bhunchearta nó a bunchearta de thoradh an aistrithe sin.

3. Beidh na toirmisc dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 gan dochar do cheart na mBallstát na sonraí sin a aistriú chuig tríú tíortha a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 maidir leo.

Airteagal 36

Logáil agus doiciméadú

1. Áiritheoidh gach Ballstát agus Europol go ndéanfar gach oibríocht próiseála sonraí a thagann as iarrataí ar chomparáid le sonraí Eurodac chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2) a logáil nó a dhoiciméadú chun críocha inghlacthacht na hiarrata a sheiceáil, faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí agus ar shláine agus slándáil sonraí agus chun féinfhairreachán a dhéanamh.

2. Léireoidh an logáil nó an doiciméadú an méid seo a leanas i ngach cás:

(a) cad go baileach is cuspóir don iarraidh ar chomparáid, lena n-áirítear foirm an chiona sceimhlitheoireachta nó an chiona choiriúil thromchúisaigh eile lena mbaineann agus, i gcás Europol, cad go baileach is cuspóir don iarraidh ar chomparáid;

(b) na forais réasúnacha a luaitear gan comparáid a dhéanamh le Ballstáit eile faoi Chinneadh 2008/615/CGB, i gcomhréir le hAirteagal 20(1) den Rialachán seo;

(c) tagairt an chomhaid náisiúnta;

(d) an dáta agus an t-am go baileach a d'iarr an Pointe Rochtana Náisiúnta comparáid ar an Lárchóras;

(e) ainm an údarais a d'iarr rochtain chun comparáid a dhéanamh, agus an duine freagrach a chuir an iarraidh isteach agus a phróiseáil na sonraí;

- (f) i gcás inarb infheidhme, úsáid an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 19(3) agus an cinneadh arna ghlacadh maidir leis an bhfíorú *ex-post*;
- (g) na sonraí a úsáideadh chun comparáid a dhéanamh;
- (h) i gcomhréir le rialacha náisiúnta nó rialacha Chinneadh Uimh. 2009/371/CGB, marc aitheantais an oifigigh a rinne an cuardach agus an oifigigh a d'ordaigh an cuardach nó an soláthar.

3. Ní úsáidfear logálacha ná doiciméadú den sórt sin ach amháin chun faireachán cosanta sonraí a dhéanamh ar dhlíthiúlacht próiseála sonraí agus freisin chun slándáil sonraí a áirithiú. Ní fhéadfaidh ach logálacha ina bhfuil sonraí neamhphearsanta a úsáid i gcomhair an fhaireacháin agus na meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 40. Na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta inniúla atá freagrach as inghlacthacht na hiarrata a sheiceáil agus as faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí agus as sláine agus slándáil sonraí, beidh rochtain acu ar na logálacha sin arna iarraidh sin dóibh chun críche a ndualgais a chomhlíonadh.

Airteagal 37

Dlíteanas

1. Aon duine, nó aon Bhallstát, ar bhain damáiste dó de thoradh oibriúcháin próiseála neamhdhleathaigh nó aon ghnímh nach bhfuil ag luí leis an Rialachán seo, beidh sé i dteideal cúiteamh a fháil ón mBallstát atá freagrach as an damáiste a bhain dó. Déanfar an Stát sin a dhíolmhú óna dhlíteanas, go hiomlán nó go páirteach, má chruthaíonn sé nach bhfuil sé freagrach as an imeacht ba shiocair leis an damáiste.

2. Má bhíonn aon mhainneachtain de chuid Ballstáit a chuid oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh ina chúis damáiste don Lárchóras, beidh an Ballstát sin faoi dhlíteanas i leith an damáiste sin, mura i ndán agus a mhéid gur mhainnigh an Ghníomhaireacht nó Ballstát eile bearta réasúnta a ghlacadh chun cosc a chur ar an damáiste tarlú nó chun a thionchar a íoslaghdú.

3. Beidh éilimh ar chúiteamh in éadan Ballstáit as an damáiste dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 faoi rialú ag forálacha dhlí náisiúnta an Bhallstáit atá mar chosantóir.

CAIBIDIL VIII

LEASUITHE AR RIALACHÁN (AE) Uimh. 1077/2011

Airteagal 38

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011

Déanfar Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 a leasú mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

"Airteagal 5

Cúraimí a bhaineann le Eurodac

I ndáil le Eurodac, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

- (a) na cúraimí arna dtabhairt don Ghníomhaireacht le Rialachán (AE) Uimh 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú a thaisc náisiúnach tríú tír nó duine gan stát i gceann de na Ballstáit; agus chun go bhféadfaidh údaráis forghníomhaithe na mBallstát agus Europol comparáidí le sonraí Eurodac a iarraidh chun críocha forghníomhaithe dlí (*);

- (b) cúraimí a bhaineann le hoiliúint maidir le húsáid theicniúil Eurodac

(*) OJ L 180, 29.6.2013, p. 1."

- (2) Leasaítear Airteagal 12(1) mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (u) agus phointe (v):

"(u) an tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí Lárchóras Eurodac a ghlacadh de bhun Airteagal 40(1) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013

- (v) tráchtanna a dhéanamh ar thuarascálacha an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir leis na hiniúchtaí de bhun Airteagal 45(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, Airteagal 42(2) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Airteagal 31(2) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 agus obair leantach iomchuí ar na hiniúchtaí a áirithiú;"

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (x):

"(x) staidreamh a thiomsú maidir le hobair Lárchóras Eurodac de bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013"

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (z):

"(z) a áirithiú go bhfoilseofar, gach bliain, liosta údarás arna n-ainmniú de bhun Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013,"

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15(4):

"4. Féadfaidh Europol agus Eurojust freastal ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta, mar bhreathnóirí, nuair atá ceist a bhaineann le SIS II, i ndáil le cur i bhfeidhm Chinneadh 2007/533/CGB, ar an gclár oibre. Féadfaidh Europol freastal mar bhreathnóir ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta freisin nuair a bheidh ceist a bhaineann le VIS, i ndáil le cur i bhfeidhm Chinneadh 2008/633/CGB, ar an gclár oibre nó nuair atá ceist a bhaineann le Eurodac, i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ar an gclár oibre."

(4) Leasaítear Airteagal 17 mar seo a leanas:

(a) i mír 5 cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

"(g) gan dochar d'Airteagal 17 de na Rialacháin Foirne, ceanglais rúndachta a bhunú chun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, Airteagal 17 de Chinneadh 2007/533/CGB agus Airteagal 26(9) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 faoi seach agus Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013; a chomhlíonadh;"

(b) i mír 6 cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

"(i) tuarascálacha ar fheidhmiú teicniúil gach córas mórsála TF dá dtagraítear in Airteagal 12(1)(t) agus sa tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí Lárchóras Eurodac dá dtagraítear in Airteagal 12(1)(u), ar bhonn na dtorthaí a thagann ón bhfaireachán agus ón meastóireacht."

5. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19(3):

"3. Féadfaidh Europol agus Eurojust araon ionadaí a cheapadh do Ghrúpa Comhairleach SIS II. Féadfaidh Europol ionadaí a cheapadh do Ghrúpa Comhairleach VIS agus do Ghrúpa Comhairleach Eurodac freisin."

CAIBIDIL IX

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 39

Costais

1. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a thitfidh na costais a thabhfófar i dtaca le bunú agus oibriú an Lárchórais agus an Bhonneagair Chumarsáide.

2. Is ar gach Ballstát a thitfidh na costais a thabhoídh pointí rochtana náisiúnta chomh maith leis na costais a bhainfidh lena nascadh leis an Lárchóras.

3. Déanfaidh gach Ballstát agus Europol an bonneagar teicniúil is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, a chur ar bun agus a chothabháil ar a gcostas féin, agus beidh siad freagrach as na costais a íoc a bheidh ann de thoradh iarrataí ar chomparáid a dhéanamh le sonraí EURODAC chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2).

Airteagal 40

Tuarascáil bhliantúil: faireachán agus meastóireacht

1. Cuirfidh an Ghníomhaireacht tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Lárchórais, lena n-áirítear ar fheidhmiú teicniúil agus ar shlándáil an chéanna, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, faoi bhráid na Comhairle, faoi bhráid an Choimisiúin agus faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Beidh faisnéis sa tuarascáil bhliantúil maidir le bainistíocht agus feidhmíocht Eurodac i gcoinne táscairí cainníochtúla réamhshainithe na gcuspoirí dá dtagraítear i mír 2.

2. Áiritheoidh an Ghníomhaireacht go mbeidh nósanna imeachta ann chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an Lárchórais de réir a chuspóirí, maidir le haschur, costéifeachtacht agus caighdeán seirbhíse.

3. Chun críocha cothabhála teicniúla, tuairisciú agus staidrimh, beidh rochtain ag an nGníomhaireacht ar an bhfaisnéis is gá maidir leis na hoibríochtúlaí próiseála a dhéanfar sa Lárchóras.

4. Faoin 20 Iúil 2018 agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar Eurodac le chéile, ina ndéanfar scrúdú ar na torthaí a baineadh amach de réir na gcuspoirí a bhí ann, agus ar an tionchar ar chearta bunúsacha, lena n-áirítear ar lean idirdhealú indíreach in aghaidh daoine a chumhdaítear leis an Rialachán seo as rochtain forghníomhaithe dlí, agus measúnú ar bhailíocht leanúnach na bunreásunachta, agus ar aon impleachtaí d'oibríochtúlaí amach anseo agus déanfaidh sé aon mholtaí is gá. Tarchuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

5. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá ar fáil don Ghníomhaireacht agus don Choimisiún chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a dhreachtú.

6. Soláthróidh an Ghníomhaireacht, na Ballstáit agus Europol don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na tuarascálacha meastóireachta dá dtagraítear i mír 4 a dhreachtú. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin modhanna oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh ann a nochtfaidh foinsí, baill foirne ná imscrúduithe na n-údarás ainmnithe.

7. Agus forálacha an dlí náisiúnta maidir le foilsíú faisnéise íogaire á n-urramú, déanfaidh gach Ballstát agus Europol tuarascálacha bliantúla a ullmhú maidir le héifeachtacht chomparáid na sonraí méarlorg le sonraí Eurodac chun críocha rochtana forghníomhaithe dlí, ina mbeidh faisnéis agus staidreamh faoi:

- cad go baileach is cuspóir don chomparáid, lena n-áirítear an cineál ciona sceimhlitheoireachta nó an cineál ciona thromchúisigh choiriúil,
- na forais a luaitear le haghaidh amhrais réasúnaigh,
- na forais réasúnacha a luaitear gan comparáid a dhéanamh le Ballstáit eile faoi Chinneadh 2008/615/CGB i gcomhréir le hAirteagal 20(1) den Rialachán seo,
- líon na n-iarrataí ar chomparáid a dhéanamh,
- líon agus cineál na gcásanna ina rabhthas in ann sainaitheint a dhéanamh agus faoin ngá agus faoin úsáid a bhaintear as an gcás práinne eisceachtúil, lena n-áirítear na cásanna sin nár glacadh leis an bpráinn sin iontu san fhíorú *ex-post* a rinne an t-údarás fíoraithe.

Tarchuirfead tuarascálacha Ballstát agus tuarascálacha Europol chuig an gCoimisiún roimh an 30 Meitheamh den bhliain ina dhiaidh sin.

8. Ar bhonn tuarascálacha bliantúla na mBallstát agus Europol agus sa bhreis ar an meastóireacht foriomlán dá bhforáiltear i mír 4 den Airteagal seo, tiomsóidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar rochtain forghníomhaithe dlí ar fhaisnéis Eurodac agus tarchuirfidh í chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

Airteagal 41

Pionóis

Glacfaidh na Ballstáit gach beart is gá d'fhonn a áirithiú gur inphionósaithe le pionóis gach próiseáil a dhéanfar ar shonraí arna gcur isteach sa Lárchóras atá i gcoinne chuspóirí Eurodac

mar atá leagtha síos in Airteagal 1, lena n-áirítear pionóis riaracháin agus/nó pionóis choiriúla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus beidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Airteagal 42

Raon feidhme críche

Ní bheidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo maidir le haon chríoch nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 maidir léi.

Airteagal 43

Fógra a thabhairt d'údarás ainmnithe agus d'údarás fíoraithe

1. Faoin 20 Deireadh Fómhair 2013 ar a dhéanaí tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún maidir lena údarás ainmnithe agus maidir leis na haonaid oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 5(3) agus maidir lena údarás fíoraithe agus tabharfaidh sé fógra gan mhoill maidir le haon leasú air sin.
2. Faoin 20 Deireadh Fómhair 2013, tabharfaidh Europol fógra don Choimisiún maidir lena údarás fíoraithe agus maidir leis an bPointe Rochtana Náisiúnta atá ainmnithe aige agus tabharfaidh sé fógra gan mhoill maidir le haon leasú air sin.
3. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar bhonn bliantúil agus i bhfoilseachán leictreonach a bheidh ar fáil ar líne agus a nuashonrófar gan mhoill.

Airteagal 44

Foráil idirthréimhseach

Bainfead an bac de shonraí bactha sa Lárchóras i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 agus marcálfar iad i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den Rialachán seo an 20 Iúil 2015.

Airteagal 45

Aisghairm

Déantar Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 407/2002 a aisghairm le héifeacht ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 46(2) den Rialachán seo an 20 Iúil 2015.

Déanfar tagairtí do na Rialacháin aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn III.

*Airteagal 46***Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ó 20 Iúil 2015.

Cuirfidh Ballstáit an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht ar an eolas chomh luath agus atá na socruithe teicniúla chun sonraí a aistriú chuig an Lárchóras déanta acu, agus i ngach cás tráth nach déanaí ná 20 Iúil 2015.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile is go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. SHATTER

*IARSCRÍBHINN I***Text missing**

Formáid sonraí chun sonraí méarlorg a mhalartú

Forordaítear an fhoramáid seo a leanas chun sonraí méarlorg a mhalartú:

ANSI/NIST-ITL 1a-1997, Ver.3, Meitheamh 2001 (INT-1) agus aon fhorbairtí eile ar an gcaighdeán seo amach anseo.

An norm do litreacha aitheantais na mBallstát

Beidh feidhm leis an norm ISO seo a leanas: ISO 3166 – cód 2 litir

Eurodac - Foirm méarlorg

1.	Uimhir thagartha				
2.	An áit a ndéanadh an t-iaratas ar chosaint idirnáisiúnta nó an áit ar gabhadh an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát				
3.	An dáta a rinneadh an t-iaratas ar chosaint idirnáisiúnta nó an dáta a gabhadh an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát				
4.	Gnéas				
5.	An dáta a giacadh na méarlorg				
6.	An dáta a tarchulreadh na sonraí chuig an Lárchóras				

10.5 mm ó bharr na foirme

10.5 mm ó bharr na foirme

20.5 mm ó bharr na foirme

LOIRG ROLLTA

1. Ordóg dheas	2. Corrmhéar dheas	3. Méar láir dheas	4. Méar an fháinne dheas	5. Méar bheag dheas
50 mm	40 mm	40 mm	40 mm	40 mm
	6. Ordóg chlé	7. Corrmhéar chlé	8. Méar láir chlé	9. Méar an fháinne chlé

40 mm

40 mm

LOIRG CHOMHRÉIDHE

LÁMH CHLÉ Glactar ceithre mhéar san am céanna 75 mm	AN DÁ ORDÓG Glactar an dá lorg san am céanna <table border="1" style="width: 100%; border-collapse: collapse;"> <tr> <td style="width: 50%; text-align: center;">CLÉ</td> <td style="width: 50%; text-align: center;">DEAS</td> </tr> <tr> <td style="height: 40px; vertical-align: middle;">30 mm</td> <td style="height: 40px; vertical-align: middle;">30 mm</td> </tr> </table>	CLÉ	DEAS	30 mm	30 mm	LÁMH DHEAS Glactar ceithre mhéar san am céanna 75 mm
CLÉ	DEAS					
30 mm	30 mm					

65 mm

55 mm

*IARSCRÍBHINN II***Rialacháin aisghairthe (dá dtagraítear in Airteagal 45)**

Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 ón gComhairle (IO L 316, 15.12.2000, lch 1.)

Rialachán (CE) Uimh. 407/2002 ón gComhairle (IO L 62, 5.3.2002, lch. 1.)

IARSCRÍBHINN III

Tábla comhghaoil

Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000	An Rialachán seo
Airteagal 1(1)	Airteagal 1(1)
Airteagal 1(2), an chéad fhomhír, pointe (a) agus pointe (b)	Airteagal 3(1)(a)
Airteagal 1(2), an chéad fhomhír, pointe (c)	—
Airteagal 1(2), an dara fhomhír	Airteagal 3(4)
Airteagal 1(3)	Airteagal 1(3)
Airteagal 2(1)(a)	
Airteagal 2(1)(b) go (e)	Airteagal 2(1)(a) go (d)
—	Airteagal 2(1)(e) go (j)
Airteagal 3(1)	—
Airteagal 3(2)	Airteagal 3(3)
Airteagal 3(3)(a) go (e)	Airteagal 8(1)(a) go (e)
—	Airteagal 8(1)(f) go (i)
Airteagal 3(4)	—
Airteagal 4(1)	Airteagal 9(1) agus Airteagal 3(5)
Airteagal 4(2)	—
Airteagal 4(3)	Airteagal 9(3)
Airteagal 4(4)	Airteagal 9(4)
Airteagal 4(5)	Airteagal 9(5)
Airteagal 4(6)	Airteagal 25(4)
Airteagal 5(1), pointí (a) go (f)	Airteagal 11, pointí (a) go (f)
—	Airteagal 11, pointí (g) go (k)
Airteagal 5(1), pointe (g) agus (h)	—
Airteagal 6	Airteagal 12
Airteagal 7	Airteagal 13
Airteagal 8	Airteagal 14
Airteagal 9	Airteagal 15
Airteagal 10	Airteagal 16
Airteagal 11(1) go (3)	Airteagal 17(1) go (3)
Airteagal 11(4)	Airteagal 17(5)
Airteagal 11(5)	Airteagal 17(4)
Airteagal 12	Airteagal 18
Airteagal 13	Airteagal 23
Airteagal 14	—

Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000	An Rialachán seo
Airteagal 15	Airteagal 27
Airteagal 16	Airteagal 28(1) agus (2)
—	Airteagal 28(3)
Airteagal 17	Airteagal 37
Airteagal 18	Airteagal 29(1),(2),(4) go (10) agus (12) go (15)
—	Airteagal 29(3) agus (11)
Airteagal 19	Airteagal 30
—	Airteagail 31 go 36
Airteagal 20	—
Airteagal 21	Airteagal 39(1) agus (2)
Airteagal 22	—
Airteagal 23	—
Airteagal 24(1) agus (2)	Airteagal 40(1) agus (2)
—	Airteagal 40(3) go (8)
Airteagal 25	Airteagal 41
Airteagal 26	Airteagal 42
—	Airteagail 43 go 45
Airteagal 27	Airteagal 46

Rialachán 407/2002/CE	An Rialachán seo
Airteagal 2	Airteagal 24
Airteagal 3	Airteagal 25(1) go (3)
—	Airteagal 25(4) agus (5)
Airteagal 4	Airteagal 26
Airteagal 5(1)	Airteagal 3(3)
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I
Iarscríbhinn II	—

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 604/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 26 Meitheamh 2013**

lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2)(e) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá roinnt athruithe substainteacha le déanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 ón gComhairle an 18 Feabhra 2003 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann arna thaisceadh ag náisiúnach tríú tír ⁽⁴⁾ i gceann de na Ballstáit. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Rialachán sin a athmhúnlú.

(2) Is comhpháirt é comhbheartas maidir le tearmann, lena n-áirítear Comhchóras Tearmainn Eorpach (CEAS), de chuspóir an Aontais Eorpaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú de réir a chéile, ar limistéar é a bheidh ar fáil dóibh siúd a bhfuil orthu, de bharr cúinsí áirithe, cosaint san Aontas a iarraidh go dlisteanach.

⁽¹⁾ IO C 317, 23.12.2009, lch. 115.

⁽²⁾ IO C 79, 27.3.2010, lch. 58.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Bealtaine 2009 (IO C 212 E.5.8.2010, lch. 370) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 6 Meitheamh 2013 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Meitheamh 2013 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽⁴⁾ IO L 50, 25.2.2003, lch. 1.

(3) D'aontaigh an Chomhairle Eorpach, ag a cruinniú speisialta in Tampere an 15 agus an 16 Deireadh Fómhair 1999, oibriú i dtreo CEAS a bhunú, bunaithe ar chur i bhfeidhm iomlán agus uileghabhálach Choinbhinsiún na Ginéive Maidir le Stádas Dídeanaithe an 28 Iúil 1951, arna fhorlónadh le Prótacal Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967 (dá ngairtear "Coinbhinsiún na Ginéive" anseo feasta), á áirithiú ar an dóigh sin nach seoltar aon duine ar ais chuig géarleanúint, i.e. ag cloí le prionsabal an *non-refoulement*. I dtaca leis seo, agus gan difear a dhéanamh do na critéir freagrachta a leagtar síos sa Rialachán seo, meastar gur tíortha sábháilte do náisiúnaigh tríú tíortha iad na Ballstáit toisc prionsabal an *non-refoulement* a bheith á urramú acu uile.

(4) Luadh i gconclúidí Tampere chomh maith gur cheart modh soiléir agus inoibrithé a bheith ar áireamh i CEAS, sa ghearrthearma, chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann.

(5) Ba cheart go mbeadh modh den sórt sin bunaithe ar chritéir atá oibiachtúil agus cothrom, do na Ballstáit agus do na daoine lena mbaineann araon. Ba cheart, go háirithe, go bhféadfaí dá thairbhe a chinneadh go tapa cé acu Ballstát atá freagrach, d'fhonn rochtain éifeachtach ar na nósanna imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus chun nach ndéanfar dochar don chuspóir iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil go tapa.

(6) Táthar tar éis an chéad chéim a chur i gcrích trí CEAS a chríochnú, ar céim í ar cheart nós imeachta comhchoiteann agus stádas aonfhoirmeach, a bheidh bailí ar fud an Aontais, dóibh siúd dá dtabharfar cosaint idirnáisiúnta a bheith mar thoradh uirthi. Ghlac an Chomhairle Eorpach an 4 Samhain 2004 Clár na Háige lena leagtar síos na cuspóirí atá le cur chun feidhme i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais sa tréimhse 2005-2010. I dtaca leis seo, iarradh i gClár na Háige ar an gCoimisiún Eorpach meastóireacht ar ionstraimí dlí na chéad chéime a chríochnú agus ionstraimí agus bearta an dara céim a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle d'fhonn iad a ghlacadh roimh 2010

(7) I gClár Stócólm, dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an athuair a thiomanta atá sí don chuspóir limistéar comhchoiteann ina dtairgfear cosaint agus dlúthpháirtíocht a bhunú, i gcomhréir le hAirteagal 78 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

dóibh siúd a dtugtar cosaint idirnáisiúnta dóibh, faoi 2012 ar a dhéanaí. Ina theannta sin, chuir sí i dtreis gur bunchloch é córas Bhaile Átha Cliath chun CEAS a fhorbairt, toisc go sanntar ann go soiléir freagracht i measc na mBallstát chun scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta.

- (8) Le hacmhainní na hOifige Eorpaí Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (EASO), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, ba cheart go mbeifí in ann tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil do sheirbhísí ábhartha na mBallstát atá freagrach as an Rialachán seo a chur chun feidhme. Ba cheart, go háirithe, go gcuirfeadh EASO bearta dlúthpháirtíochta ar fáil leis, amhail an Díorma um Idirghabháil Tearmainn, ag a mbeidh foirne tacaíochta tearmainn chun cúnaimh a thabhairt do na Ballstáit sin a bhfuil dianbhrú orthu agus i gcás nach bhféadfaidh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (dá ngairtear “iarratasóirí” anseo feasta) tairbhe a bhaint as caighdeáin leordhóthanacha go háirithe maidir le glacadh agus le cosaint.
- (9) I bhfianaise thorthaí na meastóireachtaí a rinneadh ar chur chun feidhme na n-ionstraimí chéad chéime, is iomchuí, ag an tráth seo, na prionsabail is bun le Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 a dhaingniú, ag déanamh na bhfeabhsuithe is gá san am céanna, i bhfianaise na taithí, ar éifeachtacht chóras Bhaile Átha Cliath agus ar an gcosaint a thugtar d’iarratasóirí faoin gcóras sin. Ó tharla go bhfuil sé rithábachtach do CET go mbeadh córas Bhaile Átha Cliath ag feidhmiú go maith, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar phrionsabail an chórais de réir mar a bheidh codanna eile de CET agus uirlisí dlúthpháirtíochta an Aontais á bhforbairt. Ba cheart foráil a dhéanamh do sheiceáil chuimsitheach oiriúnachta trí athbhreithniú fianaise-bhunaithe a dhéanamh a chuimseodh na héifeachtaí dlíthiúla, eacnamaíocha agus sóisialta atá ag córas Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear an éifeacht atá aige ar chearta bunúsacha.
- (10) D’fhonn cóir chomhionann do gach iarratasóir agus gach tairbhí cosanta idirnáisiúnta a áirithiú, agus comhsheasmhacht le *acquis* tearmainn Aontais atá ann cheana, go háirithe le Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 13 Nollaig 2011, maidir le caighdeáin i ndáil le cáilíocht náisiúnach tríú tíortha nó daoine gan stát mar thairbhíthe cosanta idirnáisiúnta ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhéanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí agus inneachar na cosanta a thugtar⁽²⁾, cuimseoidh raon feidhme an Rialacháin seo iarratasóirí ar chosaint choimhdeach agus daoine atá i dteideal cosanta coimhdí.
- (11) Ba cheart go mbeadh feidhm ag Treoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin íosta maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta⁽³⁾ maidir leis an nós imeachta chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach mar a rialáítear faoin Rialachán seo, faoi réir na dteorainneacha a bhaineann leis an Treoir sin a chur i bhfeidhm.
- (12) Ba cheart go mbeadh feidhm ag Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar⁽⁴⁾, sa bhreis air sin agus gan dochar do na forálacha maidir le cosaintí nós imeachta a rialáítear faoin Rialachán seo, faoi réir na dteorainneacha a bhaineann leis an Treoir sin a chur i bhfeidhm.
- (13) I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh 1989 agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ba cheart do Bhallstáit tús áite a thabhairt do leasa an linbh agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu. Agus leasa an linbh á mheas acu, ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt, go háirithe, ar fholláine agus ar fhorbairt sóisialta an mhionaoisigh, ar chúrsaí sábháilteachta agus slándála agus ar thuairimí an mhionaoisigh i gcomhréir lena aois nó lena haois agus a aibíocht nó a haibíocht, lena n-áirítear a chúlra nó a cúlra. Ina theannta sin, ba cheart ráthaíochtaí sonracha nós imeachta do mhionaoisigh neamhthionlachta a leagan síos de bharr a leochaileachta.
- (14) I gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ba cheart do Bhallstáit tús áite a thabhairt d’urramú shaol an teaghlaiigh agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu.
- (15) Is féidir a áirithiú, mar thoradh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ó bhaill aon teaghlaiigh amháin a bheith á bpróiseáil le chéile ag Ballstát amháin a phróiseáil, go scrúdófar na hiarratais go críochnúil, go bhfuil na cinntí a dhéantar ina leith comhsheasmhach agus nach scarfar baill aon teaghlaiigh amháin.
- (16) D’fhonn a áirithiú go n-urramófar ina iomláine prionsabal aontachta an aonaid teaghlaiigh agus d’fhonn leas an linbh a áirithiú, ba cheart do ghaol cleithiúnachta idir an t-iarratasóir agus a pháiste nó a páiste, a siblín nó a siblín, nó a thuismitheoir nó a thuismitheoir mar gheall ar thoircheas nó máithreachas an iarratasóra, sláinte nó seanaois, a bheith ina chritéar freagrachta ceangailteach. Nuair is mionaoiseach neamhthionlachta an t-iarratasóir, ba cheart ball teaghlaiigh nó gaol atá in ann aire a thabhairt dó nó di agus atá i láthair ar chríoch Ballstáit eile a bheith ina chritéar freagrachta ceangailteach freisin.

⁽¹⁾ IO L 132, 29.5.2010, lch. 11.

⁽²⁾ IO L 337, 20.12.2011, lch. 9.

⁽³⁾ Féach leathanach 96 den Iris Oifigiúil seo.

⁽⁴⁾ Féach leathanach 60 den Iris Oifigiúil seo.

- (17) Ba cheart go mbeadh aon Bhallstát in ann maolú ar na critéir freagrachta, go háirithe ar fhorais dhaonchairdiúla agus atruacha chun go bhféadfaí maidir le baill teaghlaigh, le gaolta nó le haon bhaill teaghlaigh eile a thabhairt le chéile, agus scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisctear leis nó le Ballstát eile, fiú mura bhfuil freagracht air an scrúdú sin a dhéanamh faoi na critéir cheangailteacha a leagtar síos sa Rialachán seo.
- (18) Ba cheart agallamh pearsanta leis an iarratasóir a eagrú chun go bhféadfaí a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. A luaithe a thaisctear an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, ba cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas go bhfuil an Rialachán seo i bhfeidhm agus go bhfuil an fhéidearthacht ann faisnéis a thabhairt, le linn an agallaimh, maidir le baill teaghlaigh, le gaolta nó le haon bhaill teaghlaigh eile a bheith sna Ballstáit d'fhonn an próiseas lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach a éascú.
- (19) Chun cosaint éifeachtach chearta na ndaoine lena mbaineann a áirithiú, ba cheart coimircí dlíthiúla agus an ceart leigheas éifeachtach a fháil i ndáil le cinntí a bhaineann le haistriú chuig an mBallstát atá freagrach a bhunú, i gcomhréir, go háirithe, leis na cearta a aithnítear in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Chun a áirithiú go n-urrómófar an dlí idirnáisiúnta, ba cheart go gcumhdódh leigheas éifeachtach in aghaidh cinntí den sórt sin scrúdú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus scrúdú ar an staid dhlíthiúil agus fhórasach sa Bhallstát a n-aistrítear an t-iarratasóir chuige.
- (20) Ba cheart iarratasóirí a choinneáil i gcomhréir leis an mbunphrionsabal nár cheart go gcoimeádfai duine faoi choinneáil ar an gcúis go bhfuil siad ag lorg cosanta idirnáisiúnta agus ar an gcúis sin amháin. Níor cheart duine a choinneáil ach don tréimhse is giorra is féidir agus ba cheart don choinneáil a bheith faoi réir phrionsabail an riachtanaís agus na comhréireachta. Ba cheart, go háirithe, go mbeadh coinneáil iarratasóirí i gcomhréir le hAirteagal 31 de Choinbhinsiún na Ginéive. Maidir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear leis an Rialachán seo i dtaca le duine faoi choinneáil, ba cheart iad a chur i bhfeidhm mar thosaíocht, agus laistigh de na sprioc-amanna is giorra is féidir. Maidir leis na rátháochtaí ginearálta lena rialaítear an choinneáil, agus maidir le coinníollacha na coinneála, ba cheart do na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, forálacha Threoir 2013/33/AE a chur i bhfeidhm freisin i gcás daoine a choinnítear ar bhonn an Rialacháin seo.
- (21) Nuair a bhíonn easnaimh i gcórais tearmainn nó nuair a theipeann orthu, go minic agus dianbhrú ag cur leis an bhfadhb, cuirtear feidhmiú rianúil an chórais a cuireadh ar bun faoin Rialachán seo i gcontúirt, agus d'fhéadfadh sé go sárófaí cearta na n-iarratasóirí mar a leagtar amach iad in *acquis* tearmainn an Aontais agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, cearta idirnáisiúnta eile an duine agus cearta dídeanaithe.
- (22) Ba cheart próiseas réamhrabhaidh, ullmhachta agus bainistithe géarchéime a bhunú ionas go seachnófaí aon mheathlú nó aon teip ar chórais tearmainn, agus ról tábhachtach ag EASO, ag baint úsáide as na cumhachtaí atá aige faoi Rialachán (AE) Uimh. 439/2010, chun comhar láidir a áirithiú faoi chuimsiú an Rialacháin seo agus chun muinín fhrithpháirteach a fhorbairt idir na Ballstáit i dtaca le beartas tearmainn. Ba cheart, le próiseas den sórt sin, go dtabharfaí foláireamh don Aontas a luaithe is féidir ós rud é go bhfuil inné ann go bhfuil feidhmiú rianúil an chórais a bhunaítear leis an Rialachán seo á chur i gcontúirt de thoradh brú áirithe ar chórais tearmainn Ballstáit amháin nó níos mó agus/nó de thoradh easnaimh i gcórais tearmainn Ballstáit amháin nó níos mó. Le próiseas den sórt sin, d'fhéadfadh an tAontas bearta coiscitheacha a chur chun cinn láithreach agus aird pholaitiúil iomchuí a thabhairt ar na dálaí sin. Is gné ríthábhachtach de CET í an dlúthpháirtíocht, agus bíonn an dlúthpháirtíocht agus an mhuinín fhrithpháirteach ann in éineacht le chéile. Trí chur leis an muinín, d'fhéadfaí, leis an bpróiseas réamhrabhaidh, ullmhachta agus bainistithe géarchéime, feabhas a chur ar bhearta nithiúla i dtaca le fíor-dhlúthpháirtíocht phraiticiúil le Ballstáit chun cuidiú, i gcoitinne, leis na Ballstáit atá faoi réir na géarchéime agus chun cuidiú, go háirithe, leis na hiarratasóirí. I gcomhréir le hAirteagal 80 CFAE ina n-éilítear, nuair is gá sin, go mbeadh bearta iomchuí chun éifeacht a thabhairt do phrionsabal na dlúthpháirtíochta i ngníomhartha an Aontais, agus ba cheart go mbeadh bearta den sórt sin ag gabháil leis an bpróiseas. Leis na conclúidí maidir le Comhchreat don fhíor-dhlúthpháirtíocht phraiticiúil leis na Ballstáit sin a bhfuil dianbhrú ar a gcórais tearmainn, lena n-áirítear trí shreabha den imirce mheasctha, a ghlac an Chomhairle an 8 Márta 2012, ghlac an Chomhairle déantar foráil do shraith uirlisí de bhearta atá ann cheana agus de bhearta nua a d'fhéadfadh a bheith ann agus ba cheart iad a chur i gcuntas i gcomhthéacs sásra réamhrabhaidh, ullmhachta agus bainistithe géarchéime.
- (23) Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar le EASO chun faisnéis a bhailiú faoina gcumas dianbhrú ar a gcórais tearmainn agus glactha a bhainistiú, go háirithe faoi chuimsiú chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart do EASO tuarascáil a thabhairt go tráthrialta ar an bhfaisnéis a bhailítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 439/2010.
- (24) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 ón ⁽¹⁾, féadfar aistriú chuig an mBallstát atá freagrach as iarratas ar chur i bhfeidhm chosaint idirnáisiúnta a scrúdú a dhéanamh ar bhonn deonach, trí bhithin imeachta faoi mhaoirseacht nó faoi choimhdeacht. Ba cheart do Bhallstáit aistriú deonacha a chur chun cinn trí fhaisnéis leordhóthanach a chur ar fáil don iarratasóir agus a áirithiú go ndéantar aistriú faoi mhaoirseacht nó faoi choimhdeacht ar bhealach daonnachtúil, agus cearta bunúsacha agus dínit an duine á chomhlíonadh go hiomlán agus le hurraim ar dhínit an duine, chomh maith le leas an linbh, lena n-áirítear go hiomlán gach

⁽¹⁾ IO L 222, 5.9.2003, lch. 3.

forbairtí sa chásdlí ábhartha, go háirithe maidir le haistrithe ar fhorais dhaonnúla.

- (25) I ngeall ar limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina ráthaítear saorghluaiseacht daoine i gcomhréir le CFAE a bheith á chruthú de réir a chéile agus beartais de chuid an Aontais maidir le coinníollacha iontrála agus fanachta náisiúnach tríú tíortha a bheith á mbunú, lena n-áirítear iarrachtaí chun teorainneacha seachtracha a bhainistiú le chéile, is gá cothromaíocht a bhaint amach i measc na gcritéar freagrachta i meon dlúthpháirtíochta.
- (26) Beidh feidhm maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag na Ballstáit ag Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin ⁽¹⁾ faoin Rialachán seo.
- (27) Áiríteofar le malartú sonraí pearsanta iarratasóirí, lena n-áirítear sonraí íogaire maidir lena sláinte, a bheidh le haistriú sula ndéanfar an t-aistriú féin gur féidir leis na húdaráis inniúla tearmainn cúnamh leordhóthanach a thabhairt d'iarratasóirí agus leanúnachas a áirithiú maidir leis an gcosaint agus na cearta a thugtar dóibh. Ba cheart forálacha speisialta a dhéanamh d'fhonn cosaint sonraí a bhaineann le hiarratasóirí a bhfuil baint acu leis an gcás sin a áirithiú, i gcomhréir le Treoir 95/46/CE.
- (28) Is féidir cur i bhfeidhm an Rialacháin a éascú, agus a éifeachtúlacht a neartú, trí shocruithe déthaobhacha idir Ballstáit chun cumarsáid idir ranna inniúla a fheabhsú, teorainneacha ama do nósanna imeachta a laghdú nó próiseáil iarrataí ar ghabháil ar láimh nó ar ghabháil ar ais a shimpliú, nó nósanna imeachta chun aistrithe a chur i gcrích a bhunú.
- (29) Ba cheart leanúnachas a áirithiú idir an córas lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 agus an córas a bhunaítear leis an Rialachán seo. Ar an gcuma chéanna, ba cheart comhchuibheas a áirithiú idir an Rialachán seo agus Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú Eurodac chun méarloirg a chur i gcomparáid ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó duine gan stát agus maidir le comparáidí le sonraí Eurodac arna n-iarraidh ag údaráis um fhorghníomhú an dlí ag údaráis um fhorghníomhú an dlí sna Ballstáit agus ag Europol chun críocha an dlí a fhorghníomhú sna Ballstáit agus ag Europol chun críocha an dlí a fhorghníomhú ⁽²⁾.
- (30) Ba cheart go n-éascódh feidhmiú chóras Eurodac, mar a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (31) Ba cheart go n-éascófaí cur i bhfeidhm an Rialacháin seo trí bhithin oibriú an Córas Faisnéise Víosáí, mar a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosáí (VIS) agus malartú sonraí idir Ballstáit ar víosaí gearrfhanachta ⁽³⁾ agus go háirithe cur chun feidhme Airteagal 21 agus Airteagal 22 de.
- (32) Maidir leis an gcaoi ina gcaitear le daoine a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, tá Ballstáit faoi cheangal ag na hoibleagáidí atá orthu faoi ionstraimí dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cás-dlí ábhartha na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.
- (33) D'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún ⁽⁴⁾.
- (34) Ba cheart leas a bhaint as an nós imeachta scrúdúcháin chun bileog eolais choiteann maidir le Baile Átha Cliath/ Eurodac a ghlacadh, mar aon le bileog shonrach do mhionaoisigh neamhthionlactha; agus foirm caighdeánach aige don mhalartú faisnéise ábhartha i dtaca le mionaoisigh neamhthionlactha; chun choinníollacha aonfhoirmeacha a ghlacadh don chomhairliúchán agus don mhalartú faisnéise i ndáil le mionaoisigh neamhthionlactha agus le cleithiúnaithe; chun coinníollacha aonfhoirmeacha a ghlacadh i dtaca le hiarrataí ar ghabháil ar láimh agus ar ghabháil ar ais a ullmhú agus a tharchur, chun dhá liosta ina léirítear na heilimintí ábhartha i ndáil le eilimintí cruthúnais agus fianaise imthoiscí a ghlacadh; agus an t-athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanfar orthu; chun *laissez-passer* a ghlacadh; chun coinníollacha aonfhoirmeacha a ghlacadh don chomhairliúchán agus don mhalartú faisnéise i ndáil le haistrithe a dhéanamh; chun foirm chaighdeánach a dhréachtú i dtaca le malartú dáta roimh an t-aistriú; chun teastas sláinte coitianta a ghlacadh; chun coinníollacha aonfhoirmeacha agus socruithe praiticiúla a ghlacadh maidir le malartú faisnéise i dtaca le sonraí sláinte an duine sula ndéanfar an t-aistriú, agus chun sruthanna sábháilte tarchuir leictreonaigh maidir le tarchur iarrataí a ghlacadh.

⁽¹⁾ IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

⁽²⁾ Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo.

⁽³⁾ IO L 218, 13.8.2008, lch. 60.

⁽⁴⁾ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

- (35) Chun go bhféadfaí foráil a dhéanamh do rialacha forlíontacha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a thabhairt don Choimisiún maidir le baill teaghlaigh, siblíní nó gaolta an mhionaoisigh neamhthionlactha a shainnint; na critéir chun naisc chruthaithe theaghlaigh a bhunú; na critéir nach mór a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar inniúlacht an duine mhuinteartha aire a thabhairt don mhionaoiseach neamhthionlactha i gcásanna ina bhfuil cónaí ar bhaill teaghlaigh, siblíní nó gaolta an mhionaoisigh neamhthionlactha i mBallstát amháin nó níos mó; na heilimintí chun an nasc spleáchais a mheasúnú; na critéir i ndáil leis an duine lena mbaineann chun aire a thabhairt don chleithiúnach a mheasúnú agus chun na gnéithe nach mór a chur san áireamh chun éagumas taisteal ar feadh tréimhse suntasach ama a mheasúnú. Agus a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige chun gníomhartha tarmlichte a ghlacadh, ní sháróidh an Coimisiún raon feidhme leas an linbh dá bhforáiltear faoi Airteagal 6(3) den Rialachán seo. Tá sé tábhachtach go háirithe go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn an ullmhúcháin a bheidh ar bun aige, lena n-áirítear comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe. Agus gníomhartha tarmlichte á n-ullmhú agus á ndruchtú ag an gCoimisiún, ba cheart dó a áirithiú go dtarchuirtear na doiciméid ábhartha chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle go tráthúil, iomchuí agus go comhuaineach.
- (36) Agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, lena n-áirítear gníomhartha tarmlichte a ullmhú, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le, i measc daoine eile, na húdaráis náisiúnta ábhartha uilig.
- (37) Leagadh síos i Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 a chur chun feidhme. Ba cheart forálacha áirithe Rialacháin (CE) Uimh. 1560/2003 a ionchorprú sa Rialachán seo, ar mhaithe le soiléireacht nó toisc gur féidir leo freastal ar chuspóir ginearálta. Tá sé tábhachtach, go háirithe, do na Ballstáit agus na hiarratasóirí lena mbaineann, go mbeadh sásra ginearálta ann chun réiteach a fháil i gcásanna ina bhfuil easaontas idir Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm forála den Rialachán seo. Is ceart, dá bharr sin, an sásra dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 maidir le díospóidí a bhaineann leis an gclásal daonchairdiúil a réiteach a chorprú sa Rialachán seo agus a raon feidhm a chuimsiú faoin Rialachán seo ina iomláine.
- (38) Is gá go ndéanfar meastóireacht go tráthrialta chun go mbeidh faireachán éifeachtach ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (39) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCAirt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Féachann an Rialachán seo, ach go háirithe, le hurramú iomlán an chirt chun tearmainn a áirithítear le hAirteagal 18 den Chairt a chinntiú mar aon leis na gcearta a aithnítear faoi Airteagail 1, 4, 7, 24 agus 47 den Chairt sin a chur chun cinn. Ba cheart, dá bharr sin, an Rialachán seo a chur i bhfeidhm dá réir.
- (40) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach, eadhon critéir agus sásraí a bhunú chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBallstát atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, a thaisctear i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát a scrúdú, agus gur fearr is féidir dá bhrí sin, de bharr scála agus éifeachtaí, a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, de réir phrionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) é. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (41) I gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótocal Uimh. 21 maidir le Seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, thug na Ballstáit sin fógra gur mian leo a bheith rannpháirteach agus an Rialachán seo á ghlacadh agus á chur i bhfeidhm.
- (42) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal le CAE agus le CFAE, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach nuair a ghlacfar an Rialachán seo agus ní bheidh sí faoi cheangal ná faoi réir chur i bhfeidhm an Rialacháin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

ÁBHAR AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (dá ngairtear “an Ballstát atá freagrach” anseo feasta).

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo:

- (a) ciallaíonn “náisiúnach tríú tír” aon duine nach saoránach den Aontas de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE agus ar duine é nach náisiúnach de Stát atá rannpháirteach sa Rialachán seo de bhua comhaontaithe leis an Aontas Eorpach;

- (b) ciallaíonn “iarratas ar chosaint idirnáisiúnta” iarratas ar chosaint idirnáisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(h) de Threoir 2011/95/AE;
- (c) ciallaíonn “iarratasóir” náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta aige, nach bhfuil cinneadh críochnaitheach déanta ina leith fós;
- (d) ciallaíonn “scrúdú ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta” aon scrúdú ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, nó aon chinneadh ina leith nó aon rialú air, a dhéanann na húdaráis inniúla i gcomhréir le Treoir 2013/32/AE agus le Treoir 2011/95/AE, cé is moite de na nósanna imeachta chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach i gcomhréir leis an Rialachán seo;
- (e) ciallaíonn “tarraingt siar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta” na bearta trína gcuireann an t-iarratasóir deireadh leis na nósanna imeachta a tionscnaíodh nuair a thíolaic sé nó sí a iarratas nó a hiarratas, i gcomhréir le Treoir 2013/32/AE, go sainráite nó go neamhinste;
- (f) ciallaíonn “tairbhí cosanta idirnáisiúnta” náisiúnach tríú tír nó duine gan stát dár deonaíodh cosanta idirnáisiúnta, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(a) de Threoir 2011/95/AE ón gComhairle í;
- (g) ciallaíonn “baill teaghlaigh”, sa mhéid gurb ann cheana don teaghlach sa tír thionscnaimh, na baill seo a leanas de theaghlach an iarratasóra atá i láthair ar chríoch na mBallstát:
- céile an iarratasóra nó a chomhpháirtí nó a comhpháirtí neamhphósta, a bhfuil caidreamh seasmhach eatarthu, i gcás ina ndéileáiltear i ndlí nó i gcleachtas an Bhallstáit lena mbaineann le lánúineacha neamhphósta i slí is inchoimparáide leis an gcaoi ina ndéileáiltear le lánúineacha pósta faoina dhlí maidir le náisiúnaigh tríú tíortha,
 - leanaí mionaoiseacha na lánúineacha dá dtagraítear sa chéad fhleasc, nó an iarratasóra, ar choinníoll nach bhfuil siad pósta agus is cuma ar rugadh nó nach rugadh iad de phósadh nó is cuma ar uchtaíodh iad faoi mar a shainmhínítear faoi dhlí náisiúnta,
 - i gcás gur mionaoiseach an t-iarratasóir agus nach bhfuil sé nó sí pósta, athair, máthair nó duine fásta eile atá freagrach as an iarratasóir, de réir dhlí nó de réir chleachtas an Bhallstáit ina bhfuil an duine fásta,
 - i gcás gur mionaoiseach tairbhí na cosanta idirnáisiúnta dó agus nach bhfuil sé nó sí pósta, athair, máthair nó duine fásta eile atá freagrach as an tairbhí, cibé acu de
- réir dhlí nó de réir chleachtas an Bhallstáit ina bhfuil an tairbhí i láthair,
- (h) ciallaíonn “gaol” aintín fhásta nó uncail fásta an iarratasóra, seanathair nó seanmháthair an iarratasóra atá i láthair i gcríoch an Bhallstáit is cuma ar rugadh nó nach rugadh an t-iarratasóir de phósadh nó is cuma ar uchtaíodh iad mar a shainítear faoin dlí náisiúnta;
- (i) ciallaíonn “mionaoiseach” náisiúnach tríú tír nó duine gan stát faoi bhun 18 mbliana;
- (j) ciallaíonn “mionaoiseach neamhthionlactha” mionaoiseach a shroicheann críoch na mBallstát gan tionlacan duine fásta atá freagrach as nó aisti, de réir dhlí nó de réir chleachtas náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann, agus fad nach dtógtar faoi chúram an duine fásta sin é nó í; cuirtear san áireamh mionaoisigh a fhágtar i riocht neamhthionlactha tar éis dóibh iontráil i gcríoch Ballstát;
- (k) ciallaíonn “ionadaí” duine nó eagraíocht a cheapann na comhlachtaí inniúla chun cúnaimh a thabhairt do mhionaoiseach neamhthionlactha agus chun ionadaíocht a dhéanamh air i nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo chun leasa an mhionaoisigh a áirithiú agus chun inniúlacht dhlíthiúil a fheidhmiú don mhionaoiseach nuair is gá. I gcás ina gceapfar eagraíocht mar ionadaí, ainmneoidh sí duine le bheith freagrach as a cuid dualgas a chomhlíonadh i ndáil leis an mionaoiseach, i gcomhréir leis an Rialachán seo;
- (l) ciallaíonn “doiciméad cónaithe” aon údarú a eisíonn údaráis Ballstáit lena n-údaraítear do náisiúnach tríú tír nó do dhuine gan stát fanacht ina chríoch, agus na doiciméid a thugann bunús leis an údarú fanacht sa chríoch faoi shocrúithe sealadacha cosanta nó go dtí nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na cúinsí a chuireann bac ar ordú aistrithe a chur i gcrích, ach amháin víosaí agus údaruithe cónaithe a eisítear i rith na tréimhse is gá chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach faoi mar a leagtar síos sa Rialachán seo nó i rith an scrúdaithe ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta nó ar iarratas ar chead cónaithe;
- (m) ciallaíonn “víosa” údarú nó cinneadh Ballstáit atá riachtanach chun idirthuras a dhéanamh tríd an mBallstát sin nó chun iontráil sa Bhallstát sin nó i roinnt Ballstát ar feadh tréimhse beartaithe fanachta. Déanfar cinneadh maidir leis an saghas víosa a bheidh i gceist de réir na sainmhínte seo a leanas:
- ciallaíonn “víosa fadfhanachta” údarú nó cinneadh a eisíonn ceann de na Ballstáit i gcomhréir lena dhlí náisiúnta nó le dlí an Aontais agus atá riachtanach chun iontráil ar feadh tréimhse beartaithe fanachta níos faide ná trí mhí sa Bhallstát sin;

- ciallaíonn “víosa gearrfhanachta” údarú nó cinneadh Ballstáit atá riachtanach chun idirthuras a dhéanamh nó chun fanacht i gcríoch Bhallstát amháin nó níos mó, nó iad go léir, ar feadh tréimhse nach faide ná trí mhí in aon tréimhse sé mhí ag tosú ar dháta na céad iontrála ar chríoch na mBallstát;
 - ciallaíonn “víosa idirthurais aerfoirt” víosa atá bailí chun idirthuras a dhéanamh trí limistéar idirnáisiúnta idirthurais in aerfort amháin nó níos mó sna Ballstáit;
- (n) ciallaíonn “ríosa éalaithe” go bhfuil cúiseanna ann i gcás faoi leith, atá bunaithe ar chritéir oibiachtúla a shainítear sa dlí, chun a chreidiúint go n-éalódh iarratasóir nó náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá faoi réir nós imeachta maidir le haistriú éalú.

CAIBIDIL II

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA AGUS COIMIRCI

Airteagal 3

Rochtain ar an nós imeachta chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú

1. Déanfaidh na Ballstáit scrúdú ar aon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaiscfeadh náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a chuirfidh iarratas isteach ar chríoch aon Bhallstáit acu, lena n-áirítear ag an teorainn nó sna limistéir idirthurais. Déanfaidh Ballstát amháin scrúdú ar an iarratas, ar Ballstát é a thabharfar le fios sna critéir a leagtar amach i gCaibidil III go mbeidh sé freagrach.

2. I gcás nach féidir Ballstát atá freagrach a ainmniú ar bhonn na gcritéir a liostaítear sa Rialachán seo, beidh an chéad Bhallstát ar taisceadh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta leis freagrach as scrúdú a dhéanamh air.

I gcás inar féidir iarratasóir a aistriú chuig an mBallstát a ainmníodh mar an bpríomh-Bhallstát atá freagrach toisc go bhfuil cúiseanna maithe ann lena chreidiúint go bhfuil lochtanna córasacha sa nós imeachta tearmainn agus sna coinníollacha glactha i gcás iarratasóirí sa Bhallstát sin, rud a chiallaíonn go bhféadfaí caitheamh leo ar bhealach mídháonna nó táireach de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, scrúdóidh an Ballstát a mbeidh an cinneadh á dhéanamh aige cé acu Ballstát atá freagrach na critéir a leagtar amach i gCaibidil III, lena shuíomh an bhféadfar Ballstát eile a ainmniú le bheith freagrach.

I gcás nach féidir an t-aistriú a dhéanamh de bhun na míre seo chuig aon Bhallstát a ainmníodh ar bhonn na gcritéir a leagtar amach i gCaibidil III ná chuig an gcéad Bhallstát inar taisceadh an t-iarratas, beidh an Ballstát atá freagrach ina Bhallstát a mbeidh an cinneadh á dhéanamh aige.

3. Coimeádfaidh aon Bhallstát an ceart an t-iarratasóir a chur chuig tríú tír shábháilte, faoi réir na rialacha agus na gcoimircí a leagtar síos i dTreoir 2013/32/AE.

Airteagal 4

Ceart chun faisnéise

1. A luaithe a thaiscfead iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, laistigh de bhrí Airteagal 20(2), i mBallstát cuirfidh a údarás inniúla cur i bhfeidhm an Rialacháin seo in iúl don iarratasóir, agus cuirfidh siad in iúl go háirithe:

- (a) cuspóirí an Rialacháin seo agus na hiarmhairtí a bhaineann le hiarratas eile a thaisceadh i mBallstát eile chomh maith leis na hiarmhairtí a bhaineann le haistriú ó Bhallstát amháin go Ballstát eile le linn na gcéimeanna nuair a chinnfead cé acu Ballstát atá freagrach faoin Rialachán seo agus nuair a bheidh scrúdú á dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta;
- (b) na critéir lena gcinntear an Ballstát atá freagrach agus ordlathas critéir den sórt sin i gcéimeanna éagsúla an nós imeachta, an ré a mhairfidh siad, agus freisin go bhféadfadh sé, le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaiscfead i mBallstát amháin, go mbeadh an Ballstát sin freagrach faoin Rialachán seo fiú mura bhfuil freagracht den sórt sin bunaithe ar na critéir sin;
- (c) an t-agallamh pearsanta de bhun Airteagal 5 agus an fhéidearthacht faisnéis a thfolacadh maidir le baill teaghlaigh, gaolta nó aon bhaill teaghlaigh eile bheith i láthair sna Ballstáit, lena n-áirítear an bealach a bhféadfaidh an t-iarratasóir an fhaisnéis sin a thabhairt;
- (d) an fhéidearthacht agóid a dhéanamh i gcoinne cinnidh aistrithe agus, i gcás inarb infheidhme, iarratas a dhéanamh an t-aistriú a chur ar fionraí;
- (e) gur féidir le húdarás inniúla na mBallstát a shonraí nó a sonraí a mhalartú chun a gcuid oibleagáidí a eascróidh as an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus chuige sin amháin;
- (f) go bhfuil ceart rochtana aige nó aici ar shonraí a bhaineann leis nó léi, agus an ceart a iarraidh go gceartófaí sonraí den sórt sin más sonraí míchruinne iad nó go scriosfaí iad más rud é go próiseáladh go neamhdhleathach iad, chomh maith leis na nósanna imeachta chun na cearta sin a fheidhmiú lena n-áirítear sonraí teagmhála na n-údarás dá dtagraítear in Airteagal 35 agus sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí atá freagrach as éisteacht le héilimh a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.

2. Cuirfead an t-eolas dá dtagraítear i mír 1 ar fáil i scríbhinn i dteanga a thuigeann an t-iarratasóir nó a cheaptar le réasún go bhfuil an t-iarratasóir in ann í a thuiscint. Bainfidh Ballstát úsáid as an mbileog choiteann a tharraingeofar suas de bhun mhír 3 chun na críche sin.

Nuair is iomchuí ar mhaithe le tuiscint cheart an iarratasóra, cuirfead an t-eolas ar fáil ó bhéal, mar shampla maidir leis an agallamh dá dtagraítear in Airteagal 5.

3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bileog choiteann, mar aon le bileog shonrach do mhionaoisigh neamhthionlactha, ina mbeidh ar a laghad an t-eolas dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a tharraingt suas. Áireofar freisin leis an mbileog choiteann sin faisnéis faoi chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 agus, go háirithe, faoin gcríoch ar chuige a fhéadfar sonraí an iarratasóra lena mbaineann a phróiseáil laistigh de Eurodac. Bunófar an bhileog choiteann ar bhealach ina chumasófar do na Ballstáit í a chur i gcrích le faisnéis bhreise is sonrach do na Ballstáit. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(2) den Rialachán seo.

Airteagal 5

Agallamh pearsanta

1. D'fhonn an próiseas chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach faoin Rialachán seo a éascú. Déanfaidh an Ballstát a mbeidh an cinneadh á dhéanamh aige agallamh pearsanta leis an iarratasóir. Leis an agallamh, cinnteofar go dtuigfidh an t-iarratasóir i gceart an fhaisnéis a seoladh chuige i gcomhréir le hAirteagal 4.

2. Ní gá an t-agallamh pearsanta a dhéanamh más rud é:

(a) gur éalaigh an t-iarratasóir; nó

(b) tar éis don iarratasóir an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4 a fháil, go mbeidh faisnéis ábhartha curtha ar fáil cheana féin aige ionas go bhféadfar a chinneadh, trí bhealaí eile, cé acu Ballstát atá freagrach. An Ballstát sin a chinn gan an t-agallamh a dhéanamh, tabharfaidh sé deis don iarratasóir gach faisnéis atá ábhartha a chur ar fáil a bheidh riachtanach chun a chinneadh i gceart cé acu Ballstát atá freagrach sula ndéanfar cinneadh an t-iarratasóir a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach de bhun Airteagal 26(1).

3. Déanfar an t-agallamh pearsanta go tráthúil agus, ar aon nós, sula ndéanfar aon chinneadh an t-iarratasóir a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach de bhun Airteagal 26(1).

4. Déanfar an t-agallamh pearsanta i dteanga a thuigeann an t-iarratasóir nó a cheaptar le réasún go bhfuil an t-iarratasóir in ann í a thuiscint agus ina bhfuil sé nó sí in ann cumarsáid a dhéanamh. Nuair is iomchuí, beidh na Ballstáit in ann dul ar iontaoibh ateangaire a bheidh in ann cumarsáid chuí a áirithiú idir an t-iarratasóir agus an duine a dhéanfaidh an t-agallamh pearsanta.

5. Déanfar an t-agallamh pearsanta faoi choinníollacha a áiritheoidh rúndacht chuí. Duine a bheidh cáilithe faoin dlí náisiúnta a chuirfidh agallamh ar an iarratasóir.

6. Cuirfidh an Ballstát a dhéanfaidh an t-agallamh pearsanta a choimre i scríbhinn de ina mbeidh, ar a laghad, an phríomhfaisnéis a thug an t-iarratasóir ag an agallamh.

Tabharfar an achoimre sin i bhfoirm tuairisce nó i bhfoirm chaighdeánach. Áiritheoidh an Ballstát go mbeidh rochtain thráthúil ar an achoimre ag an iarratasóir agus/nó ag comhairleoir dlí nó ag comhairleoir eile a dhéanann ionadaíocht ar an iarratasóir.

Airteagal 6

Ráthaíochtaí do mhionaoisigh

1. Tabharfaidh Ballstáit tús áite do leas an mhionaoisigh maidir le gach nós imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh ionadaí ionadaíocht thar ceann an mhionaoisigh neamhthionlactha, nó go gcuideoidh ionadaí leis an mionaoiseach neamhthionlactha maidir le gach nós imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Beidh cáilíochtaí agus saineolas cuí ag an ionadaí lena áirithiú go gcuirfead leas an mhionaoisigh san áireamh le linn na nósanna imeachta a chuirfead i gcrích faoin Rialachán seo. Beidh rochtain ag ionadaí den sórt sin ar ábhar na ndoiciméad ábhartha i gcomhad an iarratasóra lena n-áirítear an bhileog shonrach do mhionaoisigh neamhthionlactha.

Beidh an mhír seo gan dochar do fhorálacha ábhartha Airteagal 25 de Threoir 2013/32/AE.

3. Agus leas an linbh á mheasúnú, comhoibreoidh na Ballstáit go dlúth agus cuirfidh siad, go háirithe, na tosca seo a leanas san áireamh:

(a) féidearthachtaí maidir le teaghlaigh a athaontú;

(b) dea-bhail agus forbairt shóisialta an mhionaoisigh, agus cúlra an mhionaoisigh á chur san áireamh, go háirithe;

(c) cúinsí slándála agus sábháilteachta, go háirithe nuair a bheidh riosca ann gur íospartach gáinneála é an leanbh;

(d) tuairimí an mhionaoisigh, i gcomhréir lena aois nó a lena haois agus lena aibíocht nó lena haibíocht.

4. Chun Airteagal 8 a chur i bhfeidhm, déanfaidh an Ballstát inar ndearna an mionaoiseach neamhthionlactha an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh gníomh iomchuí, a luaithe is féidir, chun aon bhail teaghlaigh, siblíní nó gaolta an mhionaoisigh neamhthionlactha i gcríoch na mBallstát a shainaitheint, agus leas an linbh á chosaint aige ag an am céanna.

Chuige sin, féadfaidh an Ballstát sin cúnaimh a lorg ó eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ó eagraíochtaí ábhartha eile, féadfaidh siad rochtain an mhionaoisigh ar sheirbhísí cuardaigh na n-eagraíochtaí sin a éascú.

Beidh oiliúint iomchuí i dtaca le sainriachtanais na mionaoiseach ar fhoireann na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 35 agus a bheidh ag déileáil le hiarrataí maidir le mhionaoisigh neamhthionlactha, agus cuirfead oiliúint orthu ar bhonn leanúnach.

5. D'fhonn an gníomh iomchuí a éascú chun ball teaghlaigh, siblín nó gaol an mhionaoisigh gan tionlacan atá ina chónaí i gcricloch Bhallstáit eile de bhun mhír 4 den Airteagal seo a shaináithint, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena n-áirítear foirm chaighdeánach chun faisnéis iomchuí a mhalartú idir Ballstáit. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(2).

CAIBIDIL III

CRITÉIR CHUN A CHINNEADH CÉ ACU BALLSTÁT ATÁ FREAGRACH

Airteagal 7

Ordlathas na gcritéar

1. Cuirfear na critéir chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach i bhfeidhm san ord ina leagtar síos sa Chaibidil seo iad.

2. Déanfar cinneadh maidir leis an mBallstát atá freagrach i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos sa Chaibidil seo bunaithe ar an staid ina mbeidh cúrsaí nuair a thaiscfidh an t-iarratasóir a iarratas nó a hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta le Ballstát den chéad uair.

3. I bhfianaise chur i bhfeidhm na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 8, in Airteagal 10 agus in Airteagal 16, cuirfidh na Ballstáit san áireamh aon fhianaise a bheidh ar fáil dóibh maidir le baill teaghlaigh, siblíní, tuismitheoirí nó gaolta eile de chuid an iarratasóra, a bheidh i láthair ar chríoch an Bhallstáit, ar choinníoll go gcuirfear an fhianaise sin in iúl sula nglacfaidh Ballstát eile leis an iarraidh an duine lena mbaineann a ghabháil ar láimh nó a thógáil ar ais de bhun Airteagal 22 agus Airteagal 25 faoi seach agus ar choinníoll nach mbeidh iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chuir an t-iarratasóir isteach roimhe sin fós faoi réir céad chinnidh a rinneadh maidir leis an tsubstaint.

Airteagal 8

Mionaoisigh

1. I gcás inar mionaoiseach neamhthionlactha an t-iarratasóir, is é sa Bhallstát freagrach an Ballstát ina mbeidh ball teaghlaigh nó siblín an mhionaoisigh neamhthionlactha i láthair go dleathach, ar choinníoll gur chun leasa an mhionaoisigh é. I gcás inar mionaoiseach pósta é an t-iarratasóir ach nach mbeidh a chéile i láthair ar chríoch na mBallstát, is é an Ballstát atá freagrach an Ballstát ina mbeidh athair, máthair nó duine fásta eile a bheidh freagrach as an mionaoiseach i gcomhréir le dlí nó i gcomhréir le cleachtas an Bhallstáit sin, nó an siblín i láthair go dleathach.

2. I gcás inar mionaoiseach neamhthionlactha an t-iarratasóir a mbeidh gaol a bheidh i láthair go dleathach i mBallstát eile aige nó aici agus nuair a shuifear de bhun scrúdaithe indibhidiúil go bhfuil an duine sin in ann aire a thabhairt dó nó di, beidh an Ballstát sin freagrach as an mionaoiseach a

athaontú lena ghaol nó gaolagus beidh an beidh sé mar an Ballstát atá freagrach, ar choinníoll gur chun leasa an mhionaoisigh é seo.

3. I gcás ina bhfanann ball teaghlaigh, gaol nó siblíní dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 i níos mó ná Ballstát amháin, déanfar cinneadh cé acu Ballstát atá freagrach bunaithe ar leas an mhionaoisigh neamhthionlactha.

4. I gcás nach mbeidh ball teaghlaigh, gaol nó siblín dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 i láthair, is é an Ballstát lenar thaisc an mionaoiseach neamhthionlactha a iarratas nó a hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta a bheidh freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, ar choinníoll gur chun leasa an mhionaoisigh é.

5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 45 a bhaineann le baill teaghlaigh, siblíní nó gaolta an mhionaoisigh gan tionlacan a shaináithint, lena n-áirítear na critéir chun naisc chruthaithe teaghlaigh a bhunú, na critéir chun acmhainneacht an ghaoil chun aire a thabhairt don mhionaoiseach gan tionlacan á mheas, lena n-áirítear sa chás ina bhfanfaidh baill teaghlaigh, siblíní nó gaolta an mhionaoisigh gan tionlacan i níos mó ná Ballstát amháin. Agus a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ní sháróidh an Coimisiún raon feidhme leas an linbh dá bhforáiltear faoi Airteagal 6(3).

6. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, coinníollacha aonfhoirmeacha a bhunú don chomhairliúchán agus chun faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(2).

Airteagal 9

Baill teaghlaigh ar daoine iad a bhaineann tairbhe as cosaint idirnáisiúnta

I gcás ina mbeidh ball teaghlaigh, is cuma ar bunaíodh nó nár bunaíodh an teaghlach cheana sa tír thionscnaimh ag an iarratasóir, ar tugadh cead dó nó di cónaí mar dhuine dár deonaíodh cosaint idirnáisiúnta i mBallstát, beidh an Ballstát sin freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, ar choinníoll gur chuir na daoine lena mbaineann a mian in iúl i scríbhinn.

Airteagal 10

Baill teaghlaigh is iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta

Má tá ball teaghlaigh i mBallstát ag an iarratasóir nach raibh a iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sa Bhallstát sin fós faoi réir céad chinnidh a rinneadh maidir leis an tsubstaint, beidh an Ballstát sin freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, ar choinníoll gur chuir na daoine lena mbaineann a mian in iúl i scríbhinn.

*Airteagal 11***Nós imeachta teaghlaigh**

I gcás ina dtaiscfidh roinnt ball teaghlaigh, agus/nó siblíní mionaoiseacha neamhphósta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta sa Bhallstát céanna ag an am céanna, nó ar dhátaí sách gar dá chéile chun go bhféadfaí na nósanna imeachta chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach a chur i gcrích ag an am céanna, agus i gcás ina scarfaí óna chéile iad mar thoradh ar chur i bhfeidhm na gcritéar a leagtar síos sa Rialachán seo, déanfar cinneadh cé acu Ballstát atá freagrach bunaithe ar na forálacha seo a leanas:

- (a) beidh an fhreagracht as scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta gach ball teaghlaigh agus/nó siblíní mionaoiseacha neamhphósta, ar an mBallstát sin a léireoidh na critéir go bhfuil sé freagrach as an líon is mó acu a ghabháil ar láimh;
- (b) sa chás nach féidir é sin a dhéanamh, beidh freagracht ar an mBallstát a léireoidh na critéir go bhfuil freagracht as scrúdú a dhéanamh ar iarratas an duine is sine acu air.

*Airteagal 12***Eisiúint doiciméad cónaithe nó víosaí**

1. I gcás ina mbeidh doiciméad cónaithe atá bailí ina sheilbh ag an iarratasóir, beidh an Ballstát a d'eisigh an doiciméad freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

2. I gcás ina mbeidh víosa atá bailí ag an iarratasóir, beidh an Ballstát a d'eisigh an víosa freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, murar eisíodh an víosa thar ceann Ballstát eile faoi shocrú ionadaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí⁽¹⁾. Sa chás sin, beidh an Ballstát a ndéanfar ionadaíocht air freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

3. I gcás ina mbeidh níos mó ná doiciméad cónaithe amháin nó níos mó ná víosa amháin atá bailí ina sheilbh ag an iarratasóir nó víosa a d'eisigh Ballstáit éagsúla, glacfaidh na Ballstáit freagracht as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta san ord seo a leanas:

- (a) an Ballstát a d'eisigh an doiciméad cónaithe a thugann ceart don tréimhse chónaithe is faide nó, i gcás inarb ionann na tréimhsí bailíochta, an Ballstát a d'eisigh an doiciméad cónaithe leis an dáta éaga is déanaí;
- (b) an Ballstát a d'eisigh an víosa leis an dáta éaga is déanaí i gcás ina mbeidh na víosaí éagsúla den chineál céanna;

(c) i gcás inar cineálacha éagsúla víosaí iad, an Ballstát a d'eisigh an víosa leis an tréimhse bailíochta is faide, nó, i gcás inarb ionann na tréimhsí bailíochta, an Ballstát a d'eisigh an víosa leis an dáta éaga is déanaí.

4. I gcás nach mbeidh ach doiciméad cónaithe amháin nó níos mó a d'éag níos lú ná dhá bhliain roimhe i seilbh an iarratasóra nó víosa amháin nó níos mó a d'éag níos lú ná sé mhí roimhe agus a chuir ar a chumas nó ar a cumas ionráil i gcríoch Ballstáit, beidh feidhm ag mír 1, mír 2 agus mír 3 fad nach mbeidh an t-iarratasóir tar éis críocho na mBallstát a fhágáil.

I gcás ina mbeidh doiciméad cónaithe amháin nó níos mó a d'éag níos mó ná dhá bhliain roimhe nó víosa amháin nó níos mó a d'éag níos mó ná sé mhí roimhe i seilbh an iarratasóra, agus a chuir ar a chumas nó ar a cumas dul isteach ar chríoch Ballstáit agus nach mbeidh sé tar éis críocho na mBallstát a fhágáil, beidh an Ballstát ina dtaiscfear an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta freagrach.

5. Ní chuirfear cosc le freagracht a chur ar an mBallstát a d'eisigh é ar an mbonn gur eisíodh doiciméad cónaithe nó víosa bunaithe ar chéannacht bhréagach nó ghlactha nó ar thaisceadh doiciméad a bhí góchumtha, bréagach nó neamhbhailí. Ní bheidh, áfach, an Ballstát a eisíodh an doiciméad cónaithe nó víosa freagrach más féidir leis a shuíomh go ndearnadh an chalaos tar éis don doiciméad nó don víosa a bheith eisithe.

*Airteagal 13***Iontráil agus/nó fanacht**

1. I gcás ina suífear, ar bhonn cruthúnais nó ar bhonn fhianaise imthoiscí mar a thuairiscítear sa dá liosta a luaitear in Airteagal 22(3) den Rialachán seo, lena n-áirítear na sonraí dá dtagraítear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 a chur i bhfeidhm go héifeachtúil, go bhfuil iarrthóir tearmainn tar éis an teorainn a thrasnú go neamhrialta isteach i mBallstát, bíodh an modh trasnaithe ar talamh, ar muir nó san aer, tar éis dó teacht ó thrú thír, beidh an Ballstát a ndearna sé nó sí iontráil isteach ann sa chaoi sin freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Beidh deireadh leis an bhfreagracht sin 12 mhí i ndiaidh don trasnú teorann neamhrialta tarlú.

2. I gcás nach féidir freagracht a chur ar Bhallstát nó nach féidir freagracht a chur air a thuilleadh i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, agus i gcás ina shuífear, ar bhonn cruthúnais nó ar bhonn fhianaise imthoiscí mar a thuairiscítear sa dá liosta a luaitear in Airteagal 22(3) í, go bhfuil cónaí ar an iarratasóir - a rinne iontráil i gcríocha na mBallstát go neamhrialta nó nach féidir na dálaí a ndearna sé iontráil isteach a shuíomh - le tréimhse leanúnach ar a laghad cúig mhí i mBallstát sular thaisc sé an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, beidh an Ballstát sin freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

Más rud é go raibh cónaí ar an iarratasóir ar feadh tréimhsí ar a laghad cúig mhí i roinnt Ballstát, beidh an Ballstát is déanaí ina raibh cónaí air nó uirthi ar an iarratasóir freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

⁽¹⁾ IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.

*Airteagal 14***Iontráil a bhfuil gá le víosa tarscaoilte ina leith**

1. Má dhéanann náisiúnach tríú tír nó duine gan stát iontráil i gcóir Ballstáit ina dtarscaoilfear an gá víosa a bheith aige nó aici, beidh an Ballstát sin freagrach as scrúdú a dhéanamh ar a iarratas nó a hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

2. Ní bheidh feidhm ag an bprionsabal a leagtar síos i mír 1, má thaisceann an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát a iarratas nó a hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile, ina dtarscaoilfear freisin an gá víosa a bheith aige nó aici chun iontráil isteach sa chríoch. Sa chás sin, beidh an Ballstát eile sin freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

*Airteagal 15***Iarratas i limistéar idirthurais idirnáisiúnta aerfoirt**

I gcás ina dtaiscfidh náisiúnach tríú tír nó duine gan stát iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i limistéar idirthurais idirnáisiúnta aerfoirt Ballstáit, beidh an Ballstát sin freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas.

CAIBIDIL IV

CLEITHIÚNAITHE AGUS CLÁSAIL LÁNROGHNACHA*Airteagal 16***Cleithiúnaithe**

1. I gcás ina mbeidh, mar gheall ar thoircheas nó leanbh nuabhreithe, breoiteacht throm, míchumas throm nó seanaois, iarratasóir ag brath ar chúnamh óna leanbh nó óna leanbh, óna sibhlín nó óna siblín, nó óna thuismitheoir nó óna tuismitheoir atá ina chónaí nó ina cónaí go dleathach i gceann de na Ballstáit, nó i gcás ina mbeidh a leanbh, a sibhlín nó a siblín, nó a thuismitheoir nó a tuismitheoir atá ina chónaí nó ina cónaí go dleathach i gceann de na Ballstáit ag brath ar chúnamh an iarratasóra, de ghnáth coinneoidh an Ballstát an t-iarratasóir agus an leanbh, an siblín nó an tuismitheoir sin le chéile nó déanfar iad a athhaontú ar choinníoll go raibh naisc teaghlaigh eatarthu sa tír thionscnaimh, go bhfuil an leanbh, an siblín nó an tuismitheoir nó an t-iarratasóir in ann cúnaimh a thabhairt don chleithiúnach agus gur chuir na daoine lena mbaineann a mian in iúl i scríbhinn.

2. I gcás ina mbeidh an leanbh, an siblín nó an tuismitheoir dá dtagraítear i mír 1 ina chónaí go dleathach i mBallstát eile seachas an ceann ina mbeidh an t-iarratasóir tearmainn i láthair, is é an Ballstát atá freagrach an ceann ina mbeidh an leanbh, an siblín nó an tuismitheoir i láthair go dleathach ach amháin má chuireann sláinte an iarratasóra cosc air nó uirthi taisteal go dtí an Ballstát sin do thréimse shuntasach ama. I gcás den sórt sin, is é an Ballstát atá freagrach an ceann ina mbeidh an t-iarratasóir i láthair. Ní bheidh Ballstát den sórt sin faoi réir na hoibleagáide leanbh, siblín nó tuismitheoir an iarratasóra a thabhairt chuig a chríoch.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 45 a bhaineann leis na gnéithe a bheidh le cur san áireamh chun nasc an chleithiúnais a mheas, lena n-áirítear na critéir chun naisc chruthaithe theaghlaigh a bhunú, na critéir chun acmhainneacht an duine lena mbaineann á mheas chun aire a thabhairt don chleithiúnach agus na gnéithe a bheidh le cur san áireamh d'fhonn an neamhábaltacht chun taistil ar feadh tréimhse suntasaí a mheas.

4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, coinníollacha aonfhoirmeacha a bhunú don chomhairliúchán agus chun faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(2).

*Airteagal 17***Clásail lánroghnacha**

1. De mhaolú ar Airteagal 3(1), féadfaidh gach Ballstát a chinneadh scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a rinne náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát a thaisceadh leis, fiú mura mbeidh sé freagrach as scrúdú a dhéanamh de réir na gcritéir a leagtar síos sa Rialachán seo.

Is é an Ballstát sin a chinnfidh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú de bhun na míre seo an Ballstát atá freagrach agus glacfaidh sé na hoibleagáidí a ghabhann leis an bhfreagracht sin air féin. I gcás inarb infheidhme, ag baint úsáide as an ngréasán cumarsáide leictreonáil "DubliNet", a bunaíodh faoi Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003, déanfaidh sé an Ballstát a bhí freagrach roimhe, an Ballstát a bheidh i mbun an nós imeachta chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach nó, an Ballstát ar iarradh air an t-iarratasóir a ghabháil ar láimh nó a ghabháil ar ais, a chur ar an eolas.

Cuirfidh an Ballstát a bheidh freagrach de bhun na míre seo an fhír sin in iúl gan mhoill in Eurodac i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 tríd an dáta a chur leis nuair a glacadh an cinneadh an t-iarratas a scrúdú.

2. Féadfaidh an Ballstát ina dtaiscfear iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus a bheidh i mbun an phróisis chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach, nó féadfaidh an Ballstát atá freagrach, tráth ar bith sula ndéanfar an chéad chinneadh maidir le substaint, iarraidh ar Bhallstát eile iarratasóir a ghabháil ar láimh chun aon bhaill teaghlaigh a thabhairt le chéile, ar chúiseanna daonchairdiúla bunaithe go háirithe ar chúinsí a bhaineann le cursaí teaglaigh nó ar chúinsí cultúrtha, fiú i gcás nach bhfuil an Ballstát eile sin freagrach faoi na critéir a leagtar síos in Airteagal 8 go hAirteagal 11 agus Airteagal 16. Caithfidh na daoine lena mbaineann a chur i scríbhinn go n-aontaíonn siad leis sin.

Beidh gach ábhar i seilbh an Bhallstáit iarrthach san iarraidh ar ghabháil ar láimh ionas go bhféadfaidh an Ballstát iarrtha an cás a mheasúnú.

Déanfaidh an Ballstát iarrtha gach seiceáil is gá chun na forais dhaonchairdiúla a luaifead a scrúdú, agus tabharfaidh sé freagra don Bhallstát iarrthach maidir leis an iarraidh laistigh de dhá mhí ón dáta a fuair sé an iarraidh ag baint úsáide as an ngréasán cumarsáide leictreonaí “DubliNet”, a bunaíodh faoi Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003. Luafaidh aon fhreagra lena ndíúltófar an iarraidh na cúiseanna ar a mbeidh an díúltú bunaithe.

I gcás ina nglacfaidh an Ballstát iarrtha leisan iarraidh, aistrefar an fhreagracht as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas chuige.

CAIBIDIL V

OIBLEAGÁIDÍ AN BHALLSTÁIT ATÁ FREAGRACH

Airteagal 18

Oibleagáidí an Bhallstáit atá freagrach

1. Beidh sé d'oibleagáid ar an mBallstát atá freagrach faoin Rialachán seo:

- iarratasóir a bheidh tar éis iarratas a thaisceadh i mBallstát eile a ghabháil ar láimh, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 21, in Airteagal 22 agus in Airteagal 29;
- iarratasóir a mbeidh a iarratas á scrúdú agus a bhfuil tar éis iarratas a taisceadh aige i mBallstát eile nó a bheidh ar chríoch Ballstáit eile ach gan doiciméad cónaithe a bheith aige, a ghabháil ar ais, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 23, 24, 25 agus 29;
- náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a bheidh tar éis iarratas a bhí á scrúdú a tharraingt siar agus iarratas a thaisceadh i mBallstát eile, nó atá ar chríoch Ballstáit eile ach gan doiciméad cónaithe a bheith aige, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 23, 24, 25 agus 29;
- náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ar diúltaíodh dá iarratas nó dá hiarratas agus a rinne iarratas a thaisceadh i mBallstát eile nó a bheidh ar chríoch Ballstáit eile ach gan doiciméad cónaithe a bheith aige a ghabháil ar ais, faoi na coinníollacha leagtar síos in Airteagal 23, 24, 25 agus 29;

2. I gcásanna a thagann faoi raon feidhme mhír 1(a) agus (b), déanfaidh an Ballstát atá freagrach, scrúdú ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisc an t-iarratasóir, nó cuirfidh sé deireadh le scrúdú ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisc an t-iarrthóir.

Sna cásanna a thagann faoi raon feidhme mhír 1(c) ina scoirfidh an Ballstát den iarratas a scrúdú tar éis don iarratasóir é a tharraingt siar sula ndéanfar aon chinneadh ag an gcéad chéim maidir leis an tsubstaint, áiritheoidh an Ballstát sin go bhfuil an t-iarratasóir i dteideal iarraidh a dhéanamh go gcuirfead bailchríoch ar an scrúdú ar a iarratas nó a hiarratas nó iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh agus nach

gcaithfead leis an iarratas mar iarratas iartheachtach dá bhforáiltear i dTreoir 2013/32/AE. I gcásanna den sórt sin, cinnteoidh Ballstáit go dtuhtar an scrúdú ar an iarratas i gcrích.

Maidir leis na cásanna a thagann faoi raon feidhme mhír 1(d), ina ndíúltófar an t-iarratas ag an gcéad chéim agus ag an gcéim sin amháin, cinnteoidh an Ballstát atá freagrach go raibh nó go mbeidh deis ag an duine lena mbaineann teacht ar réiteach éifeachtach de bhun Airteagal 46 de Threoir 2013/32/AE.

Airteagal 19

Scor na bhfreagrachtaí

1. I gcás ina n-eiseoidh Ballstát doiciméad cónaithe don iarratasóir, aistrefar na hoibleagáidí a shainítear in Airteagal 18(1) chuig an mBallstát sin.

2. Tíocfaidh deireadh leis na hoibleagáidí a shonraítear in Airteagal 18(1), i gcás ina mbeidh an Ballstát atá freagrach in ann a shuíomh, nuair a iarrfar air iarratasóir nó duine eile amháil dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(c) nó (d) a ghabháil ar láimh nó a ghabháil ar ais, gur fhág an duine lena mbaineann críoch na mBallstát ar feadh trí mhí ar a laghad, mura mbeidh doiciméad cónaithe bailí a d'eisigh an Ballstát atá freagrach i seilbh an duine lena mbaineann.

Measfar iarratas a thaiscfead tar éis na tréimhse asláithreachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír mar iarratas nua as n-eascróidh nós imeachta nua chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach.

3. Tíocfaidh deireadh leis na hoibleagáidí a shonraítear in Airteagal 18(1)(c) agus (d), i gcás ina bhféadfaidh an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas a shuíomh, i gcás ina n-iarrfar air iarratasóir nó duine eile dá dtagraítear in Airteagal 18(1), (c) nó (d) a ghabháil ar ais, go bhfuil an duine lena mbaineann tar éis críoch na mBallstát a fhágáil i gcomhlíonadh le cinneadh athfhillte nó le hordú aistrithe a d'eisigh sé tar éis tharraingt siar nó dhiúltú an iarratais.

Measfar iarratas a thaiscfead tar éis aistriú a chur i gcrích mar iarratas nua as a n-eascróidh nós imeachta nua chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach.

CAIBIDIL VI

NÓSANNA IMEACHTA UM GHABHÁIL AR LÁIMH AGUS UM GHABHÁIL AR AIS

ROINN I

Tús a chur leis an nós imeachta

Airteagal 20

Tús a chur leis an nós imeachta

1. Cuirfead tús leis an bpróiseas chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach a luaithe a thaiscfead iarratas ar chosaint idirnáisiúnta le Ballstát.

2. Measfar go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta taiscthe a luaithe a gheobhaidh údarás inniúla an Bhallstáit lena mbaineann foirm a rinne an t-iarratasóir a thíolacadh nó tuarascáil a rinne na húdarás a chur i dtoll i chéile. i gcás nach ndéanfar iarratas i scríbhinn, ba cheart go mbeadh an tréimhse idir rún a chur in iúl agus ullmhú tuarascála chomh gearr agus is féidir.

3. Chun críocha an Rialacháin seo, ní fhéadfar idirdhealú a dhéanamh idir cás mionaóisigh a bheidh i dtionlacan an iarratasóra agus a chomhlíonfaidh an sainmhíniú ar bhall teaghlaigh, agus cás an iarratasóra sin agus beidh sé faoin mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta an bhaill teaghlaigh sin déileáil le cás an mhionaóisigh, fiú murar iarratasóir an mionaioseach é féin, ar choinníoll gurb é seo leas an mhionaóisigh. Caitear mar an gcéanna le leanaí a rugadh tar éis don iarratasóir iontráil i gcríoch na mBallstát, gan gá le nós imeachta nua a thionscnamh iad a ghabháil ar láimh.

4. I gcás ina dtaiscfidh iarratasóir a bheidh i láthair i gcríoch Ballstáit eile iarratas ar chosaint idirnáisiúnta le húdarás inniúla Ballstáit, déanfaidh an Ballstát ina mbeidh an t-iarratasóir i láthair ar a chríoch cinneadh cé acu Ballstát atá freagrach. Cuirfidh an Ballstát a fuair an t-iarratas an dara Bhallstát ar an eolas faoi láithreach an iarratasóra gan mhoill agus ansin, chun críocha an Rialacháin seo, measfar gurb é an Ballstát sin an Ballstát lenar taisceadh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

Cuirfear an t-athrú maidir leis an mBallstát a mbeidh an cinneadh á dhéanamh aige in iúl i scríbhinn don iarratasóir agus cuirfear an dáta a rinneadh é in iúl.

5. Gabhfar ar ais iarratasóir a bheidh i láthair i mBallstát eile gan doiciméad cónaithe a bheith aige nó aici nó a thaiscfidh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ann tar éis dó nó di an chéad iarratas a taisceadh i mBallstát eile a tharraingt siar le linn an phróisis chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 23, 24, 25 agus 29, ag an mBallstát lenar taisceadh an t-iarratas sin ar chosaint idirnáisiúnta ar an gcéad dul síos, d'fhonn an próiseas chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach.

Tiocfaidh deireadh leis an oibleagáid sin i gcás ina bhféadfaidh an Ballstát a n-iarrfar air an próiseas chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach a chríochnú a shuíomh gur fhág an t-iarrthóir tearmainn críoch na mBallstát idir an dá linn ar feadh tréimhse trí mhí ar a laghad nó go bhfuair sé nó sí doiciméad cónaithe ó Bhallstát eile.

Measfar iarratas a taisceadh tar éis na tréimhse asláithreachta dá dtagraítear sa dara fómhír mar iarratas nua as a n-eascróidh nós imeachta nua chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach.

ROINN II

Nósanna imeachta maidir le hiarrataí ar ghabháil ar láimh

Airteagal 21

Iarraidh ar ghabháil ar láimh a thíolacadh

1. I gcás ina measfaidh Ballstát lenar taisceadh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta go bhfuil Ballstát eile freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas, féadfaidh sé, a thapúla is féidir agus ar aon nós laistigh de thrí mhí ón dáta a taisceadh an t-iarratas de réir bhrí Airteagal 20(2), iarraidh ar an mBallstát eile sin an t-iarratasóir a ghabháil ar láimh.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, i gcás amas Eurodac i leith sonraí a taifeadadh de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, seolfar an iarraidh laistigh de dhá mhí tar éis an t-amas sin a fháil de bhun Airteagal 15(2) den Rialachán sin.

I gcás nach ndéanfar iarraidh ar iarratasóir a ghabháil ar láimh laistigh de na tréimhsí a leagtar síos sa chéad fhomhír agus sa dara fómhír, beidh freagracht as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar an mBallstát lenar taisceadh an t-iarratas.

2. Féadfaidh an Ballstát iarrthach freagra práinneach a iarraidh i gcásanna inar taisceadh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta tar éis cead iontrála nó fanachta a bheith diúltaithe, tar éis gabhála i leith fanachta neamhdhleathaigh nó tar éis ordú aistrithe a bheith seirbheáilte nó curtha i gcrích.

Cuirfidh an iarraidh in iúl na cúiseanna a bhfuil gá le freagra práinneach agus an tréimhse ina mbeifear ag súil le freagra. Seachtain ar a laghad a bheidh sa tréimhse sin.

3. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, déanfar an iarraidh go ndéanfaidh Ballstát eile gabháil ar láimh trí úsáid a bhaint as foirm chaighdeánach agus trí cruthúnas nó fianaise imthoisceach mar a shainmhínítear iad sa dá liosta a luaitear in Airteagal 22(3) agus/nó eilimintí ábhartha ó ráiteas an iarratasóir á n-áireamh, ní a chuirfidh ar chumas údarás an Bhallstáit iarrtha a dheimhniú an bhfuil sé freagrach ar bhonn na gcritéar a leagtar síos sa Rialachán seo.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, coinníollacha aonfhoirmeacha a ghlacadh maidir le hiarrataí ar ghabháil ar láimh a ullmhú agus a thíolacadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(2).

Airteagal 22

Freagra a thabhairt ar iarraidh ar ghabháil ar láimh

1. Déanfaidh an Ballstát iarrtha na seiceálacha is gá, agus tabharfaidh sé cinneadh maidir leis an iarraidh ar ghabháil ar láimh laistigh de dhá mhí ón iarraidh a fháil.

2. Le linn an nós imeachta chun cinneadh a ghlacadh maidir leis an mBallstát atá freagrach, bainfear úsáid as eilimintí cruthúnais agus fianaise imthoiscí.

3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, dhá liosta ina léireofar na heilimintí cruthúnais agus fianaise imthoiscí ábhartha a bhunú agus a athbhreithniú tréimhsiúil i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(2).

(a) Cruthúnas:

- (i) Tagraíonn sé seo do chruthúnas foirmeálta lena nglactar cinneadh maidir le freagracht de bhun an Rialacháin seo, fad nach mbréagnaíonn cruthúnas dá mhalairt é;
- (ii) Cuirfidh na Ballstáit múnlaí de na cineálacha éagsúla doiciméad riaracháin ar fáil don Choiste dá bhforáiltear in Airteagal 44, i gcomhréir leis an típeolaíocht a leagtar síos sa liosta cruthúnas foirmiúil;

(b) Fianaise imthoisceach:

- (i) Tagraíonn sé seo d'eilimintí táscacha a fhéadfaidh a bheith leordhóthanach, i gcásanna áirithe, de réir an luacha fianaise a thugtar dóibh, cé go bhféadfaí iad a bhreágnú;
- (ii) Déanfar a luach fianaise, i ndáil le freagracht as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, a mheasúnú de réir gach cáis ar leith;

4. Níor cheart go rachadh an ceanglas cruthúnais thar a bhfuil riachtanach chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gceart.

5. Muna mbeidh cruthúnas foirmiúil ann, admhóidh an Ballstát iarrtha a fhreagracht má tá an fhianaise imthoisceach soiléir, infhíoraithe agus mionsonraithe go leor chun freagracht a bhunú.

6. I gcás ina mbeidh Ballstát iarrthach tar éis práinn a phléadáil i gcomhréir le forálacha Airteagal 21(2), déanfaidh an Ballstát iarrtha gach dícheall an teorainn ama a iarradh a chomhlíonadh. I gcásanna eisceachtúla, ina bhféadfar a thaispeáint go bhfuil an scrúdú ar iarraidh ar iarratasóir a ghabháil ar láimh thar a bheith casta, féadfaidh an Ballstát iarrtha a fhreagra a thabhairt tar éis na teorann ama a iarraidh, ach é sin a dhéanamh laistigh de mhí ar aon chaoi. I gcásanna den sórt sin, caithfidh an Ballstát iarrtha a chinneadh freagra a chur siar a chur in iúl don Bhallstát iarrthach laistigh den teorainn ama a iarraidh i dtosach.

7. Is ionann neamhghníomh laistigh den tréimhse dhá mhí a luaitear i mír 1 agus den tréimhse aon mhíosa a luaitear i mír 6 agus glacadh leis an iarraidh, agus gabhfaidh oibleagáid leis an duine a ghabháil ar láimh, lena n-áirítear an oibleagáid foráil a dhéanamh do shocruithe cúí i gcomhair teachta.

ROINN III

Nósanna imeachta maidir le hiarrataí ar ghabháil ar ais

Airteagal 23

Iarraidh ar ghabháil ar ais a thaisceadh nuair a taisceadh iarratas nua sa Bhallstát iarrthach

1. I gcás ina measfaidh Ballstát a ndearna duine dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(b), (c) nó (d) iarratas nua ar

chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh leis go bhfuil Ballstát eile freagrach i gcomhréir le hAirteagal 20(5) agus Airteagal 18(1)(b), (c) nó (d), féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát eile sin an duine sin a ghabháil ar ais.

2. Déanfar iarraidh ar ghabháil ar ais a thapúla is féidir agus ar aon chaoi laistigh de dhá mhí ó amas Eurodac a fháil, de bhun Airteagal 9(5) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013.

Má tá an iarraidh ar ghabháil ar ais bunaithe ar fhianaise seachas sonraí a gheofar ó chóras Eurodac, cuirfear ar aghaidh chuig an mBallstát iarrtha i laistigh de thrí mhí ón dáta a taisceadh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 20(2).

3. I gcás nach ndéanfar an iarraidh ar ghabháil ar ais laistigh de na tréimhsí a leagtar amach i mír 2, is é an Ballstát inar taisceadh an t-iarratas nua an Ballstát a bheidh freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

4. Déanfar iarraidh ar ghabháil ar ais trí úsáid a bhaint as foirm chaighdeánach agus lena n-áireofar chruthúnas nó fianaise imthoisceach mar a dhéantar cur síos orthu in dhá liosta a luaitear in Airteagal 22(3) agus/nó eilimintí ábhartha ó ráitis an duine lena mbaineann, ní a chuirfidh ar chumas údarás an Bhallstáit iarrtha a dheimhniú an bhfuil sé freagrach ar bhonn na gcritéir a leagtar síos sa Rialachán seo.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, coinníollacha aonfhoirmeacha a ghlacadh maidir le hiarrataí ar ghabháil ar láimh a ullmhú agus a thíolacadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(2).

Airteagal 24

Iarraidh ar ghabháil ar ais a chur isteach i gcás nach mbeidh iarratas nua taiscthe sa Ballstát iarrthach

1. I gcás ina measfaidh Ballstát, a mbeidh duine amháil dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(b), (c) nó (d) ag fanacht ar a chríoch gan doiciméad cónaithe agus nach mbeidh iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta taiscthe ann, go bhfuil Ballstát eile freagrach i gcomhréir le hAirteagal 20(5) agus Airteagal 18(1)(b), (c) nó (d), féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát eile sin an duine sin a ghabháil ar ais.

2. De mhaolú ar Airteagal 6(2) de Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta choiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag

fanacht go mídhleathach a chur ar ais ⁽¹⁾, i gcás ina chinnfidh Ballstát a mbeidh duine ag fanacht ar a chríoch gan doiciméad cónaithe cuardach a dhéanamh i gcóras Eurodac i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, déanfar an iarraidh duine amháil dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(b) nó (c) den Rialachán seo, nó duine amháil dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(d) de nach bhfuil a iarratas nó a hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta diúltaithe le cinneadh deireanach a ghabháil ar ais a thapúla is féidir agus ar aon chaoi laistigh de dhá mhí tar éis amas Eurodac a fháil, de bhun Airteagal 17(5) de Rialachán Uimh. 603/2013.

I gcás ina mbeidh an iarraidh maidir le gabháil ar ais bunaithe ar fhianaise seachas sonraí a gheofar ón gcóras Eurodac, cuirfear ar aghaidh é chuig an mBallstát iarrtha laistigh de thrí mhí ón dáta a mbeidh an Ballstát iarrthach ar an eolas go bhféadfaidh Ballstát eile a bheith freagrach as an duine lena mbaineann.

3. I gcás nach ndéanfar an iarraidh maidir le gabháil ar ais laistigh de na tréimhsí a leagtar síos i mír 2, tabharfaidh an Ballstát a mbeidh an duine lena mbaineann ag fanacht ar a chríoch gan doiciméad cónaithe an deis don duine sin iarratas nua a thaisceadh.

4. I gcás ina mbeidh duine dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(d) den Rialachán seo, ar diúltaíodh dá iarratas nó dá hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta le cinneadh críochnaitheach ach i mBallstát amháin, ar chríoch Ballstáit eile gan doiciméad cónaithe, féadfaidh an Ballstát sin a iarraidh ar an gcéad Bhallstát an duine lena mbaineann a ghabháil ar ais nó féadfaidh sé nós imeachta aishfillte a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE.

Nuair a chinnfidh an Ballstát sin a iarraidh ar an gcéad Bhallstát an duine lena mbaineann a ghabháil ar ais, ní bheidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos i Treoir 2008/115/CE.

5. Déanfaidh an Coimisiún an iarraidh an duine dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(b), (c) nó (d) a ghabháil ar ais trí úsáid a bhaint as foirm chaighdeánach agus trí chruthúnas nó fianaise imthoisceach mar a dhéantar cur síos orthu in dhá liosta a luaitear in Airteagal 22(3) agus/nó eilimintí ábhartha ó ráitis an duine a chur san áireamh, ní a chuirfidh ar chumas údarás an Bhallstáit iarrtha a dheimhniú an bhfuil sé freagrach ar bhonn na gcritéir a leagtar síos sa Rialachán seo.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, dhá liosta ina léireofar na heilimintí cruthúnais agus fianaise imthoiscí ábhartha a bhunú agus a athbhreithniú tréimhsiúil i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 22(3)(a) agus (b) den mhír seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(2).

Airteagal 25

Freagra a thabhairt ar iarraidh ar ghabháil ar ais

1. Déanfaidh an Ballstát iarrtha na seiceálacha is gá agus tabharfaidh sé cinneadh maidir leis an iarraidh an duine lena mbaineann a ghabháil ar ais a thapúla is féidir agus ar aon chaoi tráth nach déanaí ná mí ón dáta a fuair sé an iarraidh. Nuair a bheidh an iarraidh bunaithe ar shonraí a gheofar ó chóras Eurodac, laghdófar an teorainn ama sin go coicís.

2. Is ionann neamhghníomh laistigh den tréimhse míosa nó coicíse a luaitear i mír 1 agus glacadh leis an iarraidh, agus gabhfaidh oibleagáid leis an duine lena mbaineann a ghabháil ar ais leis sin, lena n-áirítear an oibleagáid foráil a dhéanamh do shocruithe cuí i gcomhair teachta.

ROINN IV

Coimircí nóis imeachta

Airteagal 26

Fógra a thabhairt faoi chinneadh aistrithe

1. I gcás ina nglacfaidh an Ballstát iarrtha iarratasóir nó duine eile dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(c) nó (d) nó iarratasóir nó duine eile dá dtagraítear in Airteagal 18(1) (c) nó (d) a ghabháil ar ais, tabharfaidh an Ballstát iarrthach fógra don duine lena mbaineann faoin gcinneadh é nó í a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach agus, i gcás inarb infheidhme, faoin gcinneadh gan a iarratas nó ar a hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú. Más rud é go mbeidh comhairleoir dlí nó comhairleoir eile mar ionadaí ag an duine lena mbaineann, féadfaidh na Ballstáit a roghnú fógra a thabhairt do chomhairleoir dlí den sórt sin faoin gcinneadh seachas don duine lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, an duine lena mbaineann a chur ar an eolas faoin gcinneadh.

2. Beidh sa chinneadh dá dtagraítear i mír 1 faisnéis faoi na réitigh dlí atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis an ceart iarratas a dhéanamh ar éifeacht fionraíochta, i gcás inarb infheidhme agus faoi shonraí ar na teorainneacha ama is infheidhme chun leigheasanna den sórt sin a lorg agus beidh, más gá, faisnéis ann ar an áit inar cheart don duine lena mbaineann láithriú, agus an dáta, má tá an duine sin ag taisteal go dtí an Ballstát atá freagrach, as a acmhainní nó a hacmhainní féin.

Áiritheoidh na Ballstáit, go ndéanfar faisnéis faoi dhaoine nó faoi eintitis a d'fhéadfadh cúnamh dlí a chur ar fáil don duine lena mbaineann, a chur in iúl don duine lena mbaineann é in éineacht leis an gcinneadh dá dtagraítear i mír 1, i gcás nach mbeidh an fhaisnéis sin curtha in iúl cheana.

3. Nuair nach bhfaighidh an duine lena mbaineann cúnamh nó ionadaíocht ó chomhairleoir dlí nó ó chomhairleoir eile, cuirfidh na Ballstáit é nó í ar an eolas faoi phríomheilimintí an chinnidh, ina n-áireofar i gcónaí faisnéis faoi na réitigh dlí a bheidh ar fáil agus ar na teorainneacha ama is infheidhme chun réitigh den chineál sin a lorg, agus cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i dteanga a thuigfidh an duine lena mbaineann nó a cheaptar le réasún go dtuigfidh sé/sí í.

Airteagal 27

Leigheasanna

1. Beidh an ceart ag an iarratasóir nó ag duine eile dá dtagraítear in Airteagal 18(1) (c) nó (d) chun leigheas éifeachtach a fháil, i bhfoirm achomhairc nó athbhreithnithe, maidir le fíoras agus dlí, i gcoinne an chinnidh aistrithe, os comhair cúirte nó binse.

2. Déanfaidh na Ballstáit foráil do thréimhse réasúnta ina bhféadfaidh an duine lena mbaineann a cheart nó a ceart a fheidhmiú chun leigheas éifeachtach a fháil de bhun mhír 1.

⁽¹⁾ IO L 348, 24.12.2008, p. 98

3. Chun críocha achomharc nó athbheithnithe i leith na gcinntí aistrithe, déanfaidh na Ballstáit foráil do na nithe seo a leanas ina ndlí náisiúnta:

- (a) go dtabharfar don duine lena mbaineann an ceart chun fanacht sa Bhallstát lena mbaineann go dtí go mbeidh toradh ar an achomharc nó ar an athbheithniú; nó
- (b) go ndéanfar an t-aistriú a chur ar fionraí go huathoibríoch agus go rachaidh fionraí den sórt sin in éag tar éis tréimhse réasúnta ama, agus le linn na tréimhse sin beidh cinneadh déanta ag cúirt nó binse, tar éis grinnscrúdú dlúth agus dian, i leith éifeachta fionraíochta a dheonú ar achomharc nó ar athbheithniú; nó
- (c) go mbeidh an deis ag an duine lena mbaineann a iarraidh ar chúirt nó ar bhinse, laistigh de thréimhse réasúnta ama, cur chun feidhme an chinnidh aistrithe a chur ar fionraí go dtí go mbeidh toradh ar a achomharc nó a hachomharc nó ar a athbheithniú nó a hathbheithniú. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear réiteach éifeachtach i mbun tríd an aistriú a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar cinneadh maidir leis an gcéad iarraidh fionraíochta. Déanfar aon chinneadh i leith chur chun feidhme an chinnidh aistrithe a chur ar fionraí laistigh de thréimhse réasúnta ama, agus grinnscrúdú dlúth, dian ar an iarraidh fionraíochta á chumasú. Cuirfear in iúl i gcinneadh gan cur chun feidhme an chinnidh aistrithe a chur ar fionraí na cúiseanna ar a mbeidh sé bunaithe.

4. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh, ag gníomhú dóibh *ex officio*, cur chun feidhme an chinnidh aistrithe a chur ar fionraí go dtí go mbeidh toradh ar an achomharc nó ar an athbheithniú.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag an duine lena mbaineann ar chúnamh dlí agus, í gcás inar gá, cúnamh teanga.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cúnamh dlí saor, arna iarraidh sin, i gcás nach mbeidh an duine lena mbaineann in acmhainn íoc as na costais Féadfaidh an Ballstát foráil a dhéanamh, i ndáil le táillí agus costais eile, nach ndéileálfar le hiarratasóirí ar bhealach níos fabhraí ná an chaoi a ndéileálfar le náisiúnaigh na mBallstát i gcúrsaí a bhaineann le cúnamh dlí.

Gan srian láithreach a chur ar rochtain ar chúnamh dlí, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach ndéonófar cúnamh dlí agus ionadaíocht saor i gcás nach measfaidh an t-údarás inniúil nó cúirt nó binse go mbeidh an t-achomharc nó an t-athbheithniú rathúil in aon chor.

Nuair a dhéanann údarás nach cúirt nó binse é cinneadh gan cúnamh dlí saor in aisce agus ionadaíocht a dheonú de bhun na míre seo, soláthróidh an Ballstát an ceart chun réitigh éifeachtaigh os comhair cúirte nó binse chun agóid i gcoinne an chinnidh sin.

Agus na ceanglais a leagtar amach sa mhír seo á chomhlíonadh acu, áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfear teorainn treallach ar chúnamh dlí agus ar ionadaíocht dlí agus nach gcuirfear bac ar rochtain éifeachtach an iarratasóra ar an gceartas.

Áireofar i gcúnamh dlí ar a laghad ullmhúchán na ndoiciméad níos imeachta is gá agus ionadaíocht os comhair cúirte nó binse d'fhéadfadh sé a bheith teoranta do chomhairleoirí dlí nó do chomhairleoirí a ainmneofar go sonrach ag an dlí náisiúnta chun cúnamh a thabhairt agus chun ionadaíocht a dhéanamh.

Leagfar síos sa dlí náisiúnta nósanna imeachta do rochtain ar chúnamh dlí.

ROINN V

Coinneáil chun críche aistrithe

Airteagal 28

Coinneáil

1. Ní chuirfidh na Ballstáit duine faoi choinneáil ar an gcúis amháin go bhfuil sé nó sí faoi réir an nós imeachta a bunaítear leis an Rialachán seo.

2. Nuair atá baol suntasach ann go n-éalóidh duine, féadfaidh Ballstáit an duine lena mbaineann chun nósanna imeachta aistrithe a chinntiú i gcomhréir leis an Rialachán seo, ar bhonn measúnú aonair ar gach cás agus sa mhéid go mbeidh an coinneáil comhréireach, agus sa mhéid sin amháin, agus nach féidir bearta malartacha eile nach bhfuil chomh comhéigeantach a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

3. Beidh an tréimhse choinneála chomh gearr agus is féidir agus ní bheidh sí níos faide ná an tréimhse is gá le réasún chun na nósanna imeachta riaracháin a bheidh riachtanach a chomhlíonadh leis an dícheall cuí go dtí go ndéanfar an t-aistriú faoin Rialachán seo.

I gcás ina ndéanfar duine a choinneáil de bhun an Airteagail seo, ní bheidh an tréimhse chun iarraidh a dhéanamh an duine sin a ghabháil ar láimh nó as an duine sin a ghabháil ar ais níos faide ná mí amháin ón tráth a ndearnadh an iarraidh. Iarrfaidh an Ballstát a mbeidh an nós imeachta á chomhlíonadh aige i gcomhréir leis an Rialachán seo freagra práinneach i gcásanna den sórt sin. Tabharfar freagra den sórt sin tráth nach faide ná dhá sheachtaine ón iarraidh a fháil. Mura dtabharfar freagra ar an iarraidh laistigh den tréimhse dhá sheachtaine sin, is ionann sin glacadh leis an iarraidh agus leis an oibleagáid an duine a ghabháil ar láimh nó an duine a ghabháil ar ais, lena n-áirítear an oibleagáid socruithe cuí a dhéanamh maidir le teacht i dtír an duine sin.

I gcás ina ndéanfar duine a choinneáil de bhun an Airteagail seo, féadfar an duine sin a aistriú ón mBallstát iarrthach chuig an mBallstát atá freagrach a luaithe a fhéadfar sin a dhéanamh go praiticiúil, agus ar a dhéanaí laistigh istigh de shé seachtaine ón dáta a nglacfaidh Ballstát eile, go hintuigthe nó go sainráite, an iarraidh an duine lena mbaineann a ghabháil ar láimh nó an duine sin a ghabháil ar ais nó ón tráth nach mbeidh éifeacht fionraíochta a thuilleadh ag an achomharc nó ag an athbheithniú i gcomhréir le hAirteagal 27(3).

I gcás ina theipeann ar Bhallstát iarrthach na spriocdhátaí a chomhlíonadh maidir le hiarraidh a dhéanamh duine a ghabháil ar láimh nó an duine sin a ghabháil ar ais nó i gcás nach ndéanfar an t-aistriú taobh istigh den tréimhse sé seachtaine dá dtagraítear sa tríú fómhír, ní dhéanfar an duine sin a choinneáil níos mó. Beidh feidhm fós ag Airteagal 21, 23, 24 agus 29 dá réir.

4. I dtaca le coinníollacha coinneála daoine faoi choinneáil agus leis na ráthaíochtaí is infheidhme maidir leo, beidh feidhm ag Airteagal 9, Airteagal 10 agus Airteagal 11 de Threoir 2013/33/AE, d'fhonn na nósanna imeachta aistrithe a cur faoi chúram an Bhallstáit atá freagrach.

ROINN VI

Aistrithe

Airteagal 29

Ríomh na dteorainneacha ama

1. Déanfar aistriú an iarratasóra nó duine eile dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(c) nó (d) ón mBallstát iarrthach a gcomhlíonadh chun go nglacfaí freagracht chuig an mBallstát atá freagrach a chur i gcrích i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh, tar éis comhairliúcháin idir na Ballstáit lena mbaineann, a luaithe is féidir, agus ar a dhéanaí laistigh de shé mhí tar éis do Bhallstát eile glacadh leis an iarraidh an duine a bheidh lena mbaineann a ghabháil ar láimh nó an duine lena mbaineann a ghabháil ar ais nó laistigh de shé mhí ón gcinneadh críochnaitheach maidir le hachomharc nó maidir le hathbheithniú i gcás ina mbeidh éifeacht fionraíochta ann i gcomhréir le hAirteagal 27(3).

Má dhéantar na haistrithe chuig an mBallstát atá freagrach faoi imeacht maorsithe nó faoi choimhdeacht, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar sin ar bhealach daonnúil agus go dtabharfar urraim iomlán do chearta bunúsacha agus do dhínt an duine.

Más gá, tabharfar *laissez passer* don iarratasóir. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, dearadh den *laissez passer* a bhunú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(2).

Cuirfidh an Ballstát atá freagrach an Ballstát iarrthach ar an eolas, de réir mar is iomchuí, gur tháinig an duine lena mbaineann isteach slán sábháilte nó nár láithrigh sé nó sí sa teorainn ama a leagadh síos.

2. I gcás nach gcuirfean an t-aistriú i gcrích laistigh den teorainn ama sé mhí, bainfean a oibleagáidí an duine lena mbaineann a ghabháil ar láimh nó a ghabháil ar ais den Bhallstát atá freagrach agus cuirfean freagracht ansin ar an mBallstát iarrthach. Féadfaidh an teorainn ama sin a fhadú suas go dtí bliain amháin ar a mhéid más rud é narbh fhéidir an aistriú a chur i gcrích toisc an duine lena mbaineann a bheith i

bpríosún nó suas go dtí ocht mí déag ar a mhéid ma éalaíonn an duine lena mbaineann.

3. Má aistríodh duine go hearráideach nó má cuireadh cinneadh aistrithe ar neamhní ar achomharc nó ar athbheithniú tar éis don aistriú a bheith curtha i gcrích, déanfaidh an Ballstát a chuir an t-aistriú i gcrích an duine sin a ghlacadh láithreach.

4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, coinníollacha aonfhoirmeacha a bhunú maidir leis an gcomhairliúchán agus le faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit, go háirithe i gcás ina bhfuil moill ar an tarchur nó ar an aistriú mar thoradh ar a nglacadh ar bhonn réamhshocraithe nó nuair a chuirtear an tarchur nó an t-aistriú sin ar fionraí, nó i gcásanna nuair a aistrítear mionaoisigh nó cleithiúnaithe, agus i gcásanna nuair a dhéantar aistrithe faoi mhaoirseacht. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(2).

Airteagal 30

Costas an aistrithe

1. Íocfaidh an Ballstát a dhéanfaidh an t-aistriú as na costais is gá chun iarratasóir nó duine eile amhail dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(c) nó (d) a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach.

2. I gcás nach foláir an duine lena mbaineann a aistriú ar ais chuig Ballstát, de bharr aistrithe earráidigh nó cinnidh aistrithe a cuireadh ar neamhní ar achomharc nó ar athbheithniú tar éis don aistriú a bheith tugtha i gcrích, beidh an Ballstát a thug an t-aistriú i gcrích i dtús báire freagrach as na costais chun an duine lena mbaineann a aistriú ar ais ina chríoch.

3. Ní bheidh ar dhaoine a bheidh le haistriú de bhun an Rialacháin seo íoc as costais na n-aistrithe sin.

Airteagal 31

Malartú faisnéise ábhartha sula gcuirfean aistriú i gcrích.

1. Cuirfidh an Ballstát a dhéanfaidh iarratasóir nó duine eile amhail dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(c) nó (d) a aistriú in iúl don Bhallstát atá freagrach aon sonraí pearsanta a bhaineann leis an duine a bheidh le haistriú, agus a bheidh iomchuí, ábhartha agus nach mbeidh iomarcach chun a áirithiú go mbeidh na húdaráis inniúla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta sa Bhallstát atá freagrach, in ann cúnaimh leordhóthanach a chur ar fáil don duine sin, agus chuige sin amháin, lena n-áirítear an cúram sláinte láithreach a bheidh riachtanach chun a leas rithábachtach a chosaint, agus d'fhonn leanúnachas a áirithiú sa chosaint agus sna cearta a thugtar leis an Rialachán seo agus le hionstraimí ábhartha dlíthiúla eile maidir le tearmainn. Cuirfean na sonraí sin in iúl don Bhallstát atá freagrach laistigh de thréimhse réasúnta ama sula dtabharfar aistriú i gcrích, chun a áirithiú go mbeidh go leor ama ag a údaráis inniúla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta chun na bearta is gá a ghlacadh.

2. An Ballstát a dhéanfaidh an t-aistriú, a mhéad a bheidh faisnéis den sórt sin ar fáil don údarás inniúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, déanfaidh sé aon fhaisnéis a bheidh riachtanach chun coimirce a thabhairt do chearta agus do riachtanais speisialta láithreacha an duine atá le haistriú a thabhairt don Ballstát atá freagrach, agus go háirithe:

- (a) aon bhearta láithreacha nach mór don Ballstát atá freagrach a dhéanamh lena áirithiú go dtabharfar aghaidh ar bhealach leordhóthanach ar riachtanas speisialta an duine a bheidh le haistriú, lena n-áirítear aon chúram sláinte láithreach a mbeidh gá leis;
- (b) sonraí teagmhála ball teaghlaigh, nó leanaí, siblí, tuismitheoirí nó gaoltashiblí eile sa Bhallstát is faighteoir, i gcás inarb infheidhme;
- (c) i gcás mionaoiseach, faisnéis faoina n-oideachais;
- (d) measúnú ar aois an iarratasóra.

3. Ní mhalartófar faisnéis faoin Airteagal seo ach amháin idir na húdaráis a dtabharfar fógra don Choimisiún fúthu i gcomhréir le hAirteagal 35 den Rialachán seo trí úsáid a bhaint as an ngréasán cumarsáide leictreonáil "DubliNet" a bunaíodh faoi Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003. Ní bhainfeadh úsáid as an bhfaisnéis a mhalartófar ach amháin chun na gcríoch atá leagtha síos i mír 1 den Airteagal seo agus ní dhéanfar é a phróiseáil tuilleadh.

4. D'fhonn malartú faisnéise idir Ballstáit a éascú, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, foirm chaighdeánach chun na sonraí a tharchur is gá de bhun an Airteagail seo a tharraingt suas. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar síos in Airteagal 44(2).

5. Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos in Airteagal 34(8) go (12) maidir le malartú faisnéise de bhun an Airteagail seo.

Airteagal 32

Malartú sonraí sláinte sula gcuirfeadh an t-aistriú i gcrích

1. Chun cúram nó cóireáil leighis a sholáthar, agus chuige sin amháin, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine aosta, do mhná torracha, do mhionaoisigh agus do dhaoine a d'fhulaing céastóireacht, éagnú nó foirmeacha tromchúiseacha eile foréigin siceolaíoch, fhisicigh nó ghnéis, tarchuirfidh an Ballstát a dhéanfaidh an t-aistriú, a mhéad a bheidh an faisnéis sin ar fáil don údarás inniúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, faisnéis faoi aon riachtanais speisialta a bheidh ag an duine a bheidh le haistriú chuig an mBallstát atá freagrach, ar faisnéis í a d'fhéadfaidh a chuimsiú, i gcásanna áirithe, faisnéis maidir le staid fhisiceach agus mheabhrach sláinte an duine sin. Déanfar an fhaisnéis sin a aistriú i dteastas sláinte coitianta agus beidh na doiciméid riachtanacha i gceangal leis. Áiritheoidh an Ballstát atá freagrach go gcomhlíonfar na riachtanais speisialta sin go sásúil, lena n-áirítear aon chúram leighis riachtanach a bhféadfaidh fhéadfaidh gá a bheith leis.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, teastas sláinte coitianta a tharraingt suas. Déanfar na

gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar síos in Airteagal 44(2).

2. Tarchuirfidh an Ballstát a dhéanfaidh an t-aistriú an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 chuig an mBallstát atá freagrach tar éis dó toiliú sainráite an iarratasóra agus/nó a ionadaí nó a hionadaí a fháil nó, muna bhfuil an t-iarratasóir in ann go fisiciúil nó go dleathach a thoiliú nó a toiliú a thabhairt, nuair is gá toiliú den sórt sin a thabhairt chun leas an iarratasóra nó duine eile a chosaint. Ní chuirfeadh bac ar an aistriú le heaspa toilithe, lena n-áirítear toiliú a dhiúltú.

3. Ní dhéanfar sonraí phearsanta sláinte dá dtagraítear i mír 1 a phróiseáil ach ag gairmí sláinte a bheidh faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla, faoin dlí náisiúnta nó faoi rialacha arna mbunú ag comhlachtaí náisiúnta inniúla, nó ag duine eile a bheidh faoi réir oibleagáide comhbhéis na rúndachta gairmiúla.

4. Ní mhalartófar faisnéis faoin Airteagal seo ach amháin idir gairmithe sláinte nó daoine eile dá dtagraítear i mír 3. Ní bhainfeadh úsáid as an bhfaisnéis a mhalartófar ach amháin chun na gcríoch a leagtar síos i mír 1 agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh.

5. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, coinníollacha aonfhoirmeacha agus socrúithe praiticiúla a ghlacadh chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a mhalartú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar síos in Airteagal 44(2).

6. Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos in Airteagal 34(8) go (12) maidir le malartú faisnéise de bhun an Airteagail seo.

Airteagal 33

Sásra le haghaidh réamhrabhaidh, ullmhacht agus bainistiú géarchéime

1. I gcás ina suffidh an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise a bhaileoidh an Oifig Eorpach um Thacaíocht don Chóras Tearmainn (EASO) de bhun Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 go háirithe, go bhféadfaí cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur i mbaol mar gheall ar bhaol réasúnaithe maidir le brú faoi leith a chuirtear ar chóras tearmainn Ballstáit agus/nó maidir le fadhbanna a bhaineann le feidhmiú an chórais tearmainn de chuid Ballstáit, déanfaidh sé, i gcomhar le EASO, moltaí don Ballstát sin, ina n-iarrfar air plean coiscitheach gníomhaíochta a dhreachtú.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann in iúl an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas an mbeartaíonn sé plean coiscitheach gníomhaíochta a tharraingt suas chun go bhféadfar brú agus/nó fadhbanna a bhfeidhmiú a chórais tearmainn a shárú agus á áirithiú ag an am céanna go gcosnófar cearta bunúsacha na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

Féadfaidh Ballstát, dá rogha féin agus ar a thionscnamh féin, plean coiscitheach gníomhaíochta a dhreachtú, chomh maith leis na hathbhreithnithe a dhéanfar air ina dhiaidh sin. Agus plean coiscitheach gníomhaíochta á dhreachtú ag an mBallstát, féadfaidh sé cúnaimh a iarraidh ar an gCoimisiún, ar Bhallstáit eile, ar EASO agus ar ghníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais.

2. I gcás ina dtarraingeofar suas plean coisctheach gníomhaíochta, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an plean sin isteach, agus déanfaidh sé tuairisciú tráthrialta ar a chur chun feidhme chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas ina dhiaidh sin faoi phríomhghnéithe an phlean choiscthigh gníomhaíochta. Cuirfidh an Coimisiún tuarascálacha faoi chur chun feidhme an phlean faoi bhráid na Comhairle agus tarchuirfidh sé tuarascálacha maidir lena chur chun feidhme chuig Parlaimint na hEorpa.

Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann na bearta iomchuí chun dul i ngleic le suíomh ina mbeidh brú faoi leith ar a chóras tearmainn nó lena áirithiú go dtabharfar aghaidh ar na fadhbanna a aithneofar sula n-éireoidh an cás níos measa. I gcás ina n-áireofar sa phlean coisctheach gníomhaíochta bearta lena ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar an mbrú faoi leith atá ar chóras tearmainn Ballstáit, a bhféadfaí cur i bhfeidhmiú an Rialacháin sin a chur i mbaol, déanfaidh an Coimisiún comhairle a lorg ó EASO sula dtabharfaidh sé tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

3. I gcás ina suífidh an Coimisiún, ar bhonn comhairle EASO nár ceartaíodh le cur chun feidhme an phlean choiscthigh gníomhaíochta na heaspaí a aithníodh nó i gcás ina mbeidh baol tromchúiseach ann go n-eascróidh géarchéim as an suíomh sa Bhallstát lena mbaineann maidir le tearmann agus nach dóigh go ndéanfar é a réiteach le plean coisctheach gníomhaíochta, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar le EASO de réir mar is infheidhme, a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann plean gníomhaíochta bainistithe géarchéime a tharraingt suas agus, i gcás inar gá, na hathbhreithnithe a dhéanfar ar an bplean sin a ullmhú. Áiritheofar leis an bplean gníomhaíochta bainistithe géarchéime, síos tríd an bpróiseas uilig, don luathrabhadh, don ullmhacht agus do bhainistiú géarchéime go gcomhlíonfar acquis thearmainn an Aontais, go háirithe i gcás chearta bunúsacha na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

Tar éis an iarraidh a fháil plean gníomhaíochta bainistithe géarchéime a tharraingt suas, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, i gcomhar leis an gCoimisiún agus EASO, é sin go pras, agus ar a dhéanaí laistigh de thrí mhí ón iarratas.

Tíolacfaidh an Ballstát lena mbaineann a phlean gníomhaíochta bainistithe géarchéime agus tuairisceoidh sé, gach trí mhí ar a laghad, chuig an gCoimisiún agus chuig na geallsealbhóirí ábhartha eile, amhail EASO, de réir mar is iomchuí, faoina chur chun feidhme.

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin bplean gníomhaíochta bainistithe géarchéime, faoi athbhreithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh agus faoi chur chun feidhme an phlean. Sna tuarascálacha sin, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann tuarascáil ar shonraí chun faireachán a dhéanamh an bhfuil an plean gníomhaíochta bainistithe géarchéime á chomhlíonadh, amhail fad an nós imeachta, na coinníollacha coinneála agus an cumas glactha maidir le plódú na n-iarratasóirí.

4. Déanfaidh an Chomhairle faireachán géar ar an suíomh le linn an phróisis ar fad don luathrabhadh, don ullmhacht agus do bhainistiú géarchéime a bhunaítear leis an Rialachán seo, agus féadfaidh sí tuilleadh faisnéise a iarraidh agus treoir pholaitiúil a chur ar fáil, go háirithe maidir le práinn agus le déine na staide, agus, ar an dul sin, ar an ngá go ndrúachtóidh Ballstát plean coisctheach gníomhaíochta nó, más gá, plean gníomhaíochta bainistithe géarchéime. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, i rith an phróisis iomláin, plé a dhéanamh agus treoir a chur ar fáil faoi aon bhearta dlúthpháirtíochta a mheasfaidh siad a bheith iomchuí.

CAIBIDIL VII

COMHAR RIARACHÁIN

Airteagal 34

Faisnéis a roinnt

1. Cuirfidh gach Ballstát in iúl d'aon Bhallstát a iarraidh sin sonraí phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir, de réir mar is iomchuí, ábhartha agus nach bhfuil iomarach chun:

- (a) an Ballstát atá freagrach a chinneadh;
- (b) an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú;
- (c) aon oibleagáid a eascraíonn faoin Rialachán seo a chur chun feidhme.

2. Ní chumhdóidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ach:

- (a) sonraí pearsanta an iarratasóra agus, i gcás inarb iomchuí, sonraí pearsanta bhail a theaghlaiigh nó a teaghlaiigh, a leanaí, a shiblííní nó a siblííní, a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí, nó gaolta eile dá chuid nó dá cuid (ainm iomlán agus, i gcás inarb iomchuí, sean-ainm; leasainmneacha nó ainmneacha bréige; náisiúntacht, i láthair na huaire agus cheana; dáta breithe agus ionad breithe);
- (b) céannacht agus páipéir taistil (tagairtí, bailíocht, dáta eisithe, údarás eisithe, ionad eisithe, etc.);
- (c) faisnéis eile is gá chun céannacht an iarrthóra a dheimhniú, lena n-áirítear méarloirg a phróiseálfar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 603/2013;

- (d) áiteanna cónaithe agus agus bealaí taistil;
- (e) doiciméid chónaithe nó víosaí a d'eisigh Ballstát;
- (f) an áit inar taisceadh an t-iarratas;
- (g) an dáta ar ar taisceadh aon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta cheana, an dáta ar ar taisceadh an t-iarratas láithreach, an staid a shroich na himeachtaí agus an cinneadh a glacadh, más ann.

3. Thairis sin, ar choinníoll go mbeidh gá leis don scrúdú ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, féadfaidh an Ballstát atá freagrach iarraidh ar Bhallstát eile é a chur ar an eolas faoi na forais a mbeidh iarratas an iarratasóra bunaithe orthu agus, i gcás inarb infheidhme, faoi fhorais aon chinnidh a glacadh i leith an iarratasóra. Féadfaidh an Ballstát eile diúltú freagra a thabhairt ar an iarraidh a taisceadh leis, más dóigh go ndéanfaí dochar dá leasa riachtanach nó do chosaint saoirsí agus chearta bunúsacha an duine lena mbaineann nó daoine eile tríd an bhfaisnéis sin a thabhairt. Ar aon nós, beidh páirtíú na faisnéise a iarradh faoi réir fhoras i scríbhinn an iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta, a gheobhaidh an Ballstát iarrthach. Sa chás sin, ní mór don iarratasóir bheith eolach ar an bhfaisnéis shonrach a mbeidh sé nó sí ag tabhairt fomheasa ina leith.

4. Ní sheolfar aon iarraidh ar fhaisnéis ach i gcomthéacs iarratais ar leith ar chosaint idirnáisiúnta. Leagfar amach inti na forais ar a mbeidh sé bunaithe agus, nuair is í an aidhm a bheidh léi fiosrú lena sheiceáil an bhfuil critéar ann ar dóigh dó freagracht a chur ar an mBallstát iarrtha, sonrú ar an fhianaise, lena n-áirítear faisnéis ábhartha ó fhoinse iontaoifa ar na bealaí agus na modhanna a mbaineann iarratasóirí leas astu chun iontráil i gcricheanna na mBallstát, nó cad é an chuid shonrach agus infhíoraithe de ráiteas an iarratasóra ar a mbeidh sí bunaithe. Tuigtear nach leor inti féin an fhaisnéis ábhartha sin ó fhoinse iontaoifa chun freagracht agus inniúlacht Ballstáit a chinneadh faoin Rialachán seo, ach d'fhéadfadh sé rannchuidiú le meastóireacht sonraí eile maidir le hiarratasóir ar leith.

5. Beidh ar an mBallstát iarrtha freagra a thabhairt laistigh de chúig seachtaine. Tabharfar údar cuí le haon mhoill ar an bhfreagra. Ní scaoilfear an Ballstát iarrtha ón oibleagáid freagra a thabhairt mura gclóítear leis an teorainn ama cúig seachtaine. Má tharlaíonn sé go gcuireann taighde a dhéanfaidh an Ballstát iarrtha, ar taighde é nach ndearnadh laistigh den teorainn ama uasta, faisnéis ar fáil a léiríonn go bhfuil sé freagrach, ní féidir leis an mBallstát sin dul in éag na dteorannacha ama dá bhforáiltear in Airteagal 21, Airteagal 23 agus Airteagal 24 a agairt mar údar le diúltú d'iarraidh duine a ghabháil ar láimh nó duine a ghabháil ar ais a chomhlíonadh. Sa chás sin, cuirfear tréimhse ama leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear in Airteagal 21, Airteagal 23 agus Airteagal 24 chun iarraidh a dhéanamh ar dhuine a ghabháil ar láimh nó a ghabháil ar ais a bheidh comhionann leis an moill a bhí ann maidir le freagra a fháil ón mBallstát iarrtha.

6. Malartófar faisnéis arna iarraidh sin ó Bhallstát agus ní fhéadfar faisnéis a mhalartú ach amháin idir údarais ar chuir gach Ballstát a aimnigh iad é sin in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 35(1).

7. Ní fhéadfar úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a mhalartófar ach amháin chun na gcríoch a leagtar síos i mír 1. I ngach Ballstát, ní fhéadfar an fhaisnéis sin, ag brath ar an gcineál faisnéise a bheidh i gceist agus cumhachtaí an údarais a gheobhaidh an fhaisnéis, a chur in iúl ach amháin do na húdarais agus na cúirteanna agus na binsí a mbeidh sé de chúram orthu:

- (a) an Ballstát atá freagrach a chinneadh;
- (b) an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú;
- (c) aon oibleagáid a eascróidh as an Rialachán seo a chur chun feidhme.

8. Áiritheoidh an Ballstát a chuirfidh an fhaisnéis ar aghaidh go mbeidh sí cruinn agus cothrom le dáta. Má thagann sé chun solais gur chuir sé faisnéis ar aghaidh atá míchruinn nó nár cheart í a chur ar aghaidh, cuirfear na Ballstáit a fuair an fhaisnéis ar an eolas láithreach. Beidh sé d'oibleagáid orthu an fhaisnéis sin a cheartú nó a áirithiú go scriosfar í.

9. Beidh sé de cheart ag an iarratasóir fógra a fháil, arna iarraidh sin dó, faoi aon sonraí a phróiseálfar a bhaineann leis nó léi.

Má fhaigheann an t-iarratasóir amach gur próiseáladh na sonraí sin de sháru ar an Rialachán seo nó ar Threoir 95/46/CE, go háirithe toisc go bhfuil siad neamhiomlán nó míchruinn, beidh sé nó sí i dteideal a éileamh go gceartófaí nó go scriosfaí iad.

Cuirfidh an t-údarás a cheartóidh nó a scriosfaidh na sonraí, mar is iomchuí, an Ballstát a thraschuirfidh nó a gheobhaidh an fhaisnéis ar an eolas.

Beidh sé de cheart ag an iarratasóir caingean a thabhairt nó gearán a chur faoi bhráid údarais inniúla nó chúirteanna nó bhinsí an Bhallstáit sin a dhiúltaigh ceart rochtana ar na sonraí nó ceart chun sonraí a bhain leis nó léi a cheartú nó a scriosadh.

10. I ngach Ballstát lena mbaineann, coimeádfar taifead, sa chomhad aonair don duine lena mbaineann agus/nó i gclár, ar thraschur agus fáil na faisnéise a mhalartófar.

11. Coimeádfar na sonraí a mhalartófar ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse is gá chun na gcríoch ar chucu a malartaíodh iad.

12. I gcás nach bpróiseálfar na sonraí go huathoibríoch nó nach bhfuil siad á gcur isteach i gcomhad, nó nach bhfuil rún é sin a dhéanamh, déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar an tAirteagal seo trí bhíthin seiceálacha éifeachtúla.

Airteagal 35

Údaráis inniúla agus acmhainní

1. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún gan mhoill faoi na húdaráis shonracha a bheidh freagrach as na hoibleagáidí a eascróidh as an Rialachán seo, agus as aon leasuithe air, a chomhlíonadh. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na hacmhainní is gá ag na húdaráis sin chun a gcúraimí a chur i gcrích agus go háirithe chun freagra a thabhairt laistigh de na teorainneacha ama a fhorordófar ar iarrataí ar fhaisnéis, iarrataí iarrthóirí tearmainn a ghabháil ar láimh agus iarrataí iarratasóirí a ghabháil ar ais.

2. Foilseoidh an Coimisiún liosta comhdhlúite na n-údarás dá dtagraítear i mír 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcás ina ndéanfar leasuithe air, foilseoidh an Coimisiún liosta comhdhlúite nuashonraithe uair sa bhliain.

3. Gheobhaidh na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 an oiliúint chuí maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir le sruthanna sábháilte tarchuir leictreonaigh a bhunú idir na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 chun iarrataí, freagraí agus gach comhfhreagras i scríbhinn a tharchur agus chun a áirithiú go bhfaighidh seoltóirí cruthúnas leictreonach uathoibríoch ar an seachadadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(2).

Airteagal 36

Socruithe riaracháin

1. Féadfaidh Ballstáit, ar bhonn déthaobhach, socruithe riaracháin a bhunú eatarthu féin i ndáil le sonraí praiticiúla chur chun feidhme an Rialacháin seo, d'fhonn a chur i bhfeidhm a éascú agus a éifeachtúlacht a mhéadú. D'fhéadfaí baint a bheith ag na socruithe sin le:

- (a) malartú oifigeach idirchaidrimh;
- (b) simpliú na nósanna imeachta agus giorrú ar na teorainneacha ama a bhaineann le tarchur agus scrúdú ar iarrataí ar iarratasóirí a ghabháil ar láimh nó a ghabháil ar ais.

2. Féadfaidh na Ballstáit na socruithe riaracháin a tugadh chun críche faoi Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 a choimeád

freisin. A mhéad nach mbeidh na socruithe sin i gcomhréir leis an Rialachán seo, leasóidh na Ballstáit lena mbaineann na socruithe ar bhealach ina gcuirfear deireadh le haon neamhréireachtaí a thabharfar faoi deara.

3. Sula dtabharfar aon socrú dá dtagraítear i mír 1(b) chun críche nó sula ndéanfar leasú air, rachaidh na Ballstáit lena mbaineann i gcomhairle leis an gCoimisiún faoi chomhréireacht an tsocraithe leis an Rialachán sin.

4. Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil na socruithe dá dtagraítear i mír 1(b) i gcomhréir leis an Rialachán sin, tabharfaidh sé fógra don Bhallstát lena mbaineann, laistigh de thréimhse réasúnta ama. Glacfaidh na Ballstáit na céimeanna iomchuí uile chun an socrú a bheidh i gceist a leasú taobh istigh de thréimhse réasúnta ama ar bhealach ina gcuirfear deireadh le haon neamhréireachtaí a thugtar faoi deara.

5. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na socruithe uile dá dtagraítear i mír 1 agus faoi aon séanadh a dhéanfar ina leith nó faoi aon leasú a dhéanfar orthu.

CAIBIDIL VIII

IDIR-RÉITEACH

Airteagal 37

Idir-réiteach

1. I gcás nach mbeidh na Ballstáit in ann díospóid maidir le haon cheist a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a réiteach, féadfaidh siad leas a bhaint as an nós imeachta idir-réitigh dá bhforáiltear i mír 2.

2. Tionscnófar an nós imeachta idir-réitigh le hiarraidh ó cheann de na Ballstáit sa díospóid chuig Cathaoirleach an Choiste a bhunófar le hAirteagal 44. Trí aontú le húsáid an nós imeachta idir-réitigh, gabhfaidh na Ballstáit lena mbaineann an réiteach a bheidh molta a chur san áireamh go lánmhaith.

Ceapfaidh Cathaoirleach an Choiste tríur ball den Choiste, a dhéanfaidh ionadaíocht ar thrí Bhallstát nach mbeidh baint acu leis an gceist. Gheobhaidh siad argóintí na bpáirtithe i scríbhinn nó ó bhéal agus, tar éis plé, molfaidh siad réiteach laistigh de mhí amháin, tar éis vóta a chaitheamh i gcás inar gá.

Beidh Cathaoirleach an Choiste, nó a ionadaí, i gceannas ar an bplé. Féadfaidh sé a thuairim a chur in iúl ach ní fhéadfaidh sé vóta a chaitheamh.

Cibé a ghlacfaidh na páirtithe leis nó a dhiúltoídh siad é, beidh an réiteach a bheidh beartaithe críochnaitheach agus neamh-inchúlghairthe.

CAIBIDIL IX

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 38***Slándáil sonraí agus cosaint sonraí**

Déanfaidh na Ballstáit gach bearta is iomchuí le slándáil na sonraí pearsanta a tharchuirfead a áirithiú agus go háirithe chun nach dtabharfar rochtain neamhdhleathach nó neamhúdairithe ar na sonraí pearsanta a próiseáladh, nó chun nochtadh, athrú nó cailliúint na sonraí sin a sheachaint.

Forálfaidh gach Ballstát go ndéanfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta nó na húdaráis a ainmníodh de bhun Airteagal 28(1) de Threoir 95/46/CE faireachán neamhspleách, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta faoi seach, ar dhlíthiúlacht na próiseála a dhéanfaidh an Ballstát lena mbaineann ar shonraí pearsanta, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

*Airteagal 39***Rúndacht**

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 35 faoi cheangal na rialacha rúndachta dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta, maidir le haon fhaisnéis a gheobhaidh siad le linn a gcuid oibre.

*Airteagal 40***Pionóis**

Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go bhféadfar pionóis, a bheidh éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach, a fhorchur as aon mhí-úsáid a bhaint as sonraí a phróiseálfar i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n-áirítear pionóis riaracháin agus/nó pionóis choiriúla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

*Airteagal 41***Bearta idirthréimhseacha**

I gcás ina dtaiscfear iarratas tar éis an dáta a luaitear sa dara mír d'Airteagal 49, cuirfead san áireamh na heachtraí ar dóigh go gcuirfí freagracht ar Bhallstát faoin Rialachán seo dá mbarr, fiú dá mba rud é gur tharla siad roimh an dáta sin, ach amháin na heachtraí a luaitear in Airteagal 13(2).

*Airteagal 42***Ríomh na dtéorainneacha ama**

Déanfar aon achar ama a fhorordaítear sa Rialachán seo a ríomh mar seo a leanas:

- (a) i gcás ina ríomhfar tréimhse a shloinntear i laethanta, seachtainí nó míonna ón am ag a dtarlaíonn eachtra nó ag a ndéantar beart, ní ríomhfar an lá ar a dtarlaíonn an eachtra sin nó ar a ndéantar an beart sin mar lá laistigh den tréimhse a bheidh i gceist;

- (b) críochnóidh tréimhse a shloinntear i seachtainí nó míonna ag deireadh cibé lá sa tseachtain nó sa mhí dheiridh arb ionann é agus an lá céanna den tseachtain nó arb é an dáta céanna agus an lá ar tharla an eachtra nó a rinneadh an beart óna ríomhfar an tréimhse. Más rud é, i dtréimhse a shloinntear i míonna, nach lá sa mhí dheiridh é an lá ar cheart don tréimhse críochnú, críochnóidh an tréimhse nuair a thiofadh deireadh le lá deiridh na míosa sin;

- (c) beidh Satharn, Domhnach agus laethanta saoire oifigiúla in aon cheann de na Ballstáit lena mbaineann san áireamh sna teorainneacha ama.

*Airteagal 43***Raon feidhme críche**

A mhéad a bhainfidh sé le Poblacht na Fraince, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach amháin i ndáil lena críoch Eorpach.

*Airteagal 44***Coiste**

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialacháin (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an coiste tuairim uaidh, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 45***An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Tabharfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(5) agus Airteagal 16(3) don Choimisiún ar feadh tréimhse 5 bliana tar éis an dáta a dtiofadh an Rialachán seo i bhfeidhm. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear dá dtagraítear in Airteagal 8(5) agus Airteagal 16(3) a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní bheidh éifeacht aige ar bhailíocht aon gníomhartha cur chun feidhme atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmhligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiofadh gníomh tarmhligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(5) agus Airteagal 16(3) i bhfeidhm ach i gcás nach ndearna Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse ceithre mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó, roimh dhul in éag na tréimhse sin, gur thug Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon le fios don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid i gcoinne an ghnímh. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

Airteagal 46

Faireachán agus meastóireacht

Faoin 21 Iúil 2016, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus, i gcás inarb iomchuí, molfaidh sé na leasuithe is gá. Cuirfidh na Ballstáit ar aghaidh chuig an gCoimisiún gach faisnéis is cuí chun an tuarascáil sin a ullmhú, ar a dhéanaí sé mhí sula rachaidh an teorainn ama sin in éag.

Tar éis dó an tuarascáil sin a thíolacadh, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ag an am céanna is a chuirfidh sé tuarascálacha ar chur chun feidhme chóras Eurodac dá bhforáiltear in Airteagal 40 de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013.

Airteagal 47

Staidreamh

I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta ⁽¹⁾, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Chomisiún (Eurostat), staidreamh maidir le cur i

bhfeidhm an Rialacháin seo agus Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003.

Airteagal 48

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 343/2003.

Aisghairtear Airteagail 11(1), 13, 14 agus 17 de Rialachán (CÉ) Uimh. 1560/2003.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe nó do na hAirteagail aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

Airteagal 49

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a thaiscfear ón gcéad lá den séú mhí tar éis a theacht i bhfeidhm agus, ón dáta sin, beidh feidhm aige maidir le haon iarraidh ar iarrthóirí tearmainn a ghabháil ar láimh nó iarratasóirí a ghabháil ar ais, is cuma cén dáta a rinneadh an t-iarratas. Glacfar cinneadh maidir leis an mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh roimh an dáta sin i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 343/2003.

Déanfar tagairtí sa Rialachán seo do Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, do Threoir 2013/32/AE, agus do Threoir 2013/33/AE a fhorléiriú, go dtí dáta a gcur i bhfeidhm, mar thagairtí do Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 ⁽²⁾, do Threoir 2003/9/CE ⁽³⁾ agus do Threoir 2005/85/CE ⁽⁴⁾ faoi seach.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. SHATTER

⁽¹⁾ IO L 199, 31.7.2007, lch. 23.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 ón gComhairle an 11 Nollaig 2000 maidir le "Eurodac" a bhunú chun méarloing a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath (IO L 316, 15. 12.2000, lch. 1).

⁽³⁾ Treoir 2003/9/CE ón gComhairle maidir le caighdeáin fosta i ndáil le glacadh le hiarrthóirí tearmainn (IO L 31, 6.2.2003, lch. 18).

⁽⁴⁾ Treoir 2005/85/CE ón gComhairle maidir le caighdeáin fosta i ndáil le nósanna imeachta i mBallstáit chun stádas dídeanaí a bhronnadh nó a aistarraingt (IO L 326, 13.12.2005, lch. 13).

*IARSCRÍBHINN I***Rialacháin aisghairthe (dá dtagraítear in Airteagal 48)**

Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 ón gComhairle

(IO L 50, 25.2.2003, lch. 1)

Rialachán (CE Uimh. 1560/2003) ón gCoimisiún Airteagail 11(1), 13, 14 agus 17 amháin.

(IO L 222, 5.9.2003, lch. 3)

IARSCRÍBHINN II

Tábla comhghaoil

Rialachán (CE) Uimh. 343/2003	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2(a)	Airteagal 2(a)
Airteagal 2(b)	Scríosta
Airteagal 2(c)	Airteagal 2(b)
Airteagal 2(d)	Airteagal 2(c)
Airteagal 2(e)	Airteagal 2(d)
Airteagal 2(f)	Airteagal 2(e)
Airteagal 2(g)	Airteagal 2(f)
—	Airteagal 2(h)
—	Airteagal 2(i)
Airteagal 2(h)	Airteagal 2(j)
Airteagal 2(i)	Airteagal 2(g)
—	Airteagal 2(k)
Airteagal 2(j) agus (k)	Airteagal 2(l) agus (m)
—	Airteagal 2(n)
Airteagal 3(1)	Airteagal 3(1)
Airteagal 3(2)	Airteagal 17(1)
Airteagal 3(3)	Airteagal 3(3)
Airteagal 3(4)	Airteagal 4(1), réamhrá
—	Airteagal 4(1)(a) go (f)
—	Airteagal 4(2) agus (3)
Airteagal 4(1) go (5)	Airteagal 20(1) go (5)
—	Airteagal 20(5), an tríú fomhír
—	Airteagal 5
—	Airteagal 6
Airteagal 5(1)	Airteagal 7(1)
Airteagal 5(2)	Airteagal 7(2)
—	Airteagal 7(3)
Airteagal 6, an chéad mhír	Airteagal 8(1)
—	Airteagal 8(3)
Airteagal 6, an dara mír	Airteagal 8(4)
Airteagal 7	Airteagal 9

Rialachán (CE) Uimh. 343/2003	An Rialachán seo
Airteagal 8	Airteagal 10
Airteagal 9	Airteagal 12
Airteagal 10	Airteagal 13
Airteagal 11	Airteagal 14
Airteagal 12	Airteagal 15
—	Airteagal 16
Airteagal 13	Airteagal 3(2)
Airteagal 14	Airteagal 11
Airteagal 15(1)	Airteagal 17(2), an chéad fhomhír
Airteagal 15(2)	Airteagal 16(1)
Airteagal 15(3)	Airteagal 8(2)
Airteagal 15(4)	Airteagal 17(2), an ceathrú fomhír
Airteagal 15(5)	Airteagail 8(5) agus (6) agus Airteagal 16(2)
Airteagal 16(1)(a)	Airteagal 18(1)(a)
Airteagal 16(1)(b)	Airteagal 18(2)
Airteagal 16(1)(c)	Airteagal 18(1)(b)
Airteagal 16(1)(d)	Airteagal 18(1)(c)
Airteagal 16(1)(e)	Airteagal 18(1)(d)
Airteagal 16(2)	Airteagal 19(1)
Airteagal 16(3)	Airteagal 19(2), an chéad fhomhír
—	Airteagal 19(2), an dara fomhír
Airteagal 16(4)	Airteagal 19(3)
—	Airteagal 19(3), an dara fomhír
Airteagal 17	Airteagal 21
Airteagal 18	Airteagal 22
Airteagal 19(1)	Airteagal 26(1)
Airteagal 19(2)	Airteagal 26(2) agus Airteagal 27(1)
—	Airteagal 27(2) go (6)
Airteagal 19(3)	Airteagal 29(1)
Airteagal 19(4)	Airteagal 29(2)
—	Airteagal 29(3)
Airteagal 19(5)	Airteagal 29(4)
Airteagal 20(1), réamhrá	Airteagal 23(1)
—	Airteagal 23(2)
—	Airteagal 23(3)

Rialachán (CE) Uimh. 343/2003	An Rialachán seo
—	Airteagal 23(4)
Airteagal 20(1)(a)	Airteagal 23(5), an chéad fhomhír
—	Airteagal 24
Airteagal 20(1)(b)	Airteagal 25(1)
Airteagal 20(1)(c)	Airteagal 25(2)
Airteagal 20(1)(d)	Airteagal 29(1), an chéad fhomhír
Airteagal 20(1)(e)	Airteagal 26(1), (2), Airteagal 27(1), Airteagal 29(1), an dara fhomhír agus an tríú fhomhír
Airteagal 20(2)	Airteagal 29(2)
Airteagal 20(3)	Airteagal 23(5), an dara fhomhír
Airteagal 20(4)	Airteagal 29(4)
—	Airteagal 28
—	Airteagal 30
—	Airteagal 31
—	Airteagal 32
—	Airteagal 33
Airteagal 21(1) go (9)	Airteagal 34(1) go (9), an chéad go dtí an tríú fhomhír
—	Airteagal 34(9), an ceathrú fhomhír
Airteagal 21(10) go (12)	Airteagal 34(10) go (12)
Airteagal 22(1)	Airteagal 35(1)
—	Airteagal 35(2)
—	Airteagal 35(3)
Airteagal 22(2)	Airteagal 35(4)
Airteagal 23	Airteagal 36
—	Airteagal 37
—	Airteagal 40
Airteagal 24(1)	Scríosta
Airteagal 24(2)	Airteagal 41
Airteagal 24(3)	—
Airteagal 25(1)	Airteagal 42
Airteagal 25(2)	—
Airteagal 26	Airteagal 43

Rialachán (CE) Uimh. 343/2003	An Rialachán seo
Airteagal 27(1), (2)	Airteagal 44(1), (2)
Airteagal 27(3)	—
—	Airteagal 45
Airteagal 28	Airteagal 46
—	Airteagal 47
—	Airteagal 48
Airteagal 29	Airteagal 49

Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003	An Rialachán seo
Airteagal 11(1)	—
Airteagal 13(1)	Airteagal 17(2), an chéad fhomhír
Airteagal 13(2)	Airteagal 17(2), an dara fhomhír
Airteagal 13(3)	Airteagal 17(2), an tríú fhomhír
Airteagal 13(4)	Airteagal 17(2), an chéad fhomhír
Airteagal 14	Airteagal 37
Airteagal 17(1)	Airteagail 9, 10, 17(2), an chéad fhomhír
Airteagal 17(2)	Airteagal 34(3)

RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE, Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOIMISIÚN

Iarrann an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún smaoineamh ar Airteagal 8(4) den Athmhúnlú ar Rialachán Bhaile Átha Cliath a athbhreithniú, gan dochar dá cheart tionscnaimh, nuair a rialóidh an Chúirt Bhreithiúnais ar Chás C-648/11 MA agus Grúpaí Eile vs. An Rúnaí Stáit don Roinn Baile agus ar a dhéanaí faoi na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 46 de Rialachán Bhaile Átha Cliath. Feidhmeoidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a n-inniúlachtaí reachtacha ansin, agus leas an linbh á chur san áireamh acu.

Toilfonn an Coimisiún, de mheon an chomhréitigh, agus lena áirithiú go nglacfar an togra láithreach, machnamh ar an iarraidh sin, agus tuigeann sé go bhfuil sin teoranta do na cúinsí sonracha sin agus nach gcruthaítear fasach leis an méid sin.

COSTAS SÍNTIÚIS 2013 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 1 300 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + DVD bliantúil	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 1 420 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 910 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, DVD míosúil (carnach)	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 100 sa bhliain
Forlónadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, DVD, eagrán amháin sa tseachtain	Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE	EUR 200 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith C — comórtais earcaíochta	Teanga(cha) de réir comórtais(as)	EUR 50 sa bhliain

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Dhá shraith atá san Iris Oifigiúil, L (Reachtaíocht) agus C (Faisnéis agus Fógraí).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, a foilsíodh in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl ceangal ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh, faoi láthair, na gníomhartha go léir a tharraingt suas as Gaeilge ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Dá bhrí sin, déantar na heagrán Gaeilge den Iris Oifigiúil a dhíol astu féin leis an bpobal.

Is éard atá san Fhorlónadh ar an Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar DVD ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat larscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi larscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Díolacháin agus síntiúis

Na síntiúis do thréimhseacháin éagsúla a gcaithfear íoc astu, amhail an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá siad ar fáil ónár n-oifigí díolacháin. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

Tairiscíonn EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu>) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: <http://europa.eu>

